# Iorras Aithneach 2011

*Carna/ Cill Chiaráin*


















**An Fóram do Phobal Ioras Aithneach** €8

# Carna/Caiseal 2011




Foireann Idirmheánach Charna/an Chaisil – roimh chluiche leath cheannais craoibhe an Chontae in aghaidh Uachtar Ard. Bhí comhsór ann sa gcéad chluiche ach chaill Carna le poinnte amháin san athimirt. Ach d'éirigh thar cionn leo sa tSraith chomórtas agus tá árdú céime fáighte acu. Bheidh siad ag imirt sa rannóg fóirne sinsir sa gContae i 2012. An fhoireann anseo:

Líne tosaigh..ó chlé – Seosamh Seoige, Seán Ó Coirbín, Colm Ó Dubháin, Seán Ó Cillín, Seán Seosamh Ó Cuirrín, Micheál Ó Cathasaigh (Más), Colmán Ó Maoilchiaráin, Dónal Ó Dúbhda, Niall Ó Cadhain, Albert Ó Conaire, Daniel Ó Conaire.

Líne cúil...ó chlé - Seosamh Ó Cathasaigh, Frank Seoige, James Ó Flatharta, Cillian Ó Coirbín, Ciarán Ó Cillín, Stiofán Ó Cuirrín, Conor Ó Cadhain, Micheál Ó Coirbín, Marcus Mac Fhlannchadha, Éamon Ó Malóid, Seán Breathnach, Páraic Ó Dubháin agus Micheál Ó Cathasaigh (Maoinis).

# Go raibh maith agaibh

Míle buíochas le chuile dhuine a thug pictiúir, ábhar, eolas agus cúnamh eile dúinn agus muid ag cuir an irisleabhair seo i dtoll a chéile.

Bhí Ann Marie Ní Fhlatharta agus Deirdre Ní Loideáin-uí Chualáin san oifig agus tá lorg a gcuid oibre ar an irisleabhar seo.

Sí Ann Marie Ní Fhlatharta agus Margaret Ní Chonaire i Ros Muc a rinne an leagan amach ar "Iorras Aithneach 2011".

Clódóirí Lurgan a phríondáil "Iorras Aithneach 2011" agus é déanta go maith acu aríst - mar atá déanta acu le 21 bliain.

Cá'r fhága muid Micheál Breathnach as an Aird Mhóir – Michael Phat Thomáis. Go fonnmhar agus go gnaíúil a thagann sé amach leis an veain ag tabhairt an irisleabhair anoir as Indreabhán gar don Nollaig i gcónaí.

Tá muid buíoch do Pheadar Ó Maoláin san rannóg cultúir agus teanga in Údarás na Gaeltachta as ucht a chúnamh don irisleabhar. Tugann Údarás na Gaeltachta áiseanna oifige dúinn freisin leis an obair a dhéanamh.

Buíochas don dream a thugann fógraí don irisleabhar "Iorras Aithneach". Is maith an aghaidh orthu go dtabharfaí trácht agus tacaíocht dóibh.

Go ligfidh Dia an tsláinte dhibh uilig.

**Coiste an Irisleabhair:**
Máirtín Ó Gríofa,
Louis Mac an Iomaire,
Deirdre Ní Loideáin-Uí Chualáin,
Seosamh Ó Cuaig,
Ann Marie Ní Fhlatharta &
Máirtín Ó Catháin.

## An Clúdach – na pictiúir

**Barr ar chlé:** Joe Cloherty as Bun na hAbhann ag críochnú an rása 10km. ag Óstán Charna i mí Dheireadh Fómhair.

**Barr ar dheis:** Daimhseoirí Iorras Aithneach buacach ag an Oireachtas i gCill Áirne i mí na Samhna. (*Sa lár*) Patrick Ó Dubháin as an Aird Mhóir a bhua an Chraobh Sinsir damhsa ar an sean nós. (*Ar chlé*) Prionsias Ó hIarnáin as Roisín na Mainíoch a bhí sa dara háit sna sinsir.
(*Ar dheis*) Breandán Ó hIarnáin as Roisín na Mainíoch, an buaiteoir sa gcomóras damhsa idir 15-18.

**Lár ar chlé:** Saoirse Bhreathnach as Cill Chiaráin in éineacht le JEDWARD ag ócáid san Ionad Coinbhinsiúin i mBaile Átha Cliath ar an 2-11-2011. Bhí Saoirse roghnaíthe ina 'hAmbassadóir do Ghaillimh' ag an ócáid seo.

**Lár ar dheis:**Ar dheis Cóilín Ó Loideáin as Roisín na Mainíoch ó dhúchas, an tUachtarán ar Chumann peile na 'Connemara Gaels' i mBoston agus Joe MacDonnchadha an cathaoirleach ar Choiste Idirnáisiúnta an Chumainn Luthchleas Gael. Tógadh an pictiúr ag comóradh 50 bliain na 'Connemara Gaels' i mBoston ar an 29-10-2011. Sé Cóilín Ó Loideáin Uachtarán na 'Connemara Gaels'.

**Íochtar ar chlé:** Beirt do 'Debs' na bliana seo. Bríd Áine Ní Mhaoilchiaráin as an mBantrach Ard ar chlé agus Margaret Ann Ní hAllmhuráin ar dheis.

**Íochtar ar dheis:** Mae Uí Chathasaigh (Ní Fhlatharta) agus a hiníon Martha Mary (4 mhí) agus an tIonad nua Cúram Leanaí sa gcúlra.

# An Clár


3. **Fáilte go "Iorras Aithneach 2001**
Máirtín Ó Cadhain

5. I nGáirdín Dé,
Céad Fáilte Romhaidh.
6. Sonas Oraibh,
Líon Gasúr
Bunscoileanna 2011.
7. An líon daoine sa bpobal ó 1840 - 2011 & na DEDs.
10. Aoisghrúpaí an phobal 2011,
Toghcháin & Vótáil
sa bPobal.

14. **Scéalta 2011**

21. **Ionad Cuimhneacháin na nImirceach**

25. **Feachtas a thosaigh i 2003 tugtha chun críche -**
**Ionad Cúram Leanaí**
Máirtín Ó Cadhain

32. **Bealach**

40. **Peil na nÓg 2011**

41. **Ach Tarlaíonn Míorúiltí**
Kiaran Ó Maoileáin

53. **Caoga Bliain Ó Shin - 1961**
Seosamh Ó Cuaig

63. **Ó Mhuighinis go Bhrasaíl**
An tAthair Ciaráin Mac an Iomaire & Deirdre Uí Chualáin

69. **Triúr Fear a D'imigh**

83. **I gCuimhne ar Mhuintir Sheanach Dónaill - 100 bliain ó shin**
Máirtín Ó Cadhain

89. **Na Báid a Cuireadh le Fána go Ciarraí**
Seosamh Ó Cuaig

# Coláiste Sheosaimh Teoranta

Cill Chiaráin, Cárna, Conamara, Co. na Gaillimhe



**Cúrsaí Samhraidh, Cinnireachta, Ardteiste, SCG**

**Gach Eolas ar fáil ó:**

**Ciara Nic Mhathúna,**

**Stiúrthóir Choláiste Sheosaimh,**

**Baile Beag, Inis, Co. an Chláir**

**Fón: 087-2767833**

**www.colaistesheosaimh.com**

Stiúrthóirí an Choláiste: Rita Mhic an Iomaire, Ciara Nic Mhathúna, 087-2767833

# Fáilte go "Iorras Aithneach 2011"

Shéid gálaí móra eacnamaíochta anoir agus aniar i gcaitheamh na bliana seo 2011. Bhain an ghaoithe sin croitheadh as an taobh seo tire freisin. Bhain an sioc agus an sneachta croitheadh as an bpobal freisin; bhí muid fágtha ar charraig agus an bóthar reoite. Bhí sí ar an aimsir ab fhuaire agus ba ghéire d'ar fachtas sa taobh seo tíre le na scórtha bliain. B'éigean troid mhór a dhéanamh sul ar tháinig an Chomhairle Contae i gcabhair orainn; bhí fíor-dhrochbhail ar bhóithre. Tá súil againn uilig nach mar sin a bheidh an scéal againn an Nollaig seo.



**Máirtín Ó Catháin**
Eagarthóir "Iorras Aithneach 2011"

Ní h'é amháin go ndearna an sneachta bánú ar an tír i dtús 2011 – tá bánú go leor déanta ag an imirce ar Chonamara i rith na bliana. Tá an óige dá sciobadh uainn mar a thárla go minic cheanna. Ach tá scéalta dóchais againn freisin.

Is díol suntais é an líon páistí a rugadh agus baisteadh sa bpobal i 2011. Ní dóigh go bhfaca muid an oiread páistí luaite san irisleabhar in aon bhliain amháin le cuid mhór de scór blianta. Go mbeidh rath agus sonas orthu sa saol agus ar a dtuismitheoirí agus a dteaghlaigh uilig sna blianta amach romhainn.

Tá súil againn go mbeidh "Iorras Aithneach" fós dá foilsiú teacht na Nollag ach a dtiocfaidh an t-am nuair a bheidh naíonáin na bliana seo in ann meabhair a bhaint as an irisleabhar. Ach thar aon bhlas eile tá súil againn go mbeidh deis ag naíonáin na bliana 2011 fanacht anseo agus obair a fháil sa mbaile – nó gar don bhaile – lá níos faide anonn.

Cuireann muid fáilte abhaile roimh chuile dhuine atá ag filleadh ar an bpobal an Nollaig seo; bainigí sult as an tréimhse sa mbaile. Sibhse a beidh as baile, pé ar bith áit é ar fud an domhain, tá súil againn go dtabharfaidh "Iorras Aithneach 2011" ceantar Charna agus Chill Chiaráin níos gaire don chroí.

Seo agaibh anois "Iorras Aithneach 2011".


Bainigí sult agus solamar as an irisleabhar agus go mba fearr a bheidh sibh uilig an t-am seo arís.

***Máirtín Ó Catháin***
*Eagarthóir "Iorras Aithneach 2011"*


# D Joyce Electrical
# Glynsk, Cashel



**C2 and VAT Registered**



## All Electrical Works
## 087 2813858



## Oil Boiler Service
## 087 3662713

# I nGáirdín Dé

**Daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal ó 31-10-2010 go dtí 31-10-2011**

| Ainm | Seoladh | Dáta |
|---|---|---|
| Brendan Henvey. | Sasana & Glinnsce, | 2/11/10 |
| Micil Ó Cosgora. | Más | 1/12/10 |
| James Anthony Hernon. | Bás i Sasana, curtha lena athair i Muighinis | (Gan data anseo) |
| Máire Bn Mhic Dhonncha. | Aird Thiar, | 17/12/10 |
| Pádraig Sheáin Jeaic MacDonncha | Aird Thiar & Sasana | 9/2/11. |
| Seán Greene. | Mas & Sasana | 1/4/11 |
| Úna Bairéad. | Ruisín a' Caladh, | 2/5/11 |
| Joe Mhadaoin. | Carna | 5/5/11 |
| Bairbre De Búrca, | Coill Saile | (Gan data anseo) |
| Joan Corbett. | Gaillimh, | 8/5/11 |
| Máirtín Ó Catháin. | Leitir Ard & USA, | 5/7/11 |
| Ann Kennedy. | Aird Mhóir, | 12/7/11 |
| Páraic Ó Cúaláin. | Ruisín na Manach & Londain, | 4/8/11 |
| Éamonn Ó Niadh. | Caladhfhuinnse, | 3/10/11 |
| Pádraic Mac An Iomaire (Cóil Beag) | Ruisín na Manach Atha Cliath, | 13/10/11 |
| Máirín Keane, | Muighros, | 29/10/11 |

# Céad Fáilte Romhaibh

***Baisteadh na gasúir seo leanas i bParóiste Iorras Aithneach idir Samhain 2010 & Samhain 2011:***

Mollie Aoibh Ní Chúaláin.
Róisín Cliona Nic Craith.
Aoibhe Bridget McSherry.
Chloe Fernandez Ridge.
Maggie Mae Ní Fhlátharta.
Éanna Joseph Ó Conghaile.
Claire Marie Ní Mhaoilchiaráin.
David John Kelly.
Seosamh Kenny.
Róisín Una NicDhonncha.
Luke Oisín Mac An Iomaire.
Ryan Joseph Nash.
Clíona Ní Mhadaoin.
Ayla Sarah Nic Craith.
Ryan Devane Barrett.
Naoise Staunton.
Caoimhe Marie Nic An Iomaire.
Stephen Canavan.
Clíona Ann Ní Mhurchú.
Lili Áine Ní Mhaoilchiaráin.
Kyle Maurice Cloherty.
Tara Máire Cloherty.
Seán Bartley Breathnach McDonncha.
Seán Peter Geary.
Moya Jean Hernon.
Marc Joseph Canavan.
Sarah Monica Ní Dhonncha.
Martha Mary Ní Chathasaigh.

# Sonas Oraibh

**Phós na lánúin seo leanas sa pharóiste:**

Marcus Ó Neachtain & Christina Ní Cheannabháin.
Teddy O'Leary & Barbara Casey
Gregorz Zieba & Mairéad Folan.
Padraic O'Sullivan & Christina Folan.
John Brendan Mannion & Eibhlín Máire Ní Mháille.
Patrick Joseph Joyce & Christina Ní Chormaic

# Líon gasúr sna Bunscoileanna 2011

| **Scoil** | **2010** | **2011** |
|---|---|---|
| Muighinis | 16 | 19 |
| Carna | 33 | 37 |
| An Aird | 26 | 30 |
| Cill Chiaráin | 25 | 28 |
| An Aird Mhóir | 51 | 49 |
| **Iomlan** | **151** | **163** |
| | | |
| | | |
| Scoil Phobal Mhic Dara | | **115** |




# An líon daoine sa bpobal ó 1840 go dtí 2011....... agus na DEDs.

Tá 3 Thoghroinn sa bpobal seo, sin 'District Electoral Divisions' - na DEDs mar a thugtar orthu go hiondúil. Bíonn go leor den chomhaireamh sa Daonáirimh (an Census) bunaithe ar na ceantracha seo.

Feicfidh sibh thíos anseo anois an daonra atá tugtha díos do chuile thoghroinn acu (DEDs) ó 1840 agus an t-athrú ar an daonra í nDaonáirimh (Census) go Daonáirimh.

Seo h'iad na DEDs sa bpobal seo:

**ABHAINN GHABHLA**

Tá an toghroinn (DED) seo i gceann thuaidh agus i gceann thoir an phobail. Síneann sé ó Bhun na hAbhann ó dheas go Loch Con Aortha agus chomh fada le hInis Treabhair. Tá cupla áit a bhfuil daonra iontu ar nós Bun na hAbhann (pobal an Chaisil) agus Inis Treabhair (pobal Ros Muc) sa toghroinn seo atá taobh amuigh de cheantar Charna agus Chill Chiaráin. Ach ó tharla go bhfuil an daonra íseal sa dá cheantar sin (tuairim 15 i mBun na hAbhann agus 1 in Inis Treabhair) ní chuireann siad mórán d'athrú ar dhaonra an phobail seo.

Seo hiad na bailte a bhfuil daonra iontú anois atá i DED Abhainn Ghabhla:-

**Bun na hAbhann,**
**Gabhla,**
**Doire Iorrais,**
**Coill Sáile,**
**Loch Con Aortha,**
**Inis Treabhair.**

Tá ríar áiteacha eile atá sa DED seo tugtha síos mar seo leanas i gcuntas an Daonáirimh ach níl daoine iontu anois – Beaghy Island, Beaghy Island North, Croghnut Island, 18 other islands of the coast, Greeve Island, Illauncroghnut Island, Illaunard Island, Illaungorm North Island, Illaungorm South Island, Illaungurraig Island, North Island, Glenarud, Loughawee.

| 1841 | 1851 | 1861 | 1871 | 1881 | 1891 | 1901 | 1911 | 1926 | 1936 | 1951 | 1961 | 1971 | 1981 | 1991 | 2002 | 2006 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1035 | 497 | 754 | 953 | 977 | 837 | 825 | 859 | 686 | 579 | 608 | 559 | 426 | 425 | 324 | 341 | 313 | 301 |
| | -% 51.98 | +% 51.71 | +% 26.39 | +% 2.52 | -% 14.33 | -% 1.43 | +% 4.12 | -% 20.14 | -% 15.60 | +% 5.01 | -% 8.06 | -% 23.79 | -% 0.23 | -% 23.76 | +% 5.25 | -% 3.2 | -% 3.8 |

## SCAINNIMH

Síneann an toghroinn (DED) seo ón Áird Mhóir amach an sliabh chomh fada le Caladh an Chnoic agus siar go Roisín na Mainíoch agus go Fínis.

Seo hiad na bailte a bhfuil daonra iontú atá tugtha síos go hoifigiúil i dtoghroinn Scainnimh:-
**Áird Mhóir,**
**Caladh an Chnoic,**
**Cill Chiaráin,**
**Roisín na Mainíoch.**

Tá na háiteacha seo leanas – nach bhfuil daonra iontú anois – tugtha síos freisin sa gcuntas oifigiúil Daonáirimh do DED Scainnimh: Shannadonnell, Shanawirra, Letterpibrium, Glennaun, Feenish, Doletter West, Doletter East, Birbeg Island, Bir More, 50 other islands of the coast, Illaunknock Island, Illaunfadda Island, Illaunmaan Island, Illaunakirka Island, Inishmuskerry Island, Kinnelly Island (three), Beagha.


| 1841 | 1851 | 1861 | 1871 | 1881 | 1891 | 1901 | 1911 | 1926 | 1936 | 1951 | 1961 | 1971 | 1981 | 1991 | 2002 | 2006 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1448 | 1010 | 1313 | 1680 | 1749 | 1457 | 1328 | 1212 | 973 | 876 | 838 | 815 | 659 | 693 | 602 | 648 | 619 | 683 |
| | -% 30.25 | +% 30.00 | +% 27.95 | +% 4.11 | -% 16.70 | -% 8.85 | -% 8.73 | -% 19.72 | -% 9.97 | -% 4.34 | -% 2.74 | -% 19.14 | +% 5.16 | -% 13.13 | +% 7.64 | -% 4.5 | +% 10.3 |

## AN CNOC BUÍ

Tá ceantar Mhaoinse, Charna, na hAirdeanna agus siar go Leitir Ard san toghroinn (DED) seo. Seo hiad na bailte a bhfuil daonra iontú atá tugtha síos go hoifigiúil i dtoghroinn 'Cnoc Buí':
**Aird Thoir,**
**Aird Thiar,**
**Carna,**
**Coillín,**
**Duibhithir,**
**Glinsce,**
**Leath Mhás,**
**Leitir Ard,**
**Leitir Deiscirt,**
**Más,**
**Muighros,**
**Muighinis,**
**Ruisín a' Chaladh.**

Tá na háiteacha seo leanas – nach bhfuil daonra iontu anois – tugtha síos freisin sa gcuntas oifigiúil Daonáirimh do DED Scainnimh: Ardnacross Island, Avery Island, Carra Island, Colt Island, Duck Island, Freaghillaun Island, Illaunnacroagh Beg Island, Illaunnacroagh More Island, Inishbigger Island, Inishtruh Island, Inishtroghenmore Island, Joyces Island, 92 other islands off the coast, Croghnakeela Island, Mason Island, St MacDara's Island, Rusheenyvulligan, Knockboy.

| 1841 | 1851 | 1861 | 1871 | 1881 | 1891 | 1901 | 1911 | 1926 | 1936 | 1951 | 1961 | 1971 | 1981 | 1991 | 2002 | 2006 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3268 | 2375 | 2439 | 2369 | 2544 | 2259 | 2027 | 1897 | 1510 | 1316 | 1137 | 1019 | 930 | 968 | 891 | 831 | 798 | 852 |
| | -% 27.33 | +% 2.69 | -% 2.87 | +% 7.39 | -% 11.20 | -% 10.27 | -% 6.41 | -% 20.40 | -% 12.85 | -% 13.60 | -% 10.38 | -% 8.73 | +% 4.09 | -% 7.95 | -% 6.73 | -% 3.7 | +% 6.8 |


NA D.E.Ds
Paróiste Mhuighróis
Ceantar Charna agus Cill Chiaráin
Scála leath orlach = míle
ABHAINN GHABHLA
SCAINNIMH
CNOC BUÍ
Gabhla
527
1164
Loch Conaortha
Loch an Bhuí
1120
Coill Sáile
Cruachnait
Oileán Gorm
Caladh an Chnoic
Seanach Dónaill
512
Gleann an Rud
Beitheach Átha
Seana Mhuire
Glionnán
Leitir Poibrum
CILL CHIARÁIN
Glinsce
360
552
An Bhinn Bhuí
Dúleitir
Cnoc Buí
Leitir Ard
Loch na Scainimhe
Caladh Fhínse
Inis Troigh
Loch Buaile
Maighros
Roisín na Mainiach
An Coillín
CARNA
331
An Aird Mhór
Inis Bigir
Fraochoileán
Leitir Deiscirt
Roisín an Bhoigáin
Dúdhithir
An Aird Thoir
Roisín an Chaltha
Fínis
Leath-Mhás
Más
An Aird Thiar
Muínis
Ceann Mása
Inis Múscraí
Oileán Mhic Dara
Oilean Máisean
Oileán Lachan
Based on the Ordnance Survey by permission of the Government (Permit No. 43

# Aoisghrúpaí an phobail 2011

*Mar seo atá na haoisghrúpaí - de réir an choimríthe atá againn ón gcóras leighis sa bpobal.*

| Aois | Fir | Mná |
|---|---|---|
| 0-4 | 45 | 53 |
| 5-11 | 76 | 75 |
| 12-15 | 46 | 45 |
| 16-24 | 124 | 123 |
| 25-34 | 89 | 98 |
| 35-44 | 87 | 108 |
| 45-54 | 108 | 107 |
| 55-64 | 154 | 111 |
| 65-69 | 55 | 46 |
| 70-74 | 43 | 41 |
| 75 + | 66 | 94 |

# Toghcháin & Vótáil sa bPobal

**Olltoghchán - Feabhra 2011**

| | L. Con Aortha | Aird Mhóir | Carna | Aird Thiar | Caiseal | Turlach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Niall Ó Brolcháin (Glas) | 1 | 2 | 1 | 0 | 2 | 0 |
| Catherine Connolly (NS) | 5 | 25 | 15 | 15 | 0 | 17 |
| Michael Crowe (FF) | 1 | 1 | 1 | 2 | 3 | 0 |
| Mike Cubbard (NS) | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 |
| Éamon Ó Cuív (FF) | 31 | 168 | 98 | 60 | 53 | 132 |
| Frank Fahey (FF) | 4 | 11 | 21 | 12 | 16 | 14 |
| Noel Grealish (NS) | 1 | 3 | 1 | 2 | 2 | 0 |
| Fidelma Healy-Eames (FG) | 1 | 4 | 9 | 1 | 10 | 3 |
| Uinseann Holmes (NS) | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| King (NS) | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 |
| Seán Kyne (FG) | 5 | 13 | 30 | 38 | 24 | 10 |
| Hildagard Naughton (FG) | 1 | 3 | 1 | 1 | 5 | 0 |
| Derek Nolan (LO) | 2 | 5 | 18 | 10 | 11 | 9 |
| Trevor Ó Clochartaigh (SF) | 9 | 61 | 25 | 38 | 7 | 63 |
| Brian Walsh (FG) | 1 | 0 | 2 | 4 | 3 | 2 |
| Éamon Walsh (N.S.) | 0 | 5 | 3 | 1 | 10 | 3 |
| Thomas Welby (NS) | 4 | 9 | 11 | 8 | 61 | 9 |

**Nóta:** Tá na figiúirí seo bunaithe ar 'tallies' neamh oifigiúla. 'Tally' de chuid Fhine Gael an ceann seo. Seo hiad an cúigear a toghadh: Derek Nolan (Lucht Oibre), Éamon Ó Cuív (Fianna Fáil), Brian Walsh (Fine Gael), Seán Kyne (Fine Gael) agus Noel Grealish (Neamhspleách).

## Toghchán na hUachtaránachta - 27/10/2011

Mar seo a caitheadh na vótaí sa taobh seo tíre de réir 'tally' neamh oifigiúil. Déantar an 'tally' de réir mar a bhíonn na vótaí as na boscaí éagsúla dá ndealú amach óna chéile san ionad comhaireamh. Is iondúil go mbíonn an 'tally' cruinn go maith.

| | Loch Con Aortha | Aird Mhóir | Carna | Aird Thiar | Caiseal | Turlach Beag | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mary Davis (NS)……………..... | 3……….... | 9……….... | 2……......... | 2……...... | Níl/……... againn | 6……….... | 22 |
| Seán Gallagher (NS)………..... | 32……….. | 49……..... | 40……….... | 28 | | 33……..... | 182 |
| Michael D Higgin (L.O.)……..... | 39……….. | 85……..... | 78……….... | 47 | | 57……..... | 306 |
| Martin McGuinnes (S.F.)…...... | 23……….. | 45……..... | 25……….... | 43 | | 36……..... | 172 |
| Gay Mitchell (FG)……………..... | 5……….... | 4……….. | 5……......... | 8 | | 4……......... | 26 |
| David Norris (NS)……………... | 1……….... | 6……….... | 2……......... | 2 | | 2……......... | 11 |
| Dana- Rosemary Scallan (NS).. | 3……….... | 6……….... | 4……….... | 2 | | 5……......... | 20 |

**Iomlán a caitheadh…………………………………………………………………...................................... 739**

Tá a fhios againn gur caitheadh 157 ar an gCaiseal ach ní féidir braith ar an 'tally' a rinneadh ar an mbosca sin. Ach má chuireann muid an 157 sin leis an 739 a caiteadh in Iorras Aithneach agus i Ros Muc seo é an figiúr iomlán sa taobh tíre a gcoinníonn muid cuntas an vótáil ann sa taobh seo tíre…………… 896.

*Caithfidh muid súil siar anois ar na toghcháin Uachtaránachta eile, agus an vótáil sa gceantar seo le scór blianta.Tá na figiúirí seo bunaithe ar 'tallies' neamh oifigiúla.*

## Toghchán na hUachtaránachta - 31/10/1997

| | Loch Con Aortha | Aird Mhóir | Carna | Aird Thiar | Glinsce | Caiseal | Gort Mór | Turlach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mary Banotti (FG) | 10 | 23 | 33 | 26 | 4 | 25 | 7 | 4 |
| Mary McAleese (FF) | 43 | 91 | 77 | 56 | 37 | 69 | 40 | 37 |
| Derek Nally (NS) | 3 | 4 | 1 | 8 | 1 | 3 | 2 | 0 |
| Aidi Roche (NS) | 4 | 10 | 2 | 2 | 0 | 7 | 1 | 5 |
| Dana (NS) (Rosemary Scallan) | 8 | 16 | 6 | 6 | 5 | 14 | 4 | 7 |

In iomláine caitheadh 701 vóta. Ba í Mary McAleese a toghadh.

## Toghchán na hUachtaránachta - 8/10/1990

| | Loch Con Aortha | Aird Mhóir | Carna | Aird Thiar | Glinsce | Caiseal | Gort Mór | Turlach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Austin Currie (FG) | 2 | 7 | 24 | 31 | 3 | 26 | 5 | 2 |
| Brian Lenihan (FF) | 34 | 89 | 80 | 77 | 21 | 87 | 36 | 55 |
| Mary Robinson | 21 | 45 | 46 | 44 | 20 | 38 | 26 | 25 |

........eite chlé.

Caitheadh 843 vóta uilig sa gceantar sa toghchán sin. Sí Mary Robinson a toghadh ina hUachtarán - an chéad Uachtarán ban ar an tír seo.

***Tabhair faoi deara nach bhfuil cuid de na bóthanna vótála a bhí ann 20 bliain ó shin ann anois.***

Bus Éireann
www.buseireann.ie

# Carna go Gaillimh –Route 416

**Carna– maidin**


| | |
|---|---|
| **Carna -imeacht** | **07.30** |
| Cill Chiaráin | 07.40 |
| Doire Iorrais | 07.50 |
| Gort Mór | 07.57 |
| Scríb | 08.04 |
| Muiceanach | 08.09 |
| Casla | 08.19 |
| An Tulla | 08.27 |
| Indreabhán | 08.35 |
| Spidéal | 08.45 |
| Forbacha | 08.55 |
| Bearna | 09.05 |
| Bóthar na Trá | 09.13 |
| **Gaillimh** | **09.25** |

**Gaillimh – siar...**

| | |
|---|---|
| **Galway – fágáil.........** | **17.00** |
| Bóthar na Trá............. | 17.12 |
| Bearna | 17.20 |
| Forbacha | 17.30 |
| Spidéal | 17.40 |
| Indreabhán | 17.50 |
| An Tulla | 17.58 |
| Casla | 18.06 |
| Muiceanach | 18.16 |
| Scríb | 18.21 |
| Gort Mór | 18.28 |
| Doire Iorrais | 18.35 |
| Cill Chiaráin | 18.45 |
| **Carna.......................** | **18.55** |

**Tuilleadh eolais (091)562000**
www.buseireann.ie

# *Banrionacha*



**Banríon an tSeó**

**Cloch na Rón-2011.**

**Fiona Ní Fhoghlua as Muighros...iníon le Áine uí Fhoghlua agus Seán Ó Foghlua.**

**Tá sí i mbun staidéir do chéim ealaíona in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh.**

**Banríon Chill Chiaráin 2011..**

**Máire Ní Ghaora as an gCrompán a thug léi craobh agus coróin na Bánríona ag Féile na mBád i gCill Chiaráin i mbliana.**



# Carna Caiseal Na Piarsaigh
# Faoi 13




**Buaiteoirí Roinn 2A an Iarthair 2011 Faoi 13**


**Líne cúil ó chlé: Máirtín Ó Clochartaigh,(Bainisteoir), Caoimhín Ó Súilleabháin, Declan Mac Mathúna, Séamus Ó Flatharta, Robbie Seoighe, MacDara Ó Curraoín, Stephen Mac Donchadha, Seán Ó Conaire, Riocard Ó Guairim, Séamus Mac an Rí, Michael Coleman Ó Flatharta agus Eoin Mac Giolla Pháraic agus Tom Ó hAllmhuráin (Bainistíocht)**

**Líne tosaigh ó chlé: Calum Ó hUigín, Liam Ó Criodháin, Aonghus Mac Donchadha, Dara Ó Flatharta, Thomas Ó hAllmhuráin, Mac Dara Ó Ceallaigh, Martin Ó Clochartaigh agus Mac Dara Ó Coileáin.**




**Alan Carr, Rúnaí Choiste Peile na Gaillimhe ag bronnadh Sciath Faoi 13 Roinn 2A an Iarthair ar Stiofán Mac Donchadha, captaein Carna Caiseal Na Piarsaigh ar Pháirc Ros a' Mhíl tar éis a mbua ar Oileáin Árainn Dé Domhnaigh 25 Meán Fómhair 2011.**

# Debs 2011



Líne cúil ó chlé - Seán Geary, Elaine Nic Cormaic, Jennifer Ní Chonaire, Éanna Ó Fallúin, Caroline Ní Ghaora, Gráinne Bhreathnach agus Micheál Ó Maoilchiaráin. Líne láir ó chlé-- Prionsias Ó hIarnáin, Kevin Ó Conaire, Réamon Ó Flatharta, Tomás Ó Maoilchiaráin, Aidan Ó Neasa, agus Gerry Ó Suilleabháin. Líne chun tosaigh ó chlé- Margaret Ann Ní hUllmhuráin, Deirdre Ní Standúin, Bríd Áine Ní Mhaoilchiaráin, Fíona Ní Foghlua, Thelma Nic Dhonnacha, Bríd J. Ní Mhaoilchiaráin agus Mary Ní Cheanneabháin....DEBS Scoil Phobail Charna 2011.

# London Calling



**Tá go leor daoine óga as an gceantar gaibhte go Londain ag obair.** Seo slua acu i dTeach Ósta na "Five Bells" i mí Dheireadh Fómhair. Ó chlé: (níl ainm an chéad fhear againn), Aengus Phádraig Chóilín...deoch ina lámh, Morgan Ó Mainnín (Caiseal), Declan Mac Donnchadha (Ros a Mhíl), Rós Ní Fhéinneadha (Roisín na Mainíoch), Joyce Ní Dhomhnaill (An Cheathrua Rua), Ciarán Ó Maolchiarán (Leitir Mealláin)- a lámh crochta aige, Aisling Phádraig Chóilín, Stephen Mannion (mac le Margaret Stephen), Val Feeney, Kevin Ó Loideáin (Carna), Róisín Ní Chatháin (Gabhla), Irene Ní Chuinneagáin (Caiseal) agus Stephanie Dowd (Carna).



Triúr as Iorras Aithneach i ag baint suilt as an saol i Londain. Ó chlé – Val Feeney (Leitir Deiscirt), Festus Loftus (Londain agus Caladh bhFuínnse) agus Pádraig Ó hIarnáin as Roisín na Mainíoch.

Ag caitheamh súil análl –

Ó chlé: Rós Ní Fhéinneadha, Ciarán Ó Maolchiaráin (Leitir Mealláin), Séamus Ó Catháin (Gabhla) agus Karen Mannion – iníon le Margaret Stephen Taimín Sheáin as Roisín na Mainíoch atá ina cónaí i Sasana.



# Banríon agus Bláithín



## Banríon Chúigéil 2011.

Niamh Ní Chonghaile as Coill Sáile – iníon le Seosamh Ó Conghaile agus Emer Ní Loideáin (as Muighros).

Thug Niamh craobh na Banríona leí as Cuigéal i mbliana.

Tá Niamh ag freastal ar Ollscoil na hÉireann i nGaillimh áit a bhfuil sí i mbun staidéir i nDámh na nDán.



## Bláith na Trá Báine 2011.

Elaine Nic Dhonnchadha as an bPoinnte ar an gCeathrua Rua (ar chlé) a roghnaíodh mar Bhláith na Trá Báine i mbliana. Tá sí anseo in éineacht le Eibhlín Ní Chonghaile.

Eagraítear Féile na Trá Báine i gcuimhne ar Áine Charles Ní Chonghaile a bhásaigh go tragóideach i dtimpiste bóthair roint blianta ó shin.

Tá 'Bláith na Trá Báine' inár measc sa bpobal seo; tá sé ina Rúnaí ag an Dr Micheál Ó Cathasaigh sna hIonaid Sláinte i gCarna agus i gCill Chiaráin.

# Coirn agus Céimeanna 2011.



Patrick Ó Dubháin as an Aird Mhóir ar chlé a bhuaigh Craobh Damhsa an Oireachtais i mí na Samhna agus a dheartháir, Colm a chas an ceol dó i gCill Airne.



Jimmy Ó Ceannabháin as Ros Muc a thug leis Corn Uí Ríada san amhránaíocht ar an sean nós ag Oireachtas na bliana seo.



An Príomh Cheannfort Dónal Ó Cualáin as Carna. Tá sé roghnaíthe anois le haghaidh árdú céime go dtí Coimisinéara Cúnta sna Gardaí Síochána.



An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh as an Aird Mhóir ó dhúchas a toghadh ina Sheanadóir i 2011.

# Debs 2011



Bríd Ní Mhaoilchiaráin (Caladh Mhuinse) agus Séamus MacDonnacha (Cill Chiaráin.)



Mary Ní Cheannabháin (Muighros)



Aileen Ní Churraoín (Áird Mhóir) agus Aidan Ó Neasa (Coill Sáile)



Séan Ó Gaora (Cill Chiaráin) agus Margaret Níc Dhonnacha (An Aird Mhóir)



Máirtín Éinniú (An Áird) agus Jennifer Ní Chonaire (Coillín)



Ar chlé... Elaine Nic Cormaic (Muigh Inis) agus Gráinne Bhreathnach (An Aird)

# Coinnigh an Stáisiún!




Bhí Slógadh tacaíochta ag Stáisiún na nGardaí i gCarna ar an 29-8-2011; bhí sé ina imní go ndúnfaí stáisiúin bheaga i gConamara. Sa bpictiúr ó chlé: Éamon Ó Cuív, T.D., Stiofán Ó Curraoín (an Aird Mhóir), Josie Ó Curraoín (an Aird Mhóir) agus Páraic Ó Ceannabháin (Cill Chiaráin) – iadsan i bhfeisteas maortha don ócáid.



Cogar mé seo leat! Seán Kyne, T.D. ar chlé agus Éamon Ó Malóid ag an Slógadh Tacaíochta ag Stáisiún na nGardaí.

AN NOLLAiG SEO

TG4



Seó Spóirt- Súil Siar 2011



Ceist GAA le Hector
Cluiche Ceannais 21ú Nollaig

2012



Ám Lón- Men at Lunch



Rás Tailteann

twitter

SÓNTA

Léiritheoirí Teilifíse agus Scannáin

# Scéalta 2011

## Eanáir:

### JABANNA agus PEILEADÓIRÍ.

Socraíodh ag cruinniú chinn bhliana Charna/an Chaisil go bhféachfadh an cumann le cúnamh a thabhairt do imreoirí an chumainn le postanna a fháil gar do bhaile i mbliana.

Tarraingíodh anuas ag an gcruinniú go raibh sé ina imní go n-imeodh imreoirí agus go n-déanfadh sin an-dochar – go háiríthe agus líon imreoirí an chumainn a bheith an-teoranta.

Dúirt an cathaoirleach Seán Ó Cualáin go raibh an-iarraidh tugtha ag Carna/an Caiseal faoi chraobh idirmheanach an chontae anuraidh agus go rabhadar dírithe ar an sprioc sin aríst i mbliana. Dúirt sé freisin gur chruthaigh an fhoireann Soisir thar cionn.

### SIOC agus SNEACHTA.

"Ba socrú mí-cheart é gur fágadh bóithre Iorras Aithneach as an gcomhaireamh aimsir an tseaca agus an tsneachta", a deir Innealtóir na Comhairle Contae, ag cruinniú i gCarna.

Mhínigh Damian Mistéal ag an gcruinniú a d'eagraigh Fóram Iorras Aithneach gur thit sé ar a chránn féin sa deire láimhsiú a dhéanamh ar an gcruachás in iarthar Chonamara faoi Nollaig nuair a bhí na bóithre reoite, agus gur beag airgid a bhí sa gciste an uair sin.

## Feabhra:

### GÁLA.

Taispeánann na tuairiscí ó MET Éireann a bhaineann leis an tseachtain seo caite gur shroich gusta amháin fórsa stoirme 11 i gCeann Mása i gCarna Déardaoin - tús na míosa - seo caite. Bhí luas ionann agus 105 cilomeadar san uair leis an ngusta sin. Bhí fórsa stoirme 10 leis an ngaoithe scaití ar feadh trí lá an tseachtain seo caite i gCeann Mása.

### COISTE POBAIL CHARNA.

Rinneadh athbheochan ar Choiste Pobail Charna. Bhí 21 ag cruinniú poiblí agus toghadh oifigí.

## Márta:

### COSÁN.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag dul i mbun oibre anois i bpáirtíocht le Coiste Gnímh Shráidbhaile Charna agus le Meitheal Forbartha na Gaeltachta, i scéim forbartha cosáin i gCarna. Chas innealtóirí de chuid na Comhairle le baill Choiste Shráidbhaile Charna inné agus deimniodh go rachfaí ar aghaidh leis na socraithe a rinneadh faoi phíosa cosáin ag cruinniú i nGaillimh trí mhí ó shin. Tá an Coiste Gnímh ag súil go dtabharfaidh an iarracht is deireanaí an phlean níos gaire do cheann scríbe.

## Aibreán:

### SEIMINEÁR FAOIN bhFOSTAÍOCHT.

Shocraigh Fóram Iorras Aithneach go reachtáilfí seimineár i mí Bealtaine faoi chúrsaí jabanna agus fostaíochta sa gceantar.

Tá roinnt daoine as ceantar Charna agus Chill Chiaráin ó dhúchas - a bhfuil scileanna fiontraíochta agus bainistíochta acu - ina measc siúd a bheidh ag seimineár faoi chúrsaí fostaíochta sa gceantar sin ... an mhí seo chugainn.

Tá sé socraithe cheanna féin go mbeidh na daoine seo leanas ar an bpainéal; Seán Ó Cualáin as an gcomhlacht cláracha teilifíse – Sonta Teo; Macdara Ó Cuaig ó Fhoras na Mara, Warren Ó hÉilí as an gcomhlacht Local Lotto.ie, Val Corbett as Duibhithir atá i gceannas ar an rannóg dlí san Independent College i mBaile Átha Cliath, Cliodhna Ní Chualáin – Tí Mheaic i gCarna, Máirín Ní Choisdealbha-Seoige, bainisteoir ar Fhorbairt Chonamara Láire agus Cillian Fennell ón gcomhlacht Stillwater Communications atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath.

## Bealtaine:
### OLLAMH I HARVARD.

Tá fear de bhunú na hAirde Thiar i gCarna gaibhte i mbun ceann de na postanna sinsireacha in Ollscoil Harvard i Meiricea. Tá John E. McDonough ceaptha ina stiúrthóir ar an Aonad Cinnireachta Sláinte Poiblí agus ina Ollamh le Feidhmiú Córais Sláinte Poiblí san Ollscoil sin - atá ar cheann de na hinstitiúidí oideachais is mo cáil i Meiriceá.

Mac é an tOllamh John E. McDonough le Josie Joe Phaitsín, arbh as an Aird Thiar ó dhúchas dó, agus a chaith formhór a shaoil i gceantar Bhoston.

Tá an polasaí nua sláinte poiblí i Meiriceá bunaithe go mór ar obair an tOllamh McDonough agus sé a mhunlaigh na moltaí a bhí ag an Seanadóir Edward Kennedy faoin bpolasaí seo.

## Meitheamh:
### SÓNTA I NUA EABHRACH.

Tá Seán Ó Cualáin as an gcomhlacht Sónta Teo. i Loch Con Aortha ag déanamh scannáin faoi bheirt fhear as Gaillimh atá i bpictiúir stairiúil a tógadh i Nua Eabhrach i 1932.

Tógadh an pictiúr de aon fhear déag ina suí ar thaobhán iarainn leath mhíle ós cionn Manhattan agus iad ag ithe a gcuid lóin nuair a bhí an Rockefeller Centre dá thógáil.

Fuair Seán Ó Cualáin eolas go mba as Gaillimh beirt de na fir – Sonny Glynn agus Martin Shaughnessy. Chuaigh a gclann mhac siúd chuig an Rockefeller Centre le gairid le deimhniú a thabhairt ar sin. Táthar ag súil go mbeidh an scannán réitíthe ag an gcomhlacht Sonta Teo an chéad bhliain eile.

## Iúil:
### SÚIL SOIR.

Tugadh Uachtarán Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, John Bryan suas ar Chnoc Leitir Seana ar an gCaiseal go bhfaigheadh sé léargas ar an bpíosa mór sléibhe atá ag teacht faoi scáth an chaomhnaithe nua - na SPAs.

Chonaic John Bryan na mílte acra sléibhe soir uaidh i dtreo Ros Muc agus Casla a bhéas istigh faoin gcaomhnú.

### STAIDÉAR.

Beidh an rannóg taighde Sóisialta, Eacnamaíochta agus Mara in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh ag déanamh staidéir ar cheantar Chill Chiaráin agus Carna go gairid.

Beifear ag iarraidh léargas a fháil ar an mbarúil atá ag daoine sa gceantar faoi thábhacht na n-achmhainní talúna agus mara atá in Iorras Aithneach.

### DAONRA.

Taispeánann torthaí an Daonáirimh is deireanaí gur tháinig méadú 6.5% ar an daonra in Iorras Aithneach i gcomórtas leis an líon daoine a bhí ann chúig bhliana ó shin.

De réir an Daonáirimh a tógadh san Aibreán seo caite tá 1,836 duine ina gcónaí i bpobal Charna agus Chill Chiaráin anois – sin sna trí thoghroinn ar a dtugtar Abhainn Ghabhla, an Cnoc Buí agus Scainnimh.

Fágann sin go bhfuil céad agus cheithre dhuine dhéag ann le cois an daonra a bhí ann i 2006 nuair a rinneadh Daonáirimh cheanna.

Tá an daonra laghdaithe i dtoghroinn Abhainn Ghabhla – sa taobh ó thuaidh den phobal ach tá méadú sa dá thoghroinn eile. Ceaptar go háitiúil go bhfuil baint ag an Teach Altranais leis sin ó tharla go bhfuil daoine atá ag dul amach sna blianta in ann fanacht sa gceantar anois. Tá leathchéad duine sa Teach Altranais.

Lena chois sin tá dhá scéim títhe Comhairle Contae sa bpobal a thugann deis do roinnt daoine agus teaghlaigh cuir futhú ansin.

## Lúnasa:
### BAOL GO gCAILLFÍ ÁBHAIR SCOILE.

Tá baol ann nach mbeidh fáil ar na hábhair Tíos agus Ealaíon ag daltaí an chéad bhlian i Scoil Phobail

Mhic Dara i gCarna i mbliana de bharr laghdaithe ar sheirbhísí múinteoireachta.

Tá an laghdú atá ag teacht ar an líon daltaí sa Scoil Phobail ar cheann de na cúiseanna atá leis seo.

Meastar gur tuairim 's cúigear déag daltaí a bhéas ag tosnú a gcuid meanscolaíochta i gCarna an mhí seo chugainn; bhíodh ós cionn 30 sa gcéad bhliain sé nó seacht de bhlianta ó shin.

Tuairim 's 115 uilig a bhéas i Scoil Phobail Mhic Dara i mbliana; fágann sin go bhfuil 50% de laghdú ar líon na ndaltaí in imeacht scór blianta.

Cé go meastar go mbeidh méadú beag ar an líon daltaí ag tosnú sa scoil ar feadh cupla bliain amach romhainn táthar ag tuar go mbeidh laghdú suntasach eile ann faoi cheann trí bliana.

### CROSBHÓTHAR CONTÚIRTEACH.

Tá comharthaí nua crochta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe anois ar gach taobh den chrosbhóthar sa nGaraman ar an Sraithe Salach.

Tugann na comharthaí fógra go bhfuil an crosbhóthar in aice láthair agus nár cheart do thiománaithe a dhul amach thar a chéile ag an spota sin.

Tá Fóram Iorras Aithneach ag iarraidh le fada go ndéanfaí beart ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta ag an gcrosbhóthar seo.

## Meán Fómhair:

### POBAL GNÍOMHACH.

Osclaíodh an tIonad Cúram Leanaí ar Eastáit Údarás na Gaeltachta i Roisín na Mainíoch. Thosaigh an iarracht ocht mbliana roimhe sin. Ba é Ryan Nash as Caladh bhFuínnse an chéad pháiste sa gCreche.

Eagraíodh Slógadh Tacaíochta ag Stáisiún na nGardaí i gCarna. Bhí scéalta sa timpeall go raibh stáisiúin Ghardaí beaga le dúnadh. Eagraíodh cruinnithe i gCill Chiaráin agus i Loch Con Aortha faoi cheist na SPA's no "Caomhnú na nÉan". Bhí sluaite móra ag na cruinnithe. Imní go stopfaí baint mhóna.

## Deireadh Fómhair:

### CUMHACHT NA FEAMAINNE?

Beidh lámh mhór ag an Saotharlann Mara i gCarna i scéim thaighde faoi bhealaí le breosla agus fuinnimh a bhaint as an gceilp. Is gearr anois go dtosóidh an scéim seo agus beidh seacht gcinn déag d'Ollscoileanna agus ionaid eolaíocht eile i dtuaisceart na hEorpa bainteach leis.

As an Saotharlann i gCarna a thiocfas an bun-ábhar.

Idir an dá linn tá plé á dhéanamh ar dhíol chomhlacht Arramara Teo., atá anois istigh faoi scáth Údarás na Gaeltachta. Teastaíonn in-fheistíocht a deirtear agus níl an t-airgead ag an Údarás.

### CLIS MFG - MEITHEAL FORBARTHA NA GAELTACHTA.

Droch bhuille do Choiste Pháirc Spraoi Iorras Aithneach agus do Chumann Peile Charna/An Chaisil. Bhí suimeanna móra airgid cruinnithe acu le haghaidh páirc spraoi agus páirc uile aimseartha.

## Samhain:

### CAOMHNÚ CLADAIGH & MARA.

Tá Inis Leacain atá amach ó chósta Chloch na Rón agus roint oileáin atá amach ó chósta Charna imeasc na n-áiteacha atá le theacht isteach faoi scáth an chaomhnaíthe nua sa gceantar mara ó Cheann Léime chomh fada leis an Aird Mhóir. Tá Oileán Mhic Dara, Cruach na Caoile, an tOileán Maisean, Bior Mór agus Fraoch Oileán imeasc na n-oileán eile atá ag teacht faoi scáth an chaomhnaíthe seo.

### TÍTHE AG TEASTÁIL.

Tá an t-éilimh atá ar thíthe Comhairle Contae i gConamara beagnach dúbailte ó thús na bliana seo. Tá 21 iarratas istigh ar thíthe i gCarna; dúbailt é sin ar an uimhir a bhí ann i dtús na bliana seo.

# Class of '83.



Pupils from Carna Community School Connemara photographed at their Graduation Ball in the Abbeyglen Hotel, Clifden, front row, l. to r.: Siobhán Healy, Mary Cloherty, Theresa McCormack, Mandy Nee, Judy Mulkerrins and Anne Joyce. Second row, left to right: Gearóid King, Una Conroy, Enda Mannion, Ellie Mannion, Colm Green and Mary Joyce. Back row, left to right: Mary Mulkerrins, Marie Connolly, Nóirín de Burca, Bernadette Ní Loideáin, Maureen King, Peggy King, and Kathy McDonagh.




Cilian Fennell as Maoinis ina chathaoirleach ar sheimineár faoin iriseóireacht ag an Oireachtas. Ba é Cilian an t-aoí-chainteoir ag seimineár faoi chúrsaí fostaíochta in Iorras Aithneach ar an 28-5-2011. Iar dhalta i Scoil Phobail Mhic Dara i gCarna




Séamus Ó Coirbín as an Aird Thiar – anois i nGaoithe Dobhair. Ag labhairt ag seoladh dhlúthdhiosca Chaitríona Ní Cheannabháin ag an Oireachtas i gCill Airne i mí na Samhna.

# Ag cuir an Phobail chun cinn










## Fóram

**<u>Coiste na gCathaoirleach</u>** - Tomás Ó Niadh, Máire Uí Uaithnín, Máirtín Ó Catháin, Ciarán Ó Maoláin,

**<u>Baill eile an Choiste</u>** - Dr. Micheál Ó Cathasaigh, Máirtín Ó Griofa, Máire Uí Chuinneáin, Micheál Breathnach, Susan Uí Chatháin, Deirdre Uí Chualáin, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin, Roibeard P. Ó hÉili, Ann Marie Ní Fhlatharta, Máire Uí Loideáin, Bairbre Uí Mhaoilchiaráin, Gearóid Ó Cosgordha, Alison Ní Chadhain, Beartla Breathnach, Micheál Ó Maoláin, Cóilín Ó Cualáin, Máire Áine Ní Neachtain, Macdara Ó Cuaig, Alma Mhic Fhlannchadha, Seosamh Ó Cuirrín, Tomás Ó hIarnáin, Eibhlín Uí Mhaoláin, Máire Uí Bholguidhir, Rosario Ní Shuilleabháin, Siobhán Ní Mhaoilchiaráin, Dara Ó Flatharta, Louis Mac an Iomaire, Máire Uí Iarnáin, Brigid Keaney-Earl., Nóirín Mhic an Iomaire, Seán Ó Cualáin, Paraic Ó Nidh agus Michael Ó Cualáin.


















# Iorras Aithneach

Lámh san obair seo uilig.



Irislearbhar Iorras Aithneach -21 bliain.









# Ag Cuimhniú ar na hImircigh



*by Imelda and Francis Murphy*

By signing in 1989 the "Project Labor Agreement," Pat Walsh committed Local 223 of Laborers International Union of North America to its provisions, including that "there shall be no strikes, picketing, work stoppages, slowdowns or other disruptive activity for any reason by the Unions or employees against any Contractor covered under the Agreement" And a reciprocal promise was obtained that "there shall be no lockout by the Contractor."Born in Callowfeenish, Carna in Co. Galway in 1922, the eldest of 13 children, Pat rose to become one of Boston's most prominent labour leaders in the last quarter of the 20th century.

Píosa as páipéar nuachta i Meiricea. Rinne Pat Walsh ceiliúradh ar a 89ú lá beirthe i mBoston i mbliana. Is iomaí duine as Conamara agus Éirinn a chuir sé ag obair i Meiricea.




Insuite - baill eile de Choiste Ionad na nImirceach..ó chlé- Nóirín Mhic an Iomaire, Briain Ó Ceallacháin, Dr Gerard Hooke, Paula Ní Chualáin, Dr. Micheál Ó Cathasaigh, Louis Mac an Iomaire, Páraic Ó Niaidh agus Ann Marie Ní Fhlatharta. .....agus thíos, Róisín Ní Chatháin.



Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach – cuid acu – cruinniú i gCarna i mí na Samhna 2011. Chun tosaigh..ó chlé: Máirtín Ó Catháin, Deirdre Ní Loideáin uí Chualáin, Roibeard Ó hÉilí agus Seosamh Ó Cuirrín. Ar gcúl: Eibhlín uí Dháibhís, Susan uí Chatháin, Ann Dowd, an Comhairleoir Co. Seosamh Ó Cuaig, an tAthair Pádraig Standún. Na baill eile in uachtar - insuite

# Ionad Cuimhneacháin na nImirceach

***Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, ar shuíomh an tSean Halla. Borradh don phobal ach ceisteanna airgid le láimhsiú.***




Thug muid tuairisc dhibh in eagrán na bliana anuraidh faoin iarracht atá ar bun le Ionad Cuimhneacháin na nImirceach a thógáil san áit a bhfuil an sean halla pobail i gCarna. Tá dul chun cinn maith déanta in imeacht na bliana. Mar seo atá cúrsaí faoi láthair:

- Tá cead pleanála fáighte le haghaidh tógáil an Ionaid. Sin rud an-mhór mar nach furasta cead pleanála a fháil sa gceantar seo anois.
- Tá an réiteach ar bun leis an suíomh a aistriú ar léas fad-théarmach ("long term lease") chuig comhlacht pobail; tá Ard Dheoise Thuama agus an tAthair Pádraig Standún go láidir ina bhfabhar sin.
- Tá staidéar dá dhéanamh ar dhá rud a bhaineann le costaisí:

(a) costas tógála an Ionaid.
(b) an costas a bhainfeadh leis an Ionad a choinneáil ag imeacht.

- Tá roinnt mhaith stocaireachta déanta le airgead a bhailiú; tá go leor eile le déanamh!

Tá na h-áiseanna seo leanas ceaptha a bheith in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, sin an plean a bhfuil cead tógála tugtha le n-aghaidh:

- Halla pobail.
- Seomra cuartaíochta, béaloidis, seanachais agus cómhrá.
- Leabharlann - le béim ann ar stair áitiúil agus stair teaghlaigh.
- Seomra aclaíochta.
- Cupla oifig phobail agus eolas do chuairteoirí.
- Gáirdín Cuimhneacháin na nImirceach amuigh ar an gcnocán.

Tá sé mar aidhm go mbeadh an tIonad ina chroílár siombalach do phobal Iorras Aithneach sa mbaile agus as baile, i gcéin agus i gcongar. Creideann muid go bhfuil sé fíor-thábhachtach go deo go leagfaí béim mhór ar an gcuspóir sin.

Go deimhin tá go leor den smaoineamh agus aidhmeanna a bhaineann le Ionad Cuimhneacháin na nImirceach bunaithe ar an obair atá déanta ag an irisleabhar seo "Iorras Aithneach" le bliain agus fiche. Bhí béim againn i gcónaí ar cheangal a choinneáil leis na daoine a bhí imithe as an áit agus leo siúd atá thar sáile.

C3

**GALWAY COUNTY COUNCIL**

**PLANNING AND DEVELOPMENT ACTS 2000-2002**

**DECISION under SECTION 34 of the ACT of 2000**

**Ref No. in Planning Register:** 11/1116

**Date of Receipt of Application:** 09/08/2011

Coiste Ionad Cuimhneachain na Nimirceach
c/o Mairtin O Cathain
Gabhla
Caiseal
Co. na Gaillimhe

- 7 NOV 2011

**I hereby give you NOTICE that the Galway County Council has by order dated**

**granted** PERMISSION

**to the above named, for development of land, in accordance with documents lodged, namely:**

le foirgnimh ata ann faoi lathair a leagan agus ionad nua a thogail ar shuiomh an tsean hall pobiail chomh maith le coras searachais, carr chlos agus oibreacha eile (gross floor space 590sqm) **in the townland of** Carna

**and subject to the condition(s) set out in the schedule hereto.**

**Main reasons and considerations on which the decision is based:-**
The proposed development has been assessed, within the restrictions imposed by the principles of proper planning and sustainable development and having regard to the policies and objectives of Galway County Council as set out in the 2009 - 2015 County Development Plan. Based on this assessment it is considered that the proposed development is in accordance with the proper planning and sustainable development of the area and with the provisions of the Development Plan.

**Signed this** 7 **day of** November 2011 **on behalf of Galway County Council**

A. Comer.
**pp COUNTY SECRETARY**

---

**SEE ATTACHED SCHEDULE**

**(CONDITION NO.'S** 14 **)**

---

***Please see attached sheet for important Notice***



Ionad nua ach mairfidh na cuimhní cinn

Tá sé mar aidhm againn go mbeadh imeachtaí sóisialta agus siamsaíochta san Ionad seo; go mbeadh caitheamh aimsire, spraoí agus diabhlaíocht ann do chuile aoisghrúpa. Ach chomh maith leis sin tá muid ag súil go gcuirfeadh an tIonad le saol eacnamaíochta an cheantair agus go gcuirfeadh sé bun níos fearr faoin turasóireacht chultúrtha. Ach sula sroicfidh muid an t-achar sin tá ceisteanna troma praiticiúla agus airgeadais le cíoradh, le mea agus le láimhsiú.

Bhfearr linn nach mbeadh na ceisteanna sin ann… ach tá!

Tá ceist an airgid ar an dris chosáin is mo a bheidh le láimhsiú.

Teastóidh go maith ós cionn €600,000 leis an gcineál Ionaid atá beartaíthe anois a thógáil.

Níl Roinn na Gaeltachta ag tabhairt amach deontais le haghaidh ionaid mar seo anois; níl a fhios an mbeidh aon athrú ar sin amach anseo… nó cén uair.

Bhí go leor comhráití againn le Meitheal Forbartha na Gaeltachta (MFG) agus bhí siadsan go láidir i bhfabhar an phlean seo. Ghealladar deontas le staidéar a dhéanamh ar an bplean uilig. Ach tá Meitheal Forbartha na Gaeltachta i lámha leachtaitheora agus muid ag scríobh; tá deireadh á chuir le comhlacht MFG. Níl a fhios againn cén córas airgead Leader a bheidh sa nGaeltacht ina dhiaidh sin agus níl a fhíos againn cé mhéid airgid a bheidh acu.

Pé ar bith bealach a ngabhfaí dó chosnódh forbairt an Ionaid na céadta míle euro – tá muid ag caint ar leath mhilliún, ar a laghad.

Caithfear aird a thabhairt freisin ar na costaisí bliantúla leis an Ionad a choinneáil ag imeacht; d'fhéadfadh sé a bheith idir €5,000 agus €10,000.

Tá an ceisteanna sin uilig le cíoradh. Agus caithfidh muid freagra réadúil a fháil ar an gceist seo –
CÉ AS A DTIOCFAIDH AN T-AIRGEAD?

Caithfidh muid socrú a dhéanamh faoi mhéid an Ionaid agus na háiseanna a bheidh ann sa deire… bunaithe ar staidéar stuama agus réadúil. Tá an iomarca samplaí feicithe againn do fhorbairtí maithe pobail atá go trom i bhfiacha anois.

Is féidir linn an jab seo a dhéanamh ach ní mór é a bhunú ar bhunchloch láidir – ar chuile bhealach! – sa gcaoi agus go bhfaighfear tairbhe ceart as amach anseo.

**Beidh comhlacht pobail dá bunú agus beidh daoine ag teastáil le bheith páirteach ansin.**
**Tá tuilleadh cúnamh ag teastáil agus féadfaidh daoine glaoch a chuir ar an oifig phobail ag:**
**095-32744 nó scéala a chuir ar an riomhphost chuig:**
**foram@eircom.net**

Comhar Naíonraí
na Gaeltachta Teoranta

# Ionad Cúram Leanaí Charna

## Ar oscailt anois

- Naíonra
- Naíolann
- Cúram Iarscoile

**Chun áit a chur in áireamh glaoigh ar 091 595337**

**Príomhoifig: Cuileán, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe**
**Teil: 091 595337 Facs: 091 595529 Ríomhphost: eolas@cnng.ie www.comharnaionrai.ie**

*Coppinger & Curran*

*Weddings are our business*



**Wedding Photography and Video**

***Making your dreams come true***
***At prices you will be delighted with***

**www.tcoppinger.com**
**086 2602770"**

# Feachtas a thosaigh i 2003 tugtha chun críche – Cosán fada go hIonad Cúram Leanaí.

*Le Máirtín Ó Catháin.*



Grúpa Naoínra

Bhí cineál branda ar Michael McDowell, an tAire Dlí agus Cirt a bhí ann san am. Fear meabhrach ach fear cineál borb agus docht a dúradh. Ní mar sin a bhí sé nuair a chuaigh muid isteach chuige san oifig i dTeach Laighean i mBaile Átha Cliath. Suailceach agus geal-gháireach a bhí an tAire…agus bhí a fhios aige cé as muid freisin. Bhí sé ag cuir tuairisce faoi Mhaoinis agus faoi Charna agus roinnt mioneolais aige – bhí cuimhne aige ar theach ósta Tí Mheaic, mar shampla. B'shin tús maith bhfacthas dúinn. Chuir muid a gcás ós a chomhair agus muid ag iarraidh airgid le haghaidh Naoíleann agus




**Michael McDowell -**
an tAire a bhí freagrach as naoínraí i 2006.

Naoínra i gCarna.

Bhí ráille buailte againn i nGaillimh go gairid théis an seacht an mhaidin sin i mí na Nollag 2006. Mór-sheisear againn a bhí ann: Máire Áine uí Mhaoilchiaráin, Ann Marie Ní Fhlatharta, Susan Uí Chatháin, an Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig, Gearóid Ó Cosgordha, Criostóir Breathnach a bhí ina bhainisteoir i gComharchumann Chonamara Thiar san am agus mé féin. Ba é an Teachta Dála Noel Grealish a d'eagraigh an cruinniú sin agus tháinig sé inár gcuideachta chuig oifig an Aire McDowell. Bhí cúramaí cúrsaí naoílinne agus naíonraí ar Mhichael McDowell san am mar gur bhain sé leis an rannóg Comhionnanais sa Roinn Dlí agus Cirt.

Mar eireabal ar an scéal seo bhron an Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig cóip de leabhar dheartháir a athar mór…bhshin é Colm Ó Gaora ar Mhichael McDowell an lá sin. Sin é an leabhar "Mise" agus tá cur síos inti ar ghníomaíocht Choilm Uí Ghaora i gCogadh na Saoirse. Ar ndóigh, ba uncail do McDowell é Ein Mac Néill an ceannasaí a bhí ar Óglaigh na hÉireann agus bhí ceangal stairiúil sa méid sin uilig. Ach Naoínra agus Naoíleann d'Iorras Aithneach ba mhó a bhí i gceist againn an lá sin.

Mar a tharla ba ghearr go mbeadh na dualgaisí sin ag dul anonn chuig an Aire Stáit Brian Lenihan. Tháinig seisean é féin isteach chuig an gcruinniú níos deireanaí agus bhí an toscaireacht uilig an-tógtha lena phearsantacht agus lena chumas Gaeilge. Tugadh éisteacht mhaith dúinn. Bhí muid ag iarraidh €1m. Ach ní raibh an



**Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig –**
bhron sé 'Mise' ar Mhichael McDowell.

báire linn fós.

## Feachtas tosaithe i 2003

Trí bliana roimhe sin i 2003 a thosaigh an iarracht. Tháinig grúpa tuismitheoirí le chéile agus iad ag iarraidh go dtógfaí foirgneamh nua le haghaidh naoíleann agus naoínra i gCarna. Bhí sé mar pholasaí ag Údarás na Gaeltachta san am go ndéanfaí forbairt ar naoíleanna agus ar naoínraí sa nGaeltacht. Munach gur tháinig an grúpa tuismitheoirí sin le chéile is ar éigin go mbeadh an fhoirgnimh nua ar an Eastáit i Roisín na Mainíoch anois. Tugadh Comharchumann Chonamara Thiar isteach san bhfeachtas.

Ar nós mórán chuile shórt a bhaineann le obair phobail bhí driseacha cosáin agus deacrachtaí ann. Théis scaitheamh bhí an baol ann nach raibh aon dul chun cinn suntasach ag tárlú. An uair sin a rinne Fóram Iorras Aithneach ceangal le Comharchumann Chonamara Thiar le súil agus go bhféadfaí an iarracht a threisiú. Théis roinnt díospóireachta thángthas ar réiteach faoi phlean don naoíleann ar Eastáit Tionscail Údarás na Gaeltachta i Roisín na Mainíoch. Chuir an tÚdarás isteach ar an gcead pleanála agus fuarthas é sin. Ansin theastaigh airgead!

Bhí cruinnithe againn le feidhmeannaigh Stáit agus thaisteal muid chuig cruinnithe leis an Aire McDowell cupla geábh – bhí cruinniú na Nollag 2006 ar an gcéad cheann acu. Sa deireadh ceadaíodh €600,000. Ach ní mba leor é sin de bharr costaisí árda tógála san am sin. Bhí muid ar charraig. Bhí muid ag tuinneadh ar Údarás na Gaeltachta ag iarraidh cúnamh – ag scríobh, ag réiteach cáipéisí, ag tarraingt na ceiste anuas ag cruinnithe. Bhí sé ina chnámh spáirne! Ansin shocraigh Údarás na Gaeltachta go réiteodh siadsan an suíomh agus na seirbhísí ar an suiomh. Ba mhór an dul chun cinn é sin. Fós féin bhí costas tógála fíor ard san am agus bhí na meastacháin a cuireadh isteach ar an obair go maith ós cionn €600,000. Cén chaoi a líonfaí an bhearna?

Dúirt an tAire Gaeltachta agus Forbartha Tuaithe Éamon Ó Cuív go mbeadh deontas ar fáil ón Roinn sin ar mhaithe le tógáil an Ionaid. Ach fós féin bheadh go leor airgid le cruinniú. Shíl muide go mba meáchan ró-throm a bheadh ansin ar an bpobal agus throid muid an cás in athuair. D'iarr muid go gcuirfí an oiread leis na €600,000 a bhí fáighte roimhe sin agus a chríochnódh an obair. Bhí muid in éadan an



**Máire Áine uí Mhaoilchiaráin -**
Sa Dáil agus agus áiteacha eile ar thoscaireachtaí.

Údaráis seasta. Déanfaidh muid aicearra beag sa gcuntas seo.

## Fógra ó Phádraig Ó hAoláin.

In Earrach na bliana 2009 d'eagraigh Údarás na Gaeltachta sraith cruinnithe pobail ar fud na Gaeltachta. Bhí ceann acu i gCarna. Ag an gcruinniú sin d'fhógair Príomh Fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta Pádraig Ó hAoláin go mbeidís sásta pé ar bith airgead le cois a theastódh a chuir ar fáil leis an Naoínra/Naoíleann a thógáil. Bh'shin scéal iontach. Ach bhí an saol ag athrú agus bhí airgead ag éirí gann san Údarás! Bhí eacnamaíocht na tíre ag lagan agus bhí cúrsaí tógála tithe as a



**Ann Marie Ní Fhlatharta –**
Obair oifige agus toscaireachtaí.

chéile freisin. Ach bhí costas tógála laghdaithe dá réir.
Sa mbliain 2009 bhunaigh Údarás na Gaeltachta an comhlacht forbartha pobail ar a dtugtar "Forbairt Chonamara Láir". Lonnaíodh an oifig i gCarna. Ceapadh Gearóid de Faoite ina bhainisteoir lán-aimseartha. Leagadh na cúramaí a bhain le tógáil an Ionaid ar an gcomhlacht forbartha - Fhorbairt Chonamara Láir. Ba mhór an buntáiste é seo mar go raibh córas lán-aimseartha ann anois agus bainisteoir íoctha. De bharr na h'oibre a rinneadh in imeacht na mblianta bhí suíomh ann agus é réitithe amach, cead pleanála ann agus €600,000. Bhí

stocaireacht agus réiteach le déanamh fós agus bhí Údarás na Gaeltachta páirteach ansin. Fuair FCL Teo tacaíocht láidir ó Choiste Chúram Leanaí Chontae agus Chathair na Gaillimh agus an stiúrthóir ansin Mémie uí Chualáin agus rinne an Coiste sin go leor oibre leis an deontas a bhí ceadaithe a choinneáil; ceadaíodh an tionscnaimh thrí Bhord Stiúradh Choiste Chúram Leanaí Chontae agus Chathair na Gaillimhe.

## Píosa fada oibre.

Sa deireadh ceapadh conraitheoir – comhlacht as taobh thoir de Ghaillimh. Chuaigh seisean i mbun na hoibre ach ar mhí-ábharaigh an tsaoil b'éigean den chonraitheoir éirí as mar go raibh trioblóidí airgid sa mullach air. B'éigean an conradh a thairiscint arís agus ceapadh conraitheoir áitiúil – Pádraig Ó Catháin – leis an gcuid is mó den jab a dhéanamh. Idir an dá linn, agus an obair thógála ag dul ar aghaidh, ceapadh Gearóid de Faoite ina bhainisteoir ar Mheitheal Forbartha na Gaeltachta agus fuair Máirín Ní Choisdealbha-Seoige an post mar bhainisteoir ar Fhorbairt Chonamara Láir. Choinnigh sise go láidir leis an obair riaracháin ar fhorbairt an Ionaid. Tá Comhar na Naoínraí Gaeltachta i gceannas ar ríaradh an Ionaid Cúram Leanaí anois. Sí Mairéad Mhic an Iomaire as an gCeathrú Rua atá i gceannas ar an eagraíocht agus abraíonn sí gur de réir a chéile a chaithfear forbairt a dhéanamh ar an Ionad anseo.

Bhí Coiste Cúram Leanaí Chathair & Chontae na Gaillimhe gníomhach ó thús san iarracht leis an Ionad a fhorbairt i gCarna agus tá buíochas ag dul dóibhsan agus don Oifigeach Forbartha atá acu san Iarthair – sin í Mémie Uí Chualáin. Ar ndóigh bhí stocaireacht ar bun ar bhealaí go leor ach b'éigean don Choiste Cúram Leanaí bailchríoch agus barr slaicht a chuir ar an iarratas ar airgead caipiteal agus breathnú amach do dhindiúirí go leor. Tá tuilleadh eolais faoi obair agus tacaíocht Choiste Chúram Leanaí na Gaillimhe i mír eolais eile anseo.

Tá bailiúchán airgid ar bun sa bpobal le borradh a chuir faoi obair an Ionaid Cúram Leanaí agus muid ag scríobh. Tá tacaíocht dlíte go maith dóibh. Tá an stiúrthóir Máire Uí Chualáin ag obair léi ag cinntiú go mbeidh an tIonad láidir ó thús agus tugann sí moladh do Fhorbairt Chonamara Láir as an obair atá déanta acusan agus an tIonad breá seo dá thabhairt chun críche.

## Bhfiú an tairbhe an trioblóid.

Ocht mbliana a thóg sé ó tháinig an chéad ghrúpa le chéile i 2003 sular casadh an eochair san Ionad Cúraim Leanaí i gCarna. Is iomaí anonn agus análl a bhí ann sna blianta sin... idir cháipéisí, cruinnithe, feachtais, brú agus srl. Tá gasúir an cheantair ag freastal ar na seirbhísí atá ann anois – seirbhísí atá curtha ar fáil i nGaeilge agus a chuideoidh leis na gasúir, lena dtuismitheoirí agus le caomhnú na teanga. Tá sláimín postanna ann freisin. Sin iad na cuspóirí a bhí ann i gcaitheamh na mblianta. Tugann scéal bhunú an Ionaid léargas ar an obair fhadálach a bhaineann le rudaí mar seo a chuir chun cinn i bpobal agus an iarracht a bhíonn ag teastáil. Bhfiú an tairbhe an trioblóid.



**Ryan Nash -**
an chéad phaiste san Creche.

# Ionad Cúram Leanaí – seirbhísí agus cúnamh.

**Teachtaireacht ó Mhémie uí Chualáin -**
**Oifigeach Forbartha Choiste Cúram Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe.**

************************

Tá an Coiste Chúram Leanaí lárnach i dtodhchaí na seirbhíse seo mar aon le gach seirbhís cúram leanaí i gContae agus Chathair na Gaillimhe. Déantar próiseáil ar na deontais maoinithe uile thrí an oifig seo, m.sh an clár saor in aisce réamhscoile (ECCE), an clár CETS a chabhraíonn le rannpháirtithe cúrsaí FÁS agus cúrsaí Coiste Gairm Oideachas spásanna saor in aisce a fháil dá bpáistí agus iad féin ag filleadh ar ais ar an oideachas. Tá clár fóirdheontais CCS ar fáil chomh maith do theaghlaigh atá dífhostaithe nó ar ioncaim íseal agus cabhraíonn an deontas seo go mór le táille an tseirbhís leanaí a choinneáil íseal do na teaghlaigh. Braitheann an deontas seo ar bandaí difriúil Leasa Shóisialaigh atá na teaghlaigh air.

Tá tacaíocht do fheighlí linbh baile ar fáil chomh maith agus deontais do ghrúpaí tuismitheoirí agus leanaí. Cuirtear cúrsaí traenáil cúram leanaí FETAC Leibhéal 5 agus 6 ar fáil i gcomhair leis an gCoiste Gairm Oideachais Chontae & Chathair na Gaillimhe. Tá ranganna leibhéal 5 agus 6 ar siúl i gCúram Leanaí i láthair na h-uaire in Ionad Breisoideachais i Ros Muc. Go deimhin beidh an chead teastas iomlán FETAC i Leibhéal 6 Cúram Leanaí as Gaeilge á bhronnadh i Ros Muc i mí na Samhna 2011. Comhghairdeas libh uile. Reachtaíltear cúrsaí in-seirbhísí do fhoireann chúram leanaí chomh maith i gConamara Thuadh agus Theas. Reáchtáiltear na cúrsaí seo thrí mheán na Gaeilge i gceantair Gaeltachta, agus tá breis is 50% don fhoireann in oifig an Choiste Chúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe ina gcainteoirí líofa Gaeilge san oifig atá lonnaithe ar an Liobáin i gCathair na Gaillimhe.



**Máire uí Chualáin - Stiúrthóir an Ionaid.**

**Má theastaíonn eolas faoi chúrsaí nó deontais glaoigh ar 091-752039 nó is féidir eolas a fháil faoi chúrsaí, deontais agus srl. ar an láithreán gréasáin www.galwaychildcare.com nó seol ríomhphost chuig: memie@galwaychildcare.com**

**************************************************

**Tá an tIonad Cúram Leanaí i Roisín na Mainíoch istigh faoi scáth Chomhar na Naoínraí Gaeltachta. Sí Máire Uí Chualáin an Stiúrthóir. Bhí 14 ag freastal ar an Naoínra nuair a bhí muid ag scríobh agus bhí 11 ag teacht chuig an Naoíleann. Tá Máire an-dóchasach go dtiocfaidh borradh agus fás ar an Ionad Cúram Leanaí de réir a chéile agus tá ard-mholadh tugtha aice do Fhorbairt Chonamara Láir as an obair atá déanta acu i bhforbairt an Ionaid.**


**Seo í an uimhir teileafóin san Ionad: 095-32839.**


top
Serving our local community
top
top
Supplying quality fuel products at competitive prices
•Agricultural & Marine Diesel •Road Diesel •Heating Oil •Fuel Cards
TOP Clifden
095 21777
www.top.ie
top

# Leonard Doyle

## Ollmhargadh Mhic Oireachtaigh

**Carna**
**Conamara**
**Co. na Gaillimhe**
**Fón 095-32239**



**Bigí linn ar an 24 Nollag:** Beidh sóláistí le fáil ó 8:30 ar maidin go dtí 6 tráthnóna.



# Búistéara

## Boned and Rolled Turkey and Ham Available







# Fíon



# Bácús agus Deli



*Beannachtaí na Nollag don phobal uilig.*

# NOEL GREALISH T.D.



**OIFIG TOGHCHEANTAIR**
**BRIARHILL BUSINESS PARK**
**BRIARHILL**
**GAILLIMH**

**T: 091 764807**
**F: 091 764974**
**E: noel.grealish@oireachtas.ie**

**Aonad 5A**
**Ionad Fiontair Ruisín na Manach**
**Carna**
**Co. na Gaillimhe.**
**Fón/Faics 095 32802 / 087 6342352**
**Ríomhphost: admin@bealach.ie / www.bealach.ie**

**Comhordnóir: Maggie Uí Fhlátharta**
**Riarathóir Oifige: Caitlín Nic Dhonnacha**
**Eagraíocht Tacaíocht:**
**Pobal, Údarás na Gaeltachta, Feidhmeannas Seirbhís Sláinte an Iarthair, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhlucht Forbartha Tuaithe na Gaillimhe.**

Tá cláracha iompar tuaithe dá reachtáil ar fud na tire le tacaíocht ón eagraíocht Pobal ón mbliain 2003. Is é an eagraíocht Bealaach ata ag bainistiú agus ag riaradh na seirbhísí í gceantar Chonamara, na hOileáin Mara agus an ceantar Gaeltachta in Oirthear na Gaillimhe.
Is seirbhís bus Áitiúil é Bealach atá ag gníomhú í do cheantar chun deis a thabhairt do dhaoine freastal ar sheirbhísí áitiúla, mar shampla siopaí , Oifig an Phoist, Ionad lae srl. agus chun ceangal le seirbhísí iompar eile. Tá conradh af Bealach le lucht iompar Áitiúil chun an seirbhís bus a chur ar fáil í do cheantar. Tá na seirbhísí ar fad oscailte don phobal.

**Comhluchtaí a bhfuil conradh acu le Bealach**

MICHEAL NEE COACHES
Srath Salach
Co na Gaillimhe
Tel: 095 34682

O GAORA HAICNAÍ
Cárna,
Co na Gaillimhe
(095) 32260 nó (087) 2249487

COMHARCHUMANN FORBARTHA ÁRANN
Cill Rónáin,
Inis Móir,
Arann
(099) 61354

COLM Ó MAINÍN
Turlach,
Rosmuc,
Co. na Gaillimhe.
(091) 574113 nó (087) 2962084

HOLIAN BUS AND TAXI SERVICE
Cross,
Cong,
Co. Mayo.
Tel: 094 9546403

BALLINAKILL ACTIVE AGE CLUB
c/o Forum,
Ellis Hall,
Letterfrack,
Co. Galway.
Tel: 095 41046

Aosach na nOileán
Tír an Fhia,
Leitir Mór,
Co. na Gaillimhe/
Tel: 087 9111802

FERRYLINK TEO.
Seanaghurrain,
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe
(091) 553378 nó (087) 2640840

MUINTEARAS
Tír an Fhia,
Leitir Móir,
Co. na Gaillimhe.Tel: 091 55114

TEARMANN ÉANNA
An Tulach
Baile na hAbhann,
Co. na Gaillimhe.
Tel: 091 553033

TAISTEAL AN CHEATHRÚ RUA
Clynach,
Ceathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.
(087) 2536426

John Joe O'Reilly
36 Carrowmaragh,
Oughterard,
Co. Galway.
Tel: 087 2663048

Majella Burke,
Athay,
Recess,
Co. Galway.
086 8797174

Festus Ó Flátharta,
Gleann Trasna,
Rosmuc,
Co na Gaillimhe.
087 2347776

Paul Nash Travel,
Kiltrogue,
Claregalway,
Co. Galway.
087 8161400

Inishbofin Development Co.,
Inisbofin Island,
Co. Galway.
095 45861

**Baill Bord Bealach:**
**Morgan Ó Conchubhair**, Comharchumann Shailearna Teo., - **(Cathaoirleach)**
**Anne O'Shaughnessy**, Clann Resource Centre **(Runaí)**
**Elaine Quinn** - Galway Rural Development **(Cisteoir)**
**Seamus Ó'Connell**, Coiste Baile Chláir na Gaillimhe **(Leas – Chath)**
**Eamonn Ó hÉanaigh** - Údaras na Gaeltachta
**Dan Quaid** - HSE
**Yvonne Keane** - Forum
**Ann Mallaghan** – Bord Forbartha na Chondae Board,
**Máire Uí Éannaigh**, Coiste Gairmoideachais Cho. na Gaillimhe,
**Máire Uí Ghiobúin**, Camus
**Geraldine Ní Ghoill**, Comharchumann Forbartha Árainn Teo.,
**Adrian Reidy** PWDI,

# Turas go hOileán Máisean!







**Beithigh as Muigh-Inis ag dul ar féarach go hOileán Máisean**
Amach as an mbád....ag teacht i dtír.... agus ag pramsáil ar thrá an oileáin!Tá talamh istigh ag Mícheál Ó hUaithnín agus ag Micheál Ó Clochartaigh. Bád Mhalóid a bhí acu.  Micheál Ó hUaithnín fear an cheamara.

# Lá Oscailt Shiopa Mhic Dhonnacha i gCill Chiaráin.




**Ó chlé: Seán Bán Breathnach agus Richard Mac Donnacha ag seoladh Tí Mhic Dhonnacha faoi bhainistíocht nua i mbliana, 2011.**



**Ó chlé: Mary uí Thuatháil (Cill Chiaráin) Bríd uí Chadhain agus Cáit uí Dhonnacha (Cill Chiaráin).**



**Ó chlé: Babe uí Dhonnacha (Aird Mhóir) agus Kathleen Bhreathnach (Cill Chiaráin).**

# Pósadh



Michael Sullivan Loch Con Aortha (Sasana)agus Julie Ní Dhubháin an Aird Mhóir (Sasana) a phós ar an 24-10-2011.



Eileen Ní Mháille as Doire Iorras agus John B. Ó Mainnín as an gClochán í Séipéal Chill Chiaráin 24-10-2011.



# Muintir Mhic Tháibhís.



Gasúir Chaitlín (Nic Táibhís) agus Ian McDermott i mBoston – ó chlé na cúplaí Jack agus Ultan...Ella agus Hayley.



P.J. Mac Táibhís (mac le Páraic agus Máire Mac Táibhís as an gCeathrua Rua) agus Mary T. Garvey as Gleann Coiribe a fuair geallta i mbliana.



Saoirse agus Conor Mac Táibhís (clan Joe Mac Táibhís agus a bhean Kathleen i mBoston) i gcomórtas damhsa.

# Pósadh



Charlene Conroy agus Simon Connolly as Duibhithir a phós i Séipéal Naomh Seosamh i Leitir Fraic ar an 20ú Samhain 2010.



Muiread Ní Chualáin as Muighros agus Greg Zieba a phós i gCarna ar an 30-7-2011.



Sandra Curran and Declan Seoige as Glinsce a phós ar an 23-9- 2010.



Christina Ní Chualáin as Muighros agus Páraic Sullivan as Bushy Park a phós ar an 3-9-2011.

# Debs 2011



**Molly Ebbs Castleknock, (Baile Átha Cliath) agus Kevin Ó Conaire (Coillín)**



**Fíona Ní Foghlua (Muighros)**



**Proinsias Ó hIarnáin (Roisín na Mainíoch) agus Eilís Ferrons (Dubhithir)**



**Gerry Ó Súilleabháin (Loch Con Aortha).**



**Ar chlé; Bríd Áine Ní Mhaoilchiaráin (Bantrachard) agus Margaret Ann Ní hAllmhuráin (Cill Chiaráin).**



**Réamón Ó Flatharta (Bantach Ard).**

# Seaimpíní




**Breandán Ó hIarnáin as Roisín na Mainíoch agus an Corn aige – an chéad áit sa comórtas damhsa ar an sean nós idir 15-18 . Ar chlé – a dheartháir Prionsiad agus an bonn airgid aige agus an dara háit aige sna Sinsir sa damhsa ar an sean-nós.**




**Séamus Ó Flatharta, An Aird Mhór agus an chéad áit agus Sheosaimh Uí Éanaigh buaite aige san amhránaíocht ar an sean-nós idir 12-15.**




Séamus Ó Dubháin as an Aird Mhóir sa lár agus gradam onóra dá bhronnadh ar ag Fleadh Cheoil na hÉireann sa gCabhán ar an 17ú Lúnasa 2011. Tá cathaoirleach Chomhaltas Ceoltóirí Éireann Labhrás Ó Murchú ar chlé.



Gearóid Ó Dubháin as an Aird Mhóir – damhseoir sean-nóis a bhua 5 dhuais mhóra i mbliain amháin...Oireachtas 2010; Féile na Mídhe 2010; bonn Chraobh an Domhain i gCo na Mídhe 2011; Pléaráca 2011 agus cupán Mhichael Coyne.

# Lucht Spóirt



Michael Coleman Ó Flatharta as an Aird Mhóir ag fáil cleachtadh ar cheird na dornálaíochta – in éineacht le iar sheaimpín an domhain, Bernard Dunne i gclub Ros Muc i mí na Samhna 2011.




Hubert MacCraith ar dheis ag bronnadh Corn Cuimhneacháin Mháirtín Mac Craith (as Glinsce) ar chaiptín na fóirne a bhuaigh an comórtas ar 1-1-2011 – sin é Cillian Ó Coirbín.



*Pic: Christy Farrell*

**Starlights' midfielder Seán Cloherty on the attack from Shelmaliers' Graham Staples in Friday night's replayed county U16 football premier final.**

Cá bhfágfadh sé é? Seán Cloherty mac le Joe Cloherty ag imirt i gcluiche ceannais faoi-16 Loch Garman. Buachadar an chraobh; tá leathscór bonn contae sa bpeil agus san iománaíocht ag Seán anois.




Máire Ní Chlochartaigh in éineacht le Seán Kelly an gaiscíoch rothaíochta. Bhí Máire théis 80 míle rothaíochta a dhéanamh an uair sin.

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna

Áras Shorcha Ní Ghuairim

**Cúrsaí Réamhollscoile, Cúrsaí Oideachais den dara seans agus Gearrchúrsaí**

- An Clár i gCultúr Áitiúil – Tionscnamh Traenála Áitiúil i gComhar le FÁS a áiríonn Scileanna Teanga agus léargas ar an gCultúr Dúchasach cónasctha le scileanna ríomhaireachta.
- Ranganna labhartha Gaeilge do thosaitheoirí agus d'fheabhsóirí
- Gearrchúrsaí deireadh seachtaine, seachtaine agus coicíse sa Ghaeilge agus san Oidhreacht Chultúrtha
- Ranganna ríomhaireachta do raon leathan spriocghrúpaí

**Cúrsaí Fochéime**

- Dioplóma sa Ríomhaireacht don Riarachán Gnó – Cúrsa bliana lánaimseartha dírithe ar dhaoine ar mhaith leo fostaíocht a aimsiú mar riarthóirí oifige agus mar chúntóirí riaracháin.
- Dioplóma sna Teicneolaíochtaí Gnó – Cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain, oíche amháin sa tseachtain, dírithe ar dhaoine ar mhaith leo scileanna láidre nua-theicneolaíocha a aimsiú.
- Dioplóma i Léann an Traidisiúin - Cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain, oíche amháin sa tseachtain, ar a dtugtar léargas thar a bheith spéisiúil ar an gcultúr traidisiúnta agus ar an mbéaloideas.
- Dioplóma sa Ghaeilge – Scileanna láidre teanga idir labhairt agus scríobh a roinnt le daoine

**Cúrsaí agus Deiseanna Iarchéime**

- M.Sc. trí Thaighde sa Ríomhaireacht – deis do chéimithe cáilithe le Gaeilge tréimhse a chaitheamh i mbun taighde ar shainréimse de Theicneolaíocht na Faisnéise
- Tionscnaimh taighde agus forbartha a chonascann teanga agus teicneolaíocht ar bhealaí nuálacha
- Sainchomhairle i leith na Gaeilge agus na Nuatheicneolaíochta

Tuilleadh eolais:

Fón: 095 – 32834

Facs: 095 - 32836

Ríomhphost: nora.uishuilleabhain@oegaillimh.ie

www.acadamh.ie

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

# Seán Madden - saol an 'scooter'... agus an saol ina dhiaidh sin.



Seán Madden as Ruisín, Cill Chiaráin thuas i mBeairic Átha Luain ar chúrsa F.C.A. - Cúltaca an Airm- i 1961



Seán Madden ar chlé agus a uncail Johnny Madden i gCill Chiaráin.



Ó chlé: Tommy McTavish, Páraic Madden agus Seán Madden ag pósadh a dhearthára i séipéal an Chlocháin.

# *Na Cualáin agus Na Flatharta*



Colm agus Máire uí Chualáin as Carna. Seo hiad athair agus máthair Stiofáin, Phádraig, Sheáin agus Mhaggie uí Fhlatharta i gCoill Sáile..agus na Cualáin uilig.

→



Pat Bhid Ó Flatharta as Coill Sáile agus máthair a bhean - sin í Máire uí Chualáin as Carna. ↑

Pat Bhid agus a bhean Maggie (Ní Chualain) agus a gclann iníon – an cúpla – Margaret Ann ar chlé agus Máirín.

→








**An pictiúr ar chlé**….Na Cualáin as Carna gléasta amach ag an mbainis…ó chlé – Michael, Dara, Máire, Ciarán agus Nan.
**An pictiúr ar dheis**…ó chlé - Maggie Choilm (Ní Chualáin) agus a fear Pat Bhid Ó Flatharta; Fred Kay as Huddersfield i Sasana agus a bhean Mary Bhid as Coill Sáile.

# Píopaí



Johnny Bailey (ar chlé) agus Paddy Dundass

# Curraoíní,Ceannabháin, Ó Cuív agus comhluadar.



**Líne cúil: ó chlé** – Joe Phat Curran, a bhean Grace agus a h'iníon Gracie (bean Phat Jim Ó Ceannabháin).
**Chun tosaigh: ó chlé** – Joe Phat Jim, Cáit Phat Jim, Mary Phat Jim agus Micil Curran (mac le Joe agus Grace).



Anthony Curran as Cill Chiaráin. Bhí sé ina shaighdiúr in Arm Shasana agus tógadh an pictiúr seo i 1945.
Bhí Anthony sa gCéad Chogadh Mór agus sa Dara Cógadh Mór a chríochnaigh an bhliain sin -1945.

---------------------------------

Bríd bean uí Bhéartha sa lár, a hiníon Margaret ar chlé agus an Teachta Dála Éamon Ó Cuív i gCarna i mbliana.



FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY

# Éamon Ó Cuív T.D.



Oifig Dáilcheantair, Teach Kirwin,

Sráid Thobar an Iarla, Gaillimh

| | |
|---|---|
| **Fón:** | **(091) 562846** |
| **Facs:** | **(091) 562844** |
| **Ríomhphost:** | **eamon.ocuiv@oir.ie** |
| **Suíomh Idirlín:** | **www.eamonocuiv.ie** |

# Siopa Dowd

**Carna**

**Conamara**

**Fón /facs: 095-32882**



Cártaí Mháirín

# Ó Dubhda, Tógalaí

*Seolann muid beannachtaí na Nollag chuig ár gcustaiméaraí ar fad.*

# Peil na nÓg 2011

Tá comórtaisí na bliana seo críochnaithe le tamall anois. Fóirne faoi 11, 12, 13, 14 agus 15 as ceantair Charna, Caiseal agus Ros Muc a chuaigh chun páirce agus d'éirigh go maith leo. Idir shraith na cathrach, sraith an Iarthar agus comórtaisí craoibhe imríodh riar mhór cluichí. Bhí roinnt mhaith den na himreoirí ag imirt ag trí aoisghrúpa éagsula i gcomórtaisí éagsula i rith an tsamhraidh, b'fhéidir iomarca peil amantaí más féidir lena leithid tarlú. i mbliana is cluichí gan choimhlint nó "development games" a bhí ag na fóirne faoi 11 agus 12. Thosaigh an choimhlint ag fóirne faoi 13 agus bhí an bua ag an Spidéal orthu i gcluiche leathcheannais sraith na cathrach. Níor chaill siad aon chluiche i sraith an Iarthar agus thug sin iad go dtí an cluiche ceannais i bPáirc Ros a Mhíl i gcoinne Árainn i mí Meán Fómhair. Bhain an slua deas a bhí bailithe an-taitneamh as an gcluiche a bhí cothrom go maith suas go dtí leath ama. Dhá chúl scufánta i lár and dara leath a thug an ceann in uachtar dóibh as sin go deireadh. Scór deireadh 4-7 : 3-2.

D'éirigh le foireann faoi 14 dhá sciath a thabhairt abhaile leo. Sciath na sraithe i gcoinne Árainn 3-11 : 2-7. Ansin ar Pháirc an Fháirche i gcoinne Cill Chonla i sciath na craoibhe, sciob siad an cluiche leo le scóranna ag deireadh na h-imeartha leis an scór deireadh 4-5 : 2-10. Roinnt blianta ó shin bhíodh cluichí in aoisghrúpaí 15 agus 16 againn i gcoinne Coláiste Sheosaimh, cluichí a thug peileadóirí áitiúla ar aghaidh ag an am. Chuir muid tús leo aríst i mbliana ach bhí scoláirí Choláiste Sheosaimh ró-láidir agus ró-ghlic dhúinn. Tá súil againn leanacht ar aghaidh leo seo sna blianta amach romhainn.

Bhí 'blitzanna' ag na grúpaí faoi 8 agus faoi 10 ar siúl i rith an tsamhradh don chéad uair. Chúig fhoireann agus chúig mhaidin Satharn sna hionaid sin agus ag críochnú i gCarna. Ach déanadh dearmad ar an iomaíocht, an choimhlint, an bua agus an chailliúnt nuair a bhí an 'chipper' ag fanacht taobh amuigh tar éis an fheadóg dheireadh.

Buíochas faoi chuile chúnamh i rith na bliana.

## C.L.G. Carna/Caiseal

**Cuireann an cumann áitiúil foirne idirmhéanach agus soisear chun páirce i rith na bliana. Freisin i gcomhar le Cumann Peile na bPiarsaigh Ros Muc, cuirtear chuig fhoireann faoi aois idir 11 agus 15 bliana amach. Cuirtear traenáil ar na bhfoirne seo faoi scáth an dá chumann.**

**Buíochas as tacaíocht an phobal ó thaobh ceannacht lotto's agus chuile chúnamh eile i rith na bliana.**

# Peil na nÓg

**Buaiteoirí Sciath an Iarthair Roinn 2 Faoi 14 2011 - fuair siad an ceann is fearr ar Oileáin Árainn i Stáid an Phiarsaigh Iúil 2011.**




**Líne cúil:ó chlé: Eoin Ó Niadh, (Bainisteoir), Mac Dara Ó Curraoin, Séamus Mac an Rí, Ronán Eselmont, Micheál Ó Súilleabháin, Seosamh Ó Tóibín, Liam Ó Conaire, Caoimhín Ó Súilleabháin, Seosamh Ó Guairim, Máirtín Ó Clochartaigh, Brian Ó Cléirigh (Bainistíocht)**
**Líne tosaigh ó chlé: Micheál Mac Donnacha, Michael Coleman Ó Flatharta, Riocard Ó Guairim, Marc Mac Cormaic, Stephen Mac Donnacha, Seán Ó Conaire, Máirtín Ó Clochartaigh, Cathal Ó Maoilchiaráin agus Dara Ó Flatharta.**




**D'éirigh go han-mhaith leo i mbliana - fuair siad an ceann is fear ar Rinn Mhaoile, An Clochán agus Naomh Anna - chríochnaigh siad féin agus An Cheathrú Rua ar chomhscór agus cháil siad an cluiche in aghaidh Micheál Breahnach.**

**Líne cúil ó chlé: Tomás Ó hAllmhuráin, Máirtín Ó Clochartaigh agus Páraic Ó Nia.**
**Líne 2 ó chlé: Fionn de Brún, Dara Ó Flatharta, Aenghus Mac Donacha, Michael Coleman Ó Flatharta, Pól Ó Gríofa, Declan Mac Mathúna, Ciarán Ó Niadh, Caoimhín Ó Súilleabháin agus Liam Ó Criodháin.**
**Líne tosaigh ó chlé: Eoin Ó Tuathail, Ronán Ó Flatharta, Thomas Ó hAllmhuráin, Máirtín Ó Clochartaigh, Eoin Mac Giolla Pháraic, MacDara Ó Coileáin agus MacDara Ó Ceallaigh.**

# Na Clochartaigh agus a gcairde ag ceiliúradh.



Tháinig Maud Potet sa gcárr asail ag dul chuig ócáid a pósta le Micheál Ó Clochartaigh as Maoinis ar an 12-8-2011. Ag tabhairt lámh chúnta ar chlé – Johnny agus Páraic Ó Clochartaigh agus ar dheis Colm Ó Clochartaigh agus Giovanni...sin é leas athair na brídeoige.



Maud agus Micheál Ó Clochartaigh ar an 12ú Lúnasa 2011.



Ag ócáid cheiliúrtha de Chonradh na Gaeilge. Ó chlé...Peadar Mac Fhlannchadha, Timire an Chonradh; Eileen Ní Chlochartaigh-Bairéad, Bairbre Ní Fhlatharta – iníon Mháire Ní Chlochartaigh - agus Catherine Ní Ghuairim as Roisín na Mainíoch agus TG 4.

# Debs 2011



Caroline Ní Ghaora (Muigh Inis) agus Michael Loftus (An Cheathrú Rua).



Micheál Ó Maoilchiaráin (An Aird)




Thelma Níc Dhonnacha (Carna) agus Thomas Ó Catháin (Roisín na Mainíoch).



Éanna Ó Fallúin (Carna) agus Róisín McQuinn (Uachtar Ard)



Dean Ó Fallúin (Coillín) agus Mary Ellen Ní Fhlatharta (Bantrach Ard)



Deirdre Ní Standúin (Caiseal) agus Eoghan Kilkenny (Clochán).


As Maoinis i dtreo Charna
Pic le; Bernadette Uí Mhaoilchiaráin

# Ionad Cúram Leanaí Iorras Aithneach.




Cuid de na gasúir san Ionad nua Cúram Leanaí a hosclaíodh ar Eastáit Údarás na Gaeltachta i Roisín na Mainíoch i mbliana. Na stiúrthóirí anseo...Máire uí Chualáin ar chlé agus Margaret Ann uí Chonaire ar dheis.


Ó chlé chun tosaigh: Sorcha Ní Mhaoilchiaráin, Katie Ní Loideáin, Tharuk Kumarasinghe, Caoimhe Ní Cheannabháin, Máirtín ó Clochartaigh, Oisín De Brún.

Ó chlé ar gcúl: Caoilinn Ó Murchú, Luke Ó Loideáin, Aisling Ní Chadhain, Lorna Ní Laighin, Ellie May Ní Dhunaird, Amy Ní Chlochartaigh, Cole Ó Gaora, David Ó Conaire.



Tuilleadh gasúir, bail ó Dhia orthú, san Ionad nua Cúram Leanaí i Roisín na Mainíoch. In éineacht leo anseo tá Bairbre uí Bhriain as Cill Chiaráin agus Mary Nash as Caladh bhFuinse, cúntóirí san Ionad.

Ó chlé: Micheáll Ó Cathasaigh, Martha Ní Chathasaigh, Kate Ní Cheallacháin, Fia Ní Cheoinín, Antoine Ó Cualáin, Conchubhar Ó Ceallacháin, Brian Mac An Iomaire, Ryan Nash, Zara Ní Mhaoilchiaráin agus Laura Ní Chualáin.


An Aird Thoir
Pic le: Bernadette Uí Mhaoilchiaráin

# Bliain na Naoíneán/ Bliain an tSneachta.



Joe Puliafico i Maoinis agus an t-asal "Micilín" san Eanáir.



Mémie uí Chualáin, Oifigeach Forbartha Choiste Cúram Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Osclaíodh an tIonad Cúram Leanaí sa bhFómhar. Baint mhór ag Mémie leis.




Mairéad Mhic an Iomaire anseo – Stiúrthóir Chomhar na Naoínraí Gaeltachta...iad i gceannas ar an Ionad i gCarna. Ó chlé: Donncha Mac Fhionghaile, Aire Stáit na Gaeltachta; Pádraig MacDonnchadha, Coiste CNNG; Mairéad agus Liam Ó Maolaodha, stiúrthóir na Oireachtais.



Ryan Nash; An chéad pháiste san Ionad Leanaí; agus a mhathair Mary.

Mary Ellen Ní Fhlatharta as an mBantrach Ard in éineacht leis an bhfear sneachta. Bhí sí ar an mbliain ab fhuaire le fada an lá...-14 celsius maidin oíche Nollaig 2010 in Iorras Aithneach.



# In éadan sléibhte árda an tsaoil.



Fear scafánta aclaí. Kairan Moylan anseo sa ngeansai dearg, a dhearthair Michael ar dheis...agus a dheartháracha Joe agus Seán ar chlé dó agus iad ag dul i dreapadóireacht.




Ach bhí sléibhte níos airde le sárú ag Kairan sa saol...an ailse.
Seo h'é Kairan théis go leor strachala a bheith déanta aige leis an tinneas agus cóir leighis throm. Ó chlé – Eóin, Laine, Kairan é féin, Lorna agus Evelyn.



Théis strapadóireacht mhór tá Kairan tagtha ar ais chuige féin. Ó chlé – Kairan é féin, Lorna, Laine (clann iníon), Evelyn agus Eóin agus é fasta suas ...agus é gaibhte i gcosúlacht gomór lena lena athair, bail ó Dhia air.

# "You're one of those who should have died" - Dochtúr
# Ach Tarlaíonn Míorúiltí

*le Kiaran Ó Maoileáin.*

*Fear gnímh agus fear uasal. Chomh maith lena chuid oibre féin agus a chúramaí féin, bhíodh Kiaran Ó Maoileain as an Aird Mhóir bainteach le hobair phobail de chuile chineál. Is iomaí beart agus taisteal rinne sé ar thoscaireachtaí agus ar ghnóthaí eile ar mhaithe leis an taobh seo tíre.*
*I mbarr a mhaitheasa a bhí sé nuair a bhuail donnacht é a thabharfadh é go doras an bháis... agus ar ais. Insíonn Kiaran é féin an scéal anseo.*

Sa mblian 2005 d'athraigh mo shaol go brách. Bhí mé breá sásta le mo shaol. Bhí postanna maithe agam fhéin agus mo bhean chéile Evelyn. Bhí na gasúir, Lorna, Eoghan agus Laine ag freastal ar scoil agus ag éirí go maith leo. Bhí muid sásta le chuile shórt a bhí againn agus cheap muid nach n'athródh rudaí go deo. Ach faraoir, ní mar sin a tharla sé, agus thar oíche d'iompaigh chuile shórt bun ós cionn. I mí Aibreáin na bliana sin, gan coinne ar bith, fuair mé amach go raibh ailse orm.

Ar feadh mo shaoil thug mé an-aire do mo shláinte, níor chaith mé aon toitíní agus bhí mé cúramach faoi chuile shórt a d'ith mé. Ag an am bhí mé ag obair ins an Saotharlann Mara i Muighinis i gCárna. Bhí muid ag socrú suas gorlann trosc in san saotharlann ag an am agus bhí muid gnóthach go maith. Ag an am céanna bhí athraithe go leor ag tarlú ó thaobh bainistíochta sa saotharlann agus ní raibh rúdaí ag dul chomh maith agus ba cheart dóibh a bheith. Bhí go leor teannas san áit agus is dóigh go raibh muid uilig faoi strus, ach sin scéal le h-aghaidh lá éigin eile.

Taobh amuigh don obair sé an caitheamh aimsire is mó a bhí agam ná rothaíocht agus siúl sléibhe. Bhí mé ocht mbliana agus dhá scór d'aois ag an am, agus bhí mé chomh h-aclaí is a d'fhéadadh duine ar bith a bheith ag an aois sin. Thaithnigh snámh go mór liom agus bhí sé i gceist agam páirt a thógáil in san triathlon a bhí le bheith i gCárna an bhliain sin. Ach ar ndóigh ní mar sin a tharla. Deir siad go mbíonn comharthaí áirithe ag baint le ailse lymphoma ach caithfidh mé a rá nach raibh morán ag cuir as dhom ag an am. Ní raibh mé ag cailleadh meacháin agus bhí mé ag ithe go maith. Ag breathnú siar anois bhí cúpla rud a tharla ar thug mé neamhaird orthu ag an am. Bhí mé ag fáil tuirseach níos minicí ná de ghnáth, ach bhí mé ag déanamh go leor taistil chuile sheachtain agus cheap mé gur b'shin é an fáth a bhí leis. Freisin, bhí mé ag fáil pian i mo láimh, ach arís cheap mé gur sean ghortú a bhí ag cuir as dhom agus níor thug mé mórán aird air.

## An Focal Scanrúil – an Ailse.

I lár mí Aibreáin 2005, fuair mé droch phian i mó láimh agus chaith mé cúpla lá a thógáil ón obair. Bhí dhá lá caite agam ar an leaba nuair a thug Evelyn faoi deara go raibh mo mhuineál an-ataíthe. Thug sí isteach ag an ospidéal mé láithreach. Cuireadh go leor scrúdaithe orm ach tar éis ultrasound a dhéanamh dúradh liom go raibh clot fola in san féithe jugular agus go raibh sé ag dul síos i mo chliabhrach agus i mo láimh chlé. Bhí an clot imithe suas chomh fada le mo chluais agus bhí sé thar a bheith contúirteach dá ngabhfadh sé suas in san inchinn. Cuireadh i leaba mé ar an bpointe agus cuireadh [drip] warfarin orm leis an fhuil a dhéanamh tanaí. Bhí mé ar antibheathaigh láidir freisin mar cheap na dochtúir gur aicíd áithrid a bhí i mo chuid fola. Tar éis seachtaine, nuair a bhí chuile shórt triailte cuireadh scan orm agus fuair siad amach go raibh meál mór i mo chliabhrach agus go gcaithfí biopsy a chuir air. Mar gheall ar an clot fola níor tharla sé sin go ceann trí seachtainí. Bhí chúig seachtainní caite sa leaba agam nuair a tháinig toradh an biopsy ar ais.

Tháinig an dochtúir chomh fada liom agus dúirt sé go raibh droch scéal aige dhom, ach go

bhféadadh an scéal a bheith níos measa. Dúirt sé liom go raibh non-Hodgkins b cell lymphoma orm ach gur ailse é a d'fhéadfaí a leigheas le cúrsa chemotherapy. Athraíodh suas go bárda Naomh Seosamh mé, faoi chúram an dochtúr Michael O' Dwyer, agus thosaigh mé ar an chemo an lá dar gcionn. Fuair mé ocht cúrsa chemo thar tréimhse sé mhí agus ansin cuireadh scan orm arís. Ní raibh toradh maith leis an scan. Bhí an meall ansin i gcónaí agus ní raibh morán laghdú déanta aige.

## Tuilleadh Drochscéalta.

Ag an bpointe seo socraíodh go dtabharfaí réimse nua chemo dhom. Bhí sé seo níos láidre agus chaithfinn é a fháil 6 lá i ndiaidh a chéile. Bhí cheithre chúrsa i gceist agus fuair mé an chéad phéire roimh an Nollaig 2005. Fuair mé an chemo seo an-chrua agus bhí mé sách tinn ina dhiaidh. Chaith mé cúpla lá sa mbaile ag an Nollaig agus chuaigh mé ar ais aríst le haghaidh an chuid eile don chemo a fháil. Chríochnaigh mé an cúrsa seo in san mbliain nua agus déanadh scan eile ansin, ach aríst ní raibh aon scéal maith le fáil. Bhí an scéal ag fáil tromchúiseach faoin am seo agus tar éis tuilleadh scrúdaithe ar an meáll bhí sé soiléir go raibh an lymphoma neamh-choitianta agus go raibh sé níos tréine ná a cheap na dochtúir ar dtús.

I mí Feabhra saothraíodh mo chuid stem cells fhéin agus cuireadh i dtaisce iad mar cuid den cóir leigheas a bheadh amach romham. Stem cell harvest a tugtar ar seo agus bhí an t-ádh orm gur déanamh é ag an am mar chuidigh sé go mór liom ag deire an lae. Faoin am seo bhí mé ag cailleadh roinnt meáchain agus bhí mé sách lag théis beagnach bliain iomlán ar chemotherapy. Mar gheall gur theip chuile shórt suas go dtí seo socraíodh ar cóir leighis radaíochta a thriail. Bhí an t-aonad nua radaíochta díreach oscailte in san ospidéil i nGaillimh ag an am agus ní bheadh orm dul go Baile Áth Cliath leis an gcoir leigheas seo a fháil. Bhí mé in ann fanacht sa mbaile agus a dhul isteach ag an aonad chuile lá ar feadh cúpla uair an chloig. Rinne mé é seo ar feadh 35 lá. Bhí an chóir radaíochta ceaptha a bheidh i bhfad níos éasca ná an chemo ach sé a mhalairt a tharla dhomsa. Rinne sé an oiread damáiste is a rinneadh sé maitheas, go mór mór timpeall ar mo chroí agus mo chuid scamhóigí. Dhóigh sé mo mhuinéal taobh istigh chomh dona is nach raibh mé in don tada a shloigeadh. Chaill mé go leor meacháin ag an bpointe seo agus fuair mé an-lag.

Nuair a bhí an chóir radaíochta thart cuireadh scan eile orm, ach arís ní raibh aon scéal maith le fáil. Bhí rudaí ag fáil níos measa. Bhí an meall beagnach imithe, ach bhí an ailse ag scaipeadh thríd mo cholainn. Ní raibh mo aé (liver) ag obair i gceart agus cuireadh stint isteach le h-aghaidh é a dhraenáil. Bhí dath buí tagtha orm faoin ám seo agus ní raibh rudaí ag breathnú go maith. Bhí chuile shórt triailte ach bhí borradh ag teacht ar an ailse in áit a mhalairt. Tháinig an dochtúr O' Dwyer chugam ag an bpointe sin agus dúirt sé liom go raibh staidéar déanta ar meascán nua chemo in san Iodáil agus gur tugadh do cheithre dhuine dhéag é a raibh an lymphoma céanna orthu is a bhí ormsa. Ní raibh ann ach triáil ach d'éirigh go maith leis agus d'iarr sé orm an mbeinn sásta é a thriail. Dúirt mé leis leanacht ar aghaidh chomh luath agus agus a b'fhéidir mar nach raibh tada eile fágtha dhom. Tháinig mé abhaile ansin mar bhí socraithe le déanamh leis an chemo nua seo a thabhairt dom nuair a bheadh leaba ar fáil i mbarda Naomh Seosamh.

## Ar tháirseach an bháis.

Bhí mé ar an Áird Mhóir ag an am agus bhí mé chomh lag gur ar éigín a bhí mé in ann éirigh as an leaba. Mí Iúil a bhí ann agus bhí an aimsir go breá. Rinne mé iarracht éirigh tráthnóna amháin ach thit mé ar an urlár agus thosaigh mé ag cur amach fola. Chuir Evelyn fios ar an dochtúr agus tháinig an dochtúr Linda, a bhí i gCárna ag an am agus chuir sí ar drip mé. Chuir sí fios ar otharcharr Chárna. Siad Michael Phat Thomáis agus Bridgie McTavish a bhí san otharcharr agus bhí muid ar an mbealach go Gaillimh taobh istigh do fiche nóiméad. Cuireadh isteach in san aonad dian – chúram mé agus tugadh sé aonad fola dhom i ndiadh a chéile. Bhí mo bhrú fola chomh h-íseal is go raibh sé deacair é a léamh. Dúradh le Evelyn dá mairfinn an oíche go mbeadh seans agam ach go raibh mé thar a bheith íseal agus lag. Tháinig mé thríd an oíche agus cúpla lá ina dhiadh sin tháinig an dochtúir O'Dwyer isteach agam agus

dúirt sé go raibh sé ag leanacht ar aghaidh leis an chemo má bhí mise sásta leanacht ar aghaidh. Shocraigh muid go dtosfódh muid an lá dár gcionn. Nuair a bhí sé imithe dúirt banaltra liom nach dtarlaíonn sé go brách go dtarbhfaí chemo in san aonad dian chúraim. Bhí mé beo ar éigín ach ní raibh aon dul as agam ag an bpointe sin. Tháinig mé thríd an chemo seo agus thaispeáin an chéad scan eile go raibh an ailse laghdaithe go mór. Dúirt an dochtúr O'Dwyer go bhféadfadh muid an stem cell transplant a dhéanamh ag an bpointe seo. Aríst, tugadh chemo an-láidir dhom ar feadh sé lá agus ansin cuireadh ar ais mo chuid stem cells fhéin i mo chuid fola. Thóg sé seo thart ar sé seachtainí agus bhí sé thar a bheith crua. Bhí mé ar morphine an t-am ar fad agus an chuid is mó den am ní raibh a fhios agam céard a bhí ag tárlú. Cuireadh scan eile orm i mí Meán Fómhar 2006 agus don chéad uair bhí an scéal go maith. Bhí an ailse imithe uilig. Bhí an t-ádh orm go raibh mo chuid stem cells fhéin agam mar chuid den chóir leighis, mar gan iad bheadh sé deacair theacht thríd an chemo deireanach.

Faoin am seo bhí mo immune system an-íseal agus chaith mé an chéad dá bhliain eile isteach is amach ag an ospidéil ag fáil cóir leigheas le haghaidh é a láidriú. Tá sé feabhsaithe go mór ó shoin ach fós fhéin piocaim suas ionfhabhtú, nó "infections", an-éasca.

## Míorúiltí … agus cúnamh ó dhaoine.

Ag breathnú siar anois, tar éis chúig bhliana tá sé deacair a chreidúint go dtáinig mé thríd ar chor ar bith. Deir go leor daoine liom gur míorúilt a bhí ann, agus ar bhealach is dóigh go bhfuil an ceart acu. 'Miracle man' a bhí baistithe orm i mbárda Naomh Seosamh ag na banaltraí. Ach céard é míorúilt? Nuair a chuimhnaíonn muid ar mhíorúilt, tá muid ag smaoineamh ar dhaoine a fháigheann biseach thar oíche gan cóir leigheas ar bith. Nuair a tháinig an Dr. O' Dwyer chugaim leis an triál ón Iodáil bhí mé in san áit ceart ag an am ceart agus bhféidir gur b'shin míorúilt. An tráthnóna a thug an t-otharcharr ag an ospidéal mé as an Áird Mhóir - dúirt na dochtúir i nGaillimh gur shábháil siad mo shaol. Marach an dochtúr Linda agus otharcharr Chárna b'fhéidir nach mbeinn anseo inniú leis an scéal a inseacht. An míorúilt a bhí ansin? Níl freagra na gceisteanna agamsa ach tá a fhios agam gur chuidigh na paidreacha uilig, a dúradh dhom ag an am, go mór le mo mhisneach a choinneál. Thug sé an-sásamh intinne dhom go raibh an oiread sin do mo chuid comharsana agus gaolta ag cuimhniú orm agus ag guídhe dhom. Ag deire an lae caithfidh tú do mhisneach a choinneál. Tá rudaí nua agus leigheasanna nua ag teacht ar an margadh chuile lá.

Is iomaí uair a chuir mé ceist ar na dochtúir faoin ailse lymphoma agus cé as a dtagann sé. Tá go leor tuairimí ann faoin gcúis atá leis, ina measc ag obair le ceimicí, strús agus cinéalacha éagsúla beatha ach, ag deire an lae, ní féidir méir a leagan ar aon chúis áirithe. Bhí an t-ádh ormsa go dtáinig mé thríd, ach faraoir ní mar sin a bhíonn sé ag chuile dhuine a fháigheann ailse. Ach ar an láimh eile tá aithne againn uilig ar daoine a bhí an-tinn leis na ailse agus anois atá i mbarr a sláinte. Uaireanta chuirfeadh sé iontas ort an méid daoine a fháigheann ailse i gceantar Iorras Aithneach. Chuir mé ceist ar an dochtúr Ó Cathasaigh i gCarna le gairid ar cheap sé go raibh níos mó ailse sa gceantar ná a bhí go náisiúnta. Dúirt sé nach bhféadfaí é sin a rá gan staidéar ceart a dhéanamh, ach go bhféadfadh sé leabhar a scríobh ar na cinéalacha éagsúla ailse atá feicthe aige ó tháinig sé go Cárna.

Tá go leor cainte sa lá atá inniu ann faoin droch bhail atá ar chóras sláinte na tíre ach tá mise in ann é seo a rá: níl sárú an Dr O'Dwyer agus an fhoireann banaltraí atá i mbárda Naomh Seosamh in Ospidéal na hOllscoile i nGaillimh le fáil in áit ar bith ar domhain. Déanann siad sár-obair in san aonad ailse agus tá an t-ádh orainn go bhfuil a leithéid de sheirbhís i nGaillimh. Caithfidh muid misneach a bheith againn i gcónaí. Níl sé i bhfad ó dúirt an Dr. O'Dwyer liom, "you're one of the ones who should have died" ach buíochas le Dia tá mé ag feabhsú chuile lá. B'fhéidir go ndéanfaidh mé an triathlon fós!

Tá mé thar a bheadh buíoch do na daoine uilig, ar an Aird Mhóir agus i mBearna, a thug cúnamh do Evelyn agus na gasúir nuair a bhí mé tinn.

# Tigh Mhic Dhonnchadha

**Cill Chiaráin**

# Ollmhargadh

## Roinnt Crua-Earraí

## *Ticéid LOTTO Náisiúnta againn anois*

**Siopa Búistéara Nuachtáin**



**Siopa Grósaera Gas agus Gual**

# Oifig an Phoist

**Fón: 095 – 33406**
**Fax: 095 – 33609**

*Beannachtaí na Nollag ar ár gcuid custaiméaraí ar fad*.




CONAMARA LOCAL TRANSPORT PARTNERSHIP
BEALACH
PÁIRTNÉIREACHT IOMPAIR ÁITIÚIL CHONAMARA

**BEALACH,**
**Aonad 5A,**
**Ionad Fiontair Chárna**
**Carna,**
**Co. na Gaillimhe.**

**AG CEANGAL DAOINE AGUS ÁITEANNA LE CHÉILE**

GAELTACHT NA GAILLIMHE & ÁRAINN

*Cárna ,Cill Chiaráin, Rosmuc gach Dé hAoine le freastal ar Oifig an Phoist agus Siopaí*

*Is seirbhís bus áitiúil é BEALACH atá ag gníomhú i do cheantar chun deis a thabhairt do dhaoine freastal ar sheirbhísí áitiúla, mar shampla na siopaí, oifig an phoist, ionad lae srl, agus chun ceangal le seirbhísí iompair eile. Tá conradh ag BEALACH le lucht iompair áitúil chun na seirbhísí bus a chur ar fáil i do cheantar.*

NDP NATIONAL DEVELOPMENT PLAN EUROPEAN UNION STRUCTURAL FUNDS

**Chuile eolas le fáil ach glaoch ar Maggie / Caitlín**
**095 32802 Luan – Aoine 9.00 – 5.00pm**

**AN TIONSCNAMH IOMPAIR TUAITHE (RTI) Teil/facs: 095 32802**



# Seán Kyne

Comhairleoir Contae

Más féidir liom cabhrú leat ar bhealach ar bith ar fud Chonamara, thuaidh, theas, thiar nó thoir, cuir glaoch orm.

**Seoladh:** Clydagh, Moycullen
**Teileafón:** 087 6137372
**rphoist:** seankyne@oir.ie

*Nollaig shábháilte shéanmhar díbh go léir*

# Clifden Supply Centre.

**Galway Road, Clifden, Connemara.**

**-------------------------------------------------**

**We supply all types of building materials – plumbing, electrical, fencing, gates etc…the Supply Centre supplies it.**

**Our supply lorry goes to your site or your door.**

**-------------------------------**

**Tá eolas againn ar an mbóthar chomh fada leatsa mar is fada muid ag dul go Carna, Cill Chiarain agus síos ó dheas.**

***Bíodh Nollaig Mhaith agaibh uilig.***

**Teileafón…(095) 21476 no 21449. Fax…(095) 21877.**
**E Mail: clifdensupply@eircom.net**


**Ag choinneáil Oidreacht na háite Beo**



# Crosbhóthar na mBlianta

FEIS CEOL AN IARTHAIR PRIZEWINNERS



Prizewinners at Feis Cheoil an Iarthair (from left) Peadar O Cathain, Pol O Ceannabhain, Filomena Ni Mhaille, Marcus O hIarnain, Una Ni Chongaola and Riobard O hEili, priomh oide, Scoil Phobail Mhic Dara, Carna. The school won four first prizes and three second prizes.

**Pictiúr a bhain le Scoil Phobail Charna as páipéar nuachta i 1973.**

**.....agus an 'Teallach' ag crosbhóthar Charna (thíos)sna blianta sin.**



**An Teallach** ....ag crosbhóthar Charna. Caranna na linne sin le feiceáil sa gcárr chlós ar chlé. Bhí Bialann san Teallach ag muintir Mhóráin...Máire, Micheál agus a gclann an uair sin i dtús na 1970óidí.

# "Class of '62" - Carna



Rang na hArd Teistiméireachta i Meánscoil an Chlochair – an Convent - i gCarna i 1962. Chun tosaigh..ó chlé – Bríd Ní Ghaora (Carna), Monica Ní Neachtain (an Aird Mhóir), Imelda de Búrca, Máirín Ní Loideáin (Coillín), Áine Ní Laoí (Cill Chiaráin), Bernadette Ní Chathasaigh (Cor na Móna), Evelyn O' Reilly (Baile Locha Ríach), Grace Quinn (Gaillimh).
Ar gcúl...ó chlé- Seosamh Ó Cuirrín (Muighros), Albert King (Duibhithir), Máirín Deacy (múinteoir) agus Peter Carter as Muigheo ...deartháir leis an Athair Séamus Carter, an séiplíneach i gCarna san am.



Grúpa dramaíochta i gCarna1960. Chun tosaigh...ó chlé: Peter Carter (deartháir leis an Athair Carter, Séiplíneach Charna), Stiofán de Búrca (Roisín na Mainiach), Albert Mac an Rí (Duibhithir), Peige Ní Chualáin (Maoinis). Bhí an triúr buachaillí gléasta mar mhná sa drama!
Ar gcúl...ó chlé- Tomás Ó Loideáin (Crompán), Eóin Ó Domhnaill (Muighros), Máirín Ní Ghaora (Carna), Páraic Ó Cathasaigh – Páraic Chóilín Mhaitiais (Maoinis), Seosamh Ó Cuirrín (Muighros) agus Marlyn Gannon – múinteoir i gCarna san am sin.

# Drama agus Ceol i gCarna.



**Banna óg i gCarna i dtús na 1960aidí.** Ó chlé – Baba Ní Ghaora, beirt de chailíní na Geoghegans ina dhiaidh sin (adeirtear linn), Michael Coleman Ó Cualáin, Albert Mac an Rí agus Páraic de Búrca...Páraic Tom Taimín.



**"Chun na Farraige Síos". Grúpa dramaíochta Charna a chuir an drama le J.M. Synge ar stáitse i 1961.**
Níl na hainmneacha uilig againn. Ach tabharfaidh muid gach a bhfuil againn. Ar gcúl ...an bheirt bhan a bhfuil an cófra taobh thiar dóibh – Máire Deacy (ar chlé) agus Nóra Ní Chlochartaigh (ar dheis)...ansin Joe Ó Cuirrín as Muighros, Albert Mac an Rí agus sa ngeanaí geal, Peter Carter...deartháir an tSagairt. Tá Aileen Geoghegan agus Baba Ní Ghaora sa bpictiúr freisin ach níl muid inann a dhul níos cruinne ar an scéal.

# Trá den tSaol!



**Ar an trá i Maoinis i 1959.** Chun tosaigh...ó chlé – Nan Ní Ghaora, Evelyn Carter (deirfiúr leis an Athair Carter, an Séiplíneach i gCarna san am), Bairbre Ní Ghaora agus Cóilín Ó Gaora as Carna.
Ar gcúl...ó chlé – Mikie Ó Gaora (Crompán), Páraic de Búrca – Pát Pháraic Mhaicín, Peter Carter (deartháir leis an Athair Carter) agus Bríd Ní Ghaora as Carna.



**Meánscoil an Chonvent i gCarna i 1962.** Seo hiad daltaí na 4ú agus na 5ú bliana in éineacht.

Níl na hainmneacha uilig againn; tá cuid mhaith acu luaite leis an bpictiúr don rang Ard Teistiméireachta atá san irisleabhar seo. Sí an tSiúir Pius an bhean rialta ar gcúl agus tá Máire Deacy ar thaobh na láimhe clé d'í...ag breathnú duit ar an bpictiúr. Tá Peige Ní Chualáin as Maoinis i lár báire sa líne tosaigh. Ar ndóigh bhí cáilíní as áiteacha eile ann...na "Boarders"...a bhíodh ag fanacht sa gConvent.

# SEOSAMH Ó CUAIG

Áill na Brún, Cill Chiaráin



**Tá fáil orm i gcónaí ...**

**095-33428**

**agus**

**087-2194247**

**Comhairleoir Contae**
**Comhalta Tofa - Údarás na Gaeltachta**

*Nollaig mhaith agaibh uilig*

# Caoga Bliain Ó Shin - 1961

*Le Seosamh Ó Cuaig*

*Bliain athbheochana agus misnigh a bhí i 1961 in Iorras Aithneach. Ar bhealach d'fhéadfá a rá gur fearr an bonn a bhí faoi chúrsaí an uair sin ná mar atá anois. Ach tiocfaidh athbheochan aríst freisin má choinníonn muid an misneach. Tá súil agam go gcuideoidh an t-eolas atá bailithe anseo agam le bród a spreagadh sa bpobal as an dream a chuaigh romhainn agus as an gcuid acu atá beo i gcónaí.*

## Film Stars

Bhí muintir Chóilín Mhaitiais le feiceáil ar an teilifís i Meiriceá. Ba iad CBS a rinne an scannánaíocht. Dúradh go bhféadfadh sé go raibh 25 milliún duine ag breathnú orthu—Páraic (17), Máire (16), Colm (13), Bairbre (11), Bríd (9) agus Caitlín (6).

Rinne dream as an bhFrainc píosa de scannán i monarcha Ghael-Linn san Aird freisin. Dúradh ar na páipéir go raibh beirt as an áit ann – Bairbre Ní Cheannabháin ag oibriú a "pea-podding machine" agus Seosamh Ó Cualáin ag láimhsiú gliomach.

## Iascach farraige

Bunaíodh club i gCarna le comórtas iascach farraige a eagrú. Seo iad na hoifigigh a bhí air: Uachtarán, an tAthair Ó Donnchú, Sagart Paróiste; Leas-chathaoirleach, an tOllamh Pádraig Ó Céidigh; Rúnaí, Mac Moylette agus Cisteoir, Éamon Ó Conaola.




**Seosamh Ó Cuaig**

Bhí comórtas dhá lá acu an samhradh sin. Tháinig 37 iascaire ann. Maraíodh 900 bpunt éisc. Ba sheo iad a leanas na buaiteoirí:
I. H. Robson as an Tulach Mór – 110 bpunt;
II. Mr. Fawcett, Baile Átha Cliath –99 punt.
Ba é Éamon Ó Conaola ba mhó a mharaigh iasc an chéad lá agus ba é P. Colleran as Gaillimh a bhí sa dara háit. Dúradh go raibh roinnt iascairí as Sasana san iomaíocht.



**An tAthair Éamon Ó Conghaile –**
stop sé cic éirice i 1961.

## Peil

Ní cosúil go raibh foireann bhuan peile ag Carna an bhliain sin. Bhí cuid de pheileadóirí Charna ag imirt leis na Piarsaigh. Tuairiscíodh sa Tribune seachtain amháin gur imir Éamon Ó Conaola an-mhaith dóibh sa gcúl - gur stop sé cic éirice fiú amháin! Mar sin féin d'imir foireann seachtar an taobh as Carna i Tullycross Domhnach amháin agus d'éirigh leo foireann a chur amach i gcomórtas an Mongan Cup freisin. Bhuail Rinn Mhaoile ar éigin iad:

Rinn Mhaoile 1-5; Carna 2-1.

## Bóthar na hAirde

Tharraing an bóthar go dtí monarcha Ghael-Linn neart cainte. Cuireadh caoi air sa deireadh agus ghlac an Chomhairle Contae ar láimh é. Cuireadh uisce go dtí an mhonarcha freisin. Ag cruinniú den Chomhairle Contae iarradh cead £900 a fháil ar iasacht leis an uisce a chur isteach. Dúradh go raibh an obair déanta cheana féin. Chuir sé sin iontas ar an gComhairleoir Joe Lambert, "Isn't backwards we're going," a dúirt sé, "the work is done and now we're being asked for the money."

## Toghchán

Bliain toghcháin a bhí inti. Cuireadh Johnny Geoghegan chun cinn aríst. Ba é Joseph M. McGrath as Glinsce a mhol é agus ba é John Walsh as Glinn Chatha a chuidigh leis.

Labhair Proinsias Mac Aonghusa ar son iarrthóir an Lucht Oibre, Cox, i gCarna. Dúirt sé go raibh 50,000 cainteoir dúchais sa nGaeltacht nuair a tháinig Fianna Fáil isteach agus nach raibh fanta anois ach 25,000. Ní raibh aon mheas ag aon duine ar Roinn na

Gaeltachta, a dúirt sé. Go deimhin a dúirt sé, ní raibh aon mheas ag an rialtas féin ar an Roinn sin.

Níor bhain a chuid cainte aon chleite as Johnny Geoghegan. Toghadh é go réidh. Seo mar a chuaigh an chéad chomhaireamh:

| | |
|---|---|
| Johnny Geoghegan, F.F. | 4917 |
| Fintan Coogan, F.G. | 4854 |
| Gearald Bartley, F.F. | 4557 |
| Thomas Connollay, F.G. | 1948 |
| James Cox, an Lucht Oibre | 1693 |
| Joseph Ridge, Clann na Poblachta | 1640 |
| Thomas Powell, Neamhspleách | 1053 |

Rinneadh duine de "whips" Fhianna Fáil de Johnny Geoghegan an bhliain sin agus dúradh an méid seo faoi san "Irish Press" tar éis an toghcháin: "Galway West is an example of the part personality plays. J Geoghegan, outgoing, who topped the poll, was for many years a conductor on the bus between Galway and Carna, where he married and settled down. His courtesy and kindness to the local people have certainly paid dividends in the political field."

## Beirt fhear gnó

Bhásaigh Michael A. Moran agus Michael Geraghty.

## Pubanna

Aistríodh an ceadúnas pub go dtí Míchéal Ó Móráin agus aistríodh ceadúnas Éamon Keogh go dtí Dermot Leavy.

## Pósadh

Pósadh Éamon Mac an Rí as an Aird agus Noreen Manning as an gClochán. Sa Banba Hotel i mBóthar na Trá a caitheadh an bhainis. Pósadh McDara Curran as Carna agus Mary Keane as an Líonán. Sa Central Hotel sa gClochán a bhí an bhainis acusan.

## An Cheardscoil

Dúradh ag cruinniú de Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe i mí na Samhna go raibh súil acu go mbeadh tairiscintí acu leis an gceardscoil nua a thógáil i mí an Mhárta nó i mí an Aibreáin ina dhiaidh sin. Míníodh go mbeadh cheithre sheomra ranga inti.

## Scoil Ghlinsce

Bhí an sagart paróiste, an tAthair Ó Donnchú, ag iarraidh tairiscintí le scoil nua a thógáil i nGlinsce.

## Dochtúirí

Bhí dochtúirí ag teacht agus ag imeacht i rith na bliana – an Dr. Páraic Ó Féinneadha, an Dr. M. Ó Conghaile, an Dr. J Cotter.

## Gardaí

Aistríodh Gardaí anonn agus anall freisin. Aistríodh an Sáirsint S. Feeley as Carna go hUachtar Ard agus tháinig an Sáirsint S. O'Neill as an Líonán ina áit. Tháinig an Garda P. O'Malley as Leitir Móir. Aistríodh an Garda Seán Collins as Carna go hoirthear na Gaillimhe.



Coilleach turcaí 'Government' ?

## Coileach turcaí

Bhíodh roinnt daoine ag tógáil turcaithe agus chaití an chearc a thabhairt ag an gcoileach mar a thabharfá an bhó ag an tarbh. Bhí coiligh "gabhairmint" anseo agus ansiúd. Bhí ceann acu ag Máire Bn. Mhic Dhonncha i nGleann Toircín agus ceann ag Máire Bn. Mhic Dhonncha san Aird Thiar.

## Teach solais

Cuireadh teach solais ar Chruach na Caoile. Bord na nOibreacha Poiblí a rinne an obair. Thóg sé sé mhí orthu. As an Más a thug siad an t-ábhar isteach.

## Múinteoirí

D'imigh Seosamh Mac an Rí as Scoil Náisiúnta Chill Chiaráin go Dún Laoghaire agus tháinig Macdara Breathnach ina áit. Is maith is cuimheach liom an lá ar fhág Joe slán againn. Bhí an-chumha go deo air ag imeacht. Bhí na deoracha leis, rud a chuir iontas ormsa mar nach bhfaca mé fear ag caoineadh roimhe sin. Cuimhním freisin ar an gcanna milseán a roinn sé orainn.

Chuaigh dhá rud i bhfeidhm orainn nuair a tháinig Macdara Breathnach chugainn – dúirt sé linn gur cheart dúinn "sandals" a chur orainn féin sa samhradh ar fhaitíos go ngearrfadh gloine na cosa sa gclós. Dúirt sé freisin nach bhfaigheadh na cailíní "slap" ar bith. Níor spáráil sé an "cane" ar na leads ach ní raibh aon bhlas faitíos riamh agam roimhe. Bhí mé féin agus Francis Frank Seoighe sa suíochán céanna agus bhí an diabhal dearg orainn ag caint. "Geig, Geig," a deireadh an máistir, "tá an dá chailleach ag glugaireacht arís. Aníosaigí libh." Thugadh sé trí iarraidh ar

chaon láimh dhúinn. Théadh muide síos ar ais, chuireadh muid na lámha faoi na hascallaí agus faoi cheann deich nóiméad bhíodh muid ag sioscadh arís t.

Anois nuair a chumhním air, thug an Breathnach saoirse eile dhúinn freisin. Dúirt sé go mbeadh cead again "comics" a léamh sa scoil. "Rud ar bith a léifeas sibh déanfaidh sé leas díbh," a deireadh sé.

## Gasúir Ghael-Linn

Bhí gasúir Ghael-Linn, mar a thugtaí orthu, ag fanacht i gcuid de na tithe. D'fhaighidís scoláireacht le trí mhí a chaitheamh sa nGaeltacht. Dúradh ar cheann de na páipéir gur mhol "máistir scoile as ceantar Charna" an scéim go mór. Thagadh feabhas iontach ar a gcuid Gaeilge, a dúirt sé. Caithfear cuimhneamh gur Gaeilge ar fad a bhí i scoileanna an pharóiste an uair sin, agus i gclós na scoile freisin!

## An Mheánscoil

Osclaíodh go hoifigiúil an mheánscoil. Ba é Gerald Bartley a rinne é sin agus ba é Ardeaspag Thuama, an Dr. Breathach, a rinne an beannú. Bhí áit do 100 "boarder" sa "dormitory". Ba iad comhlacht J. J. Farragher as Tuaim a rinne an tógáil. I láthair lá na hoscailte bhí Mrs. Margaret Lacey a tháinig ann as Brooklyn i Nua Eabhrac. B'as Inis Bó Finne ó dhúchas í. Dúradh ar an Tribune "that she made a substantial contribution to the building fund." B'fhéidir gurbh í an tSiúir Aloysius a chuir aithne uirthi mar dúradh i dtuairisc eile nuachtáin gur bhailigh sise airgead i Nua Eabhrac.


Ós ag caint ar an meánscoil é, ba shin í an bhliain ar thosaigh Antoine Ó Máille as Doire Iorrais ag tabhairt daltaí go Carna.

## Coláiste Gaeilge

Cuireadh tús leis an gColáiste Gaeilge. Dhá chúrsa a bhí ann. Dúradh gur 120 scoláire a bhí ar an dara cúrsa, gur éirigh go maith leo agus go raibh súil ag an gCoiste gur ag feabhsú a bheadh an scéal sna blianta a bhí rompu.

## Scoláireacht

Bhuaigh Mícheál Ó Ceannabháin as Aill na Brún scoláireacht Ghaeltachta. Dhá bhliain déag d'aois a bhí sé.



**Páraic Ó Gaora –**
ag aisteoireacht sa Damer i 1961.

## Drámaíocht

Bhí an-rath go deo ar an drámaíocht sa bparóiste. Léiríodh fiche dráma ag Féile Drámaíochta Charna. Ba é Mícheál Mac Aonghusa as Amharclann na Mainistreach a rinne an mholtóireacht. Dúirt sé nach bhfaca sé aon léiriú ab fhearr ariamh ná an taispeántas a thug muintir Loch Con Aortha sa dráma "An Fear Siúil." Bhí Aisteoirí Loch Con Aortha go mór sa nuacht an bhliain sin, go háithrid Pat Mór Mac Donncha, a bhean Bairbre agus Páraic Óg nach raibh ach naoi mbliana. Bhuaigh siad i mBéal Átha Seanaigh, i nDúrlas Éile, sa Rinn, in Áth Luain agus i mBleá Cliath. Ba mhaith an cúnamh dóibh an léiritheoir, Tom Sailí Ó Flatharta.

Bhí beirt as Carna i ndráma a léiríodh sa Damer i mBleá Cliath – Páraic Ó Gaora agus Seosamh Mac an Rí.

## Feis Charna

Bhuaigh an bheirt seo duaiseanna ar amhránaíocht faoi 14 ag Feis Charna:

1. Mícheál Ó Cualáin, Scoil Mhuire;
2. Risteard Mac Donncha, Scoil Náisiúnta na hAirde.

## Scéim na nGlasraí

Bhí chuig acra glasraí curtha faoi scéim Ghael Linn i gceantar Chill Chiaráin, Charna agus an Chaisil. Bhíodar ann, peas, pónairí Francacha agus Brussels Sprouts. Thugtaí cuid den airgead dóibh nuair a chuiridís an síol agus an chuid eile nuair a bhailídís an barr. Bhíothas ag súil an uair sin go gcuirfí 50 acra de réir a chéile.

## Monarcha Ghael-Linn

Bhí monarcha Ghael-Linn breá gnóthach ag próiseáil éisc agus glasraí. Bhí 30 cailín ag plé leis na glasraí. Aimsir na Nollag oibríodh uaireanta fada sa monarcha ag próiseáil lasta mór scadán a tháinig aduaidh as Ailt an Chorráin i dTír Chonaill.

### Tráiléir
Thug tráiléir, an "Ard Colm", iasc i dtír i gCill Chiaráin. Próiseáladh san Aird é. Scéim de chuid Bhord Iascaigh Mara a bhí ann. Ba é Gregory Conneely as Árainn a bhí ina scipéir ar an "Ard Colm".

### Pat Cheoinín
Fuair Pat Cheoinín gradam náisiúnta as iasacht a fuair sé le bád a cheannacht a bheith íoctha roimh an am aige. Deich mbliana a bhí tugtha dó ach bhí sí íoctha ag Pat taobh istigh d'ocht mbliana. Ba é Brian Ó Luineacháin (sinsear) a bhronn an gradam air.

### Mná rialta
Bhásaigh máthair Sister Teresa, mar a thugtaí uirthi - Celia McWalters as Garrymore. Bhásaigh Sr. M. Patricia O' Donnell as Ciarraí. Chaith sise fiche bliain dá saol i gCarna.

### Gradam crógachta
Fuair an Garda Patrick Keaney as Glinsce gradam as fear a shábháil óna bháitheadh i mBóthar na Trá. Fuair sé gradam chúig bhliana roimhe sin as iarracht den chineál céanna a dhéanamh ar an bhFál Carrach i dTír Chonaill. Thug sé an fear sin i dtír freisin ach cailleadh é.

### Scéim coiníní
Thosaigh Gael-Linn scéim tógáil coiníni. Thug siad "New Zealand Whites" isteach agus boscaí speisialta lena gcur iontu. Le marú a bhí na coiníní seo, ar ndóigh—rud nach mbeadh éasca mar gur an-ábhar peataí iad na "New Zealand Whites". Feictear dom nach ndearnadh an oiread sin cainte faoin scéim. Tá an t-eolas le bailiú fós.

### Debbie
Rinne an chuaifeach Debbie scrios mór ar fud na tíre, cé gur tháinig Iorras Aithneach slán go leor. Teach ceann tuí a bhí againne agus bhí muid scanraithe.

Bhí m'athair ag rith ó thaobh go taobh ag caitheamh rópaí trasna ar an díon. "Ní fhágfar cleith ná sop orainn," a deireadh sé go cráite. Bhí mo mháthair istigh ag craitheadh uisce coisreacan agus ag guídhe go dúthrachtach.

### Geallta Chill Chiaráin
Rinneadh athbheochan ar na geallta bád i gCill Chiaráin. Bhí sé sé bliana déag roimhe sin ó bhí geallta ann. Ba iad Clann Mhic Dhonncha as an gCeathrú Rua a bhuaigh rás na gcurach canbháis agus ba iad Johnny Ó Clochartaigh agus a chriú as an Aird Mhóir a rinne an beart sa gcurach ádhmaid sé bhuille.

D'éirigh le Máirtín Ó Clochartaigh agus a chriú sa gcurach cheithre bhuille. Ba í púcán Stiofáin Uí Nia as Cill Chiarain a tháinig isteach sa gcéad áit i ngeall na bpúcán. Packie Flaherty as an Aird Mhóir a bhuaigh rás na mbád inneall 30 h.p.

Is maith is cuimhneach liom an lá sin. Dhá bhliain déag d'aois a bhí mé. Bhíodh muid ag imeacht cosnochtaithe sa samhradh agus ní raibh aon bhróg orm ar an gcéibh. B'fhacthas dom go raibh bróga ar chuile dhuine ach orm féin. Bhí beagáinín den éirí anáirde ag teacht orm chomh hóg sin féin!



# Michael Madden



Plant
Hire




Site Excavation &
Preparation & Landscaping'

**Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe.**

**087-6232574**

# Gaelscéal

**Nuachtán bríomhar, seachtainiúil Gaeilge ar fail gach Aoine**




**www.gaelsceal.ie**

**COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE**

Co. Galway Vocational Education Committee

## Soláthraithe Oideachais san 21ú hAois

- **Raon iomlán Cúrsaí Lae á gcur ar fáil i nGairmscoileanna uile an Choiste Gairmoideachais (12), lena n-áirítear 3 Scoil Oileáin agus 3 Scoil i nGaeltacht Chonamara**
  - **Baile Átha an Rí**
  - **Coláiste an Eachréidh (Scoil iar-bhunoideachais lán-Ghaeilge), Baile Átha an Rí**
  - **Baile Locha Riach**
  - **Tuaim**
  - **An Creagán**
  - **An Cnoc Breac**
  - **Indreabhán (091) 593119**
  - **Ros Muc (091) 574100**
  - **Corr na Móna (09495) 48006**
  - **Inis Oírr, Oileáin Árann (099) 75016**
  - **Cill Rónáin, Oileáin Árann (099) 61184**
  - **Inis Meáin, Oileáin Árann (099) 73991**

- **Cláir faoin Scéim Deiseanna Oilúna Gairmoideachais ( VTOS), oideachas athdheise do dhaoine 21 bliain d'aois agus os a chionn atá ag fáil Sochair Leasa Shóisialaigh**
  - Ros Muc (091) 574411
  - Leitir Fraic
  - Tuaim
  - Béal Átha na Slua

- **Ionaid Ógtheagmhála, ag tairiscint oideachas athdheise do lucht luathfhágála scoile sna hionaid seo a leanas**
  - Béal Átha na Slua
  - Tuaim
  - Leitir Móir (091) 551473
  - Leitir Fraic
  - Port Omna

- **Ionaid Oiliúna do Thaistealaithe Sinsearacha**
  - Béal Átha na Slua
  - Tuaim
  - Baile Locha Riach

- **Ionad Oideachais Allamuigh (faoin aer), ag tairiscint cóiríocht chónaithe do dhaoine ar spéis leo gníomhaíochtaí oideachais allamuigh**
  - Ceapach na gCapall, An Fhairche, Co. na Gaillimhe (09495) 46483

### Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Cuireann Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe clár cuimsitheach aosoideachais ar fáil ar fud an chontae, cosúil le An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir litearthachta d'aosaigh, cúrsaí oíche, Filleadh ar Oideachas, Filleadh ar Fhoghlaim, Seirbhísí Rianaithe (tracking) & Aighneachta (advocacy), Seirbhís d'Oideachas Pobail agus cruthú Áiseanna Foghlama trí Ghaeilge ag *Breacadh.*

**Seosamh Mac Donncha**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.**

# WALSH'S BAKERY

Connemaras Only Bakery!

**INTERNATIONALLY RECOGNISED**

Whilst in Clifden why not visit us and sample the **'Scrumptiously Yummy'** hand made foods that our bakery and coffee shop have to offer.

Enjoy some of the most wonderful **coffees, tasty treats, light lunch's snacks & sandwiches** in our relaxing surroundings in our newly renovated coffee shop.

Before you leave, why not pick up some of our wonderful **artisan breads & delicious pastries** for you or your friends back home.

*Check us out on*
www.clifden.ie
martina@walshsbakery.com

**MARKET STREET, CLIFDEN**
**TEL: 095 21283 / 21937**



# Madden Plant Hire

Coill Sáile, Cill Chiaráin

Réiteach Gáirdíní, Déanamh Bóithre,
Cóiriú Suíomhanna




Fón: 095 33973

Fón Póca: 087 2203670

Ríomhphost: pmaddenplanthire@gmail.com

# *Arramara Teo.*

*Cill Chiaráin,*
*Conamara,*
*Co. na Gaillimhe*

**Fón**

095 33404 / 33417

**Facs**

095 33494


e phost: info@arramara.ie

**www.arramara.ie**



# Mongans's Memorials

**Derryinver, Letterfrack**
**Tel: 095-43473**
**Mobile: 087-1307752**



**Suppliers of Memorial Headstones & Grave Surrounds**
**Since 1975**

***Also***

**Headstones cleaned and additional names engraved *Quality Work* carried out at *Keenest Prices***

*Nollaig mhaith do mo chustaiméirí agus don phobal uilig.*



# Mikie Ó Flatharta




**Leitirdeiscirt**
**Carna**
**Co. na Gaillimhe**
**087-9593329**



**Garraíodóir Cáilithe / Qualified Landscape Garderer**

*Nollag Shona do gach duine agus bliain nua mhaith*

MRI CARNA
Martin Ryan Institute, Carna
Institiúid Mháirtín Uí Riain, Carna



**Is é atá mar aidhm ag MRI Charna tacú leis an tráchtálú inbhuanaithe atá á dhéanamh ag pobail chósta agus Ghaeltachta na hÉireann ar ár n-acmhainní muirí trí chláir ghníomhacha a eagrú sna réimsí seo a leanas:**

- **Scrúdú a dhéanamh ar speicis nua a bheidh feiliúnach do shaothrú atá inmharthana ó thaobh an chomhshaoil.**
- **Nuatheicneolaíochtaí a oiriúnú agus a thástáil a luaithe agus a bhíonn a leithéid ar fáil.**
- **Comhcheangail a éascú idir earnálacha áitiúla tráchtála agus earnálacha feidhmeacha taighde.**
- **Saineolas a bhailiú maidir le raon disciplíní muirí.**

Déan teagmháil le:

**MRI Charna 095-32201**

# Ó Mhuighinis go Bhrasaíl

*Le an tAthair Ciarán Mac an Iomaire*
*& Deirdre Uí Chualáin*

*D'iarr mo neacht Deirdre orm cur síos a dhéanamh ar mo shaol mar shagart agus mar mhisinéara. Caithfidh mé a rá nach raibh morán fonn orm bualadh faoi dhubhshlán mar sin ach ba dheacair bean chomh cáirdiúil dílis mar Dheirdre a eiteachtáil. Seo mar sin cuntas gearr ar an gcaoi ar chaith mé na trí bliana is dá fhichead seo caite.*

Ar oileán Mhuighinse a rugadh is a tógadh mé. Is i scoil Cholmáin i Muighinis a fuair mé mo chuid bunoideachais agus ansin thug mé m'aghaidh ar Choláiste Muire i nGaillimh. Coláiste cónaithe a bhí i gcoláiste Muire an uair sin agus chaith mé chúig bliana ann go ndeárna mé scrúdú na h-Ardteistiméarachta. Is ann a casadh an t-Ath Leo McSorley - sagart as Cill Teagáin orm. Bhí an sagart seo tar éis blianta fada a chaitheamh mar mhisinéara san Nigéir san Afraic. Nuair a chuala sé mo shloinne d'fhiafraigh sé díom an raibh aithne agam ar bhean don sloinne céanna – an Dochtúr Eilís Nic Con Iomaire a d'oibrigh mar oibrí deonach san Nígéir. Dúirt mé leis go raibh aithne mhaith agam ar a muintir, dream a raibh beagán gaoil agam féin leo ach nach raibh aon eolas pearsanta agam ar Eilís.

Thug Eilís aire do na céadta páiste agus daoine breoite in aisce, in áit nár sheas aon dochtúr a riamh roimhe. Dhúisigh sé sin i mo chroí léargas ar bhealach nua a bhfeadfainn mo shaol a chaitheamh. Go dtí an lá sin níor smaoinigh mé ariamh a bheith in mo shargart ná i mo mhisinéara. Chinn orm an smaoineamh sin a bhaint amach as mo chroí na as mo chloigeann ón lá sin amach nó go bhfuair sé an ceann is fearr orm. Bliain ina dhiaidh sin phacáil mé mo mhála agus thug m'aghaidh soir aneas ar Choláiste Naomh Páraic i sléibhte Chill Mantáin. Caithfidh mé a rá nárbh í an diagantacht a spreag mé ag an am ach an trua agus an mian cabhair agus sólas a thabhairt do dhaoine bochta agus breoite i dtíortha coimhthíocha. Ach le blianta anuas tá sé fáighte amach agam gur b'í an trócaireacht agus an charthannacht an fíor chreideamh i ndáiríre.

## Mo shaol sa mBrasaíl agus scaitheamh i Meiriceá

Tar éis seacht mbliana idir Cill Teagáin i gCill Mhantáin agus Dubhghlas i gCo. Chorcaigh ag staidéar feallsúnachta agus diagacht h-ordnaíodh mé i mo shagart i mí an Aibreáin 1968. Tugadh cuireadh dom m'aghaidh a thabhairt siar ó dheas go cathair San Paulo sa mBrasaíl i Meiriceá Theas, áit a bhfuil mé go dtí an lá atá inniu ann. Is scéal fada é mo shaol ariamh ó shin. Tá an chuid is mo do mo shaol caite agamsa ag obair ar chiúis chathair San Paulo, cathair a bhfuil ós cionn fiche milliún duine inte inniu. Nuair a shroich mise í ós cionn dhá scór bliain ó shin ní raibh innte ach beagán ós cionn ocht milliún. Cá as a dtáinig na sluaite sin ar fad? As chuile áit faoin domhan. Tugadh chúig mhilliún Afracánach isteach anseo mar sclábhaithe idir dheire an séú ceád déag agus an naoiú haois déag. Tháinig milliún eile on bPortaingéil, ón Spáinn, ón nGearmáin, an Iodáil, an Pholainn, an tSeapáin, an Cóiré, an tSín agus mar sin de. Tháinig na milliúin ón tuath, ar fud na tíre fhéin ag tóraíocht oibre. Maireann an triomach sna tíortha seo ar feadh blianta gan deoir bháistigh a dhéanamh. Chuir an bochtanas, an t-ocras, ceall oibre, scoltacha, agus ospidéil iallach ar dhaoine a ndroim a thabhairt ar a dteach agus ar a dtalamh agus slí maireachtála a thóraíocht sna bailte móra ar fud na tire. Inniu tá 80% do na daoine i mBrasaíl ina gcónaí sna cathracha is mó sa tír – San Paulo, Rio de Janeiro, Belo Horizonte, Manaus, Porto Alegre agus cathracha eile ar fud na tíre.

Bhí mé i mo shagart paróiste dhá bhliain tar éis dom a theacht go cathair San Paulo. Ní raibh sin ró-éasca ag an am. Sé'n paróiste a bhfuil mé ann faoi lathair an triú paróiste agam. Chaith mé cheithre bliana sna Stáit Aontaithe. Chomh fada is a bhí mé sa tír sin chaith mé trí bliana ag taisteal ar fud na tíre ag tabhairt seanmóirí faoi na misiúin ó pharóiste go paróiste. D'éirigh liom. D'éirigh liom eolas a chur ar chuile Stát beagnach sa tír i rith an ama sin. Bhí an obair deacair ar dtús ach do réir a chéile fuair mé isteach air. Ba mhaith an seans é le eolas a chur ar an

tír agus ar na daoine. Bhain mé leas as mo am saor i rith an ama sin agus d'fhreastal mé ar Ollscoil Loyola i gCalifornia. Trí bliana ina dhiaidh sin d'éirigh liom céim máistreachta a bhaint amach sa nDiagacht (Pastoral Theology).

Sa mBrasaíl sé an dúshlán is mó a cuireadh orm ar dtús ná an teanga (Portaigéis) a fhoghlaim go maith. Níl sé sin éasca. Ceapaim gur éirigh níos fearr liomsa mar gheall ar an nGaeilge a bheith agam ón gcliabhán. Tá sé i bhfad níos éasca an tríú teanga a fhoghlaim ná an dara teanga. Ach tar éis bliana bhí sí agam ar mo chomhairle féin, buíochas le Dia.

## Obair sagairt i San Paulo

Tá mo lá tógtha suas lena gná nithe a bhíonn ar bun ag sagart pobail sé sin freastal ar na daoine de réir mar theastaíonn sé; cupla Aifreann chuile lá agus ceathair nó cúig d'Aifrinn ag deire na seachtaine. Na sacraimintí eile a thabhairt freisin – an faoisdín, an baisteadh agus an pósadh. Bíonn go leor acu sin agam mar shampla bheadh ós cionn scór baisteadh agam sa tseachtain. Ó tháinig mé don tír seo tá suas le dhá cheann déag do thithe pobail nua déanta agam agus caoi curtha agam ar sé cinn eile. Tá an chathair ag fáil níos mó chuile bhliain agus caithfidh muid áit a fháil a mbeidh na daoine in ann a gcreideamh a chleachtadh agus a cheiliúradh.

Tógann sé sin go leor ama agus oibre mar is minic go gcaitheann duine féin na rudaí sin a dhéanamh cheall fir ceirde sna gnóthaigh sin. Is ioma rud a chaitheann duine a fhoghlaim nach bhfuil baint ar bith aige leis an obair a bhfuil muid oilte a dhéanamh. Ba shin dtús aimsire ach de réir a chéile faigheann duine eolas ar lucht ceirde do chuile chineál leis na h-oibreacha sin a dhéanamh.

Sa bparóiste a bhfuil mé ann faoi láthair tá cumann tuataí le freastal ar na daoine de réir mar a theastaíonn sé. Fágann sé sin saor mise le freastal ar mo chúramaí féin sé sin na nithe nach féidir le tuataí á dhéanamh fós m.sh. Aifreann, Faoisdín agus an Ola Dheireanach. Tá ministéaraí tuataí cáilithe ag an Easpag le h-aghaidh baisteadh agus pósadh a cheiliúradh nuair nach féidir liomsa a bheith i láthair. Tá ríarachán an phobail á dhéanamh ag tuataí atá oilte lena rudaí sin a dhéanamh. Caitheann mé an chuid is mó do mo am ag oiliúint cumainn le freastal ar na daoine. Chuile oíche don tseachtain bíonn cruinniú agam leis na tréad ghrúpaí. Déanann muid staideár ar na fadhbanna atá ag cur as do na daoine agus scrúdaíonn muid iad agus déanann muid 'iarracht iad a réiteach.


Tá go leor scéimeanna sóisialta againn le h-aghaidh andúileach drugaí, alcólachta, daoine le bac meabhrach, gasúir bhochta, gasúir le éalang mheabhrach agus cláracha eile de réir mar theastaíonn siad. Tá an obair an-chrua ach bíonn sásamh dá réir aisti.

Is gearr anois go mbeidh sé in am, agamsa dul amach ar phinsean. Tá an aois ag teacht orm agus is dócha gur maith an rud é seans a thabhairt do na sagairt óga atá ag éirigh aníos. Is cuma cé an obair a déanfar beidh a dhá oiread le déanamh ag an gcéad duine eile.

### Captions
### Ó Chonamara don Bhrasaíl

1. An tAthair Ciarán Mac an Iomaire i gCill Chiaráin.
2. Lá Oirdníthe an Athair Ciarán i Cill Téagáin, Contae Cill Mhantáin, Colm Mac an Iomaire, John Coyne, An tAthair Ciarán, MacDara Ó Loideáin, Séan(Jackie) Mac an Iomaire agus Máirin a dheirfiúr.
3. Fáiltiú – Cárna: Fr. Walsh, MacDara Ó Loideáin, An tAthair Ciarán Mac an Iomaire.
4. An peileadóir cáiliúil Pele agus An tAthair Ciarán.
5. Coláiste Mhuire i nGaillimh faoi-15 sa mbliain 1957.
6. An tAthair Ciarán, Johnny Seoige, Séan Ó Mhaoilchiaráin agus a dheirfiúr Máirín.
7. Máirtín Bhidy agus a iníon, An tAthair Ciarán, agus Michael Bhidy.
8. Sarah Ann Coyne i Chicago deirfiúr leis an Athair Ciarán.
9. An tAthair Ciarán agus a dheirfiúr Máirín.

# Ó Chonamara don Bhrasaíl


1


2



3


4


5


6



7


8


9

# Leabhar agus Dlúthdhiosca








**'Sólas' – Caitríona Ní Cheannabháin.**

Seoladh an chéad dhlúthdhiosca aonair de chuid Chaitríona Ní Cheannabháin – Caitríona Mhichael Mháire an Ghaibh – in Óstán Charna ar an 17ú Meán Fómhair i mbliana. "Solás" an teideal atá ar an dlúthdhiosca. Rinneadh seoladh eile ar ar an dlúthdhiosca ag an Oireachtas i gCill Áirne. Tá éagsúlacht amhráin ar an dlúthdhiosca – sean amhráin ar nós "Sail Óg Rua" agus "Amhrán na hEascaine". Tá amhráin thraidisiúnta béarla ar an dlúthdhiosca freisin ar nós "The Banks of the Nile" agus amhrán as an taobh ó thuaidh den tír "Craigie Hills". Tá an t-amhrán "The Village of Sweet Ardmore" a fuair sí óna máthair ar an albam. As Loch Con Aortha máthair Chaitríona, sin í Nóra (Ní Shúilleabháin sul ar phós sí). Tá amhrán ar a dtugtar "Grá do Mháthar" ar an dlúthdhiosca freisin. Sé Pól Ó Ceannabháin deartháir le Caitríona a chum an t-amhrán sin.

Ar ndóigh thug Caitríona na hamhráin agus an ceol léi ón gcliabhán; ba é Michael Mháire an Ghabh a hathair agus ba í Máire an Ghabh a máthair mhór. Níl a gaol leo curtha amú ag Caitríona. Tá an dlúthdhiosca ar fáil sna siopaí; if fiú go mór é a cheannacht.

## Úrscéal nua Phádraig Standún.




An Veinéis- cathair Venice - Péarla na Meánmhara. Tá ealaíontóir óg, Adrienne, tagtha go dtí an chathair ársa rómánsúil seo tar éis dá pósadh cliseadh, í ag súil le tús a chur le saol nua. Casann sí ar Giorgio, tiománaí tacsaí uisce, agus éiríonn siad ceanúil ar a chéile. Ach tá rún ag Giorgio.

Ní Iodálach é ach Éireannach. Agus ní Giorgio an t-ainm atá air ar chor ar bith. Fear é a bhí páirteach sa nGluaiseacht Phoblachtánach aimsir na dTrioblóidí agus atá in ainm is a bheith marbh. Agus tá coirpigh, chomh maith lena chuid iarchomrádaithe, ar a thóir.

Níl ansin ach blaiseadh don úrscéal seo faoin teideal " I gCóngar i gCéin" atá scríofa ag Pádraig Standún. Tá 15 úrscéal uilig scríofa ag Pádraig chomh maith le dramaí agus saothar eile. Scríobhann sé colún seachtainiúil san bpáipéar nuachta "The Connaught Telegraph". Ár ndóigh sé Pádraig Standún an sagart pobail anseo i gCarna. Seoladh an leabhar nua i gCarna i mí na Samhna.

*I gCóngar i gCéin* le Pádraig Standún
Cló Iar-Chonnacht, www.cic.ie
Clúdach bog, €12.00

# Lá Pátrún Naomh Cíarán







**Pictiúr bárr ar chlé...ó chlé: Páraic Tom Phatch, an tAth Pádraig Standún. Pictiúr barr ar dheis - Josie Ó Maoláin (An Aird Mhóir).**

**Pictiúr láir: ar chlé: Elizabeth Ní Mhaoláin (An Aird Mhóir) agus Paula Ní Chualáin (Carna).**

**In íochtar: Grúpa daoine ag ócáid Lá 'l Ciaráin, 2011.**



# Imeachtaí an tSaoil





**An cúpla Cian agus Niall O' Láimhín.** Rugadh iad ar an 13ú Meán Fómhair 2011. Sí Fíona Ní Luideáin as an gCoillín máthair an chúpla – tá sí pósta le Diarmuid Ó Láimhín i gCill Dara. Siad Breeda agus Johnny Ó Luideáin as an gCoillín máthair mhór agus athair mór an chúpla.

**Ag seoladh an irisleabhair "Iorras Aithneach 2010" anuraidh**: na deirfiúracha Mary uí Neachtain (Spidéal) agus Barbara Ann uí Mhaoilchiaráin (Caladh bhFuinnse) ar dheis.





**Ag tabhairt aire don Aonach.** Na Gardaí John Conneely (Cloch na Rón) ar chlé agus Máirtín Ó Gríofa (Carna) ag Aonach an Tí Dhóite ar an 1ú Samhain 2011.

**Máirín uí Choisdealbha-Seoige,** an bainisteoir ar Fhorbairt Chonamara Láir – comhlacht Forbartha pobail sa taobh seo tíre, anseo lena fear, Paul Seoige.

# Féile Lá'l Pádraig 2011



<u>Thuas</u>: Mickey agus Minnie Luch ag Páráid  na hAirde Móire 2011

<u>Thíos</u>: Cúrsaí Vótála ag Páráid na hAirde Móire, 2011



# An cuimhneach libh.............?




An sean bhosca teileafóin ag Teach an Phosta i gCarna ....tráth den tsaol nuair nach raibh an teileafón póca ar an saol.



Theastaigh cúnamh agus theastaigh teileafón....nuair a tháinig an taoille  trasna ar dhroichead Mhaoinse scór blianta ó shin.

# Conamara agus thar lear.



Ó chlé: Máirtín Ó Cualáin, Aoife Ní Loideáin, an tAth Ciarán Mac an Iomaire , Antoine Ó Cualáin agus Máire Ní Chualáin i Muigh-Inis.



1



2



3

Pictúir 1: Calvin agus Ryan Kelly, (gasúir Michelle Nic Tháibhís) Sraith Salach.

Pictúir 2: Ríona Nic Tháibhís agus an t-asailín beag.

Pictúir 3: Isabella agus Shealyn Harling Nic Tháibhís, Meiriceá.

# Obair mhór do ghasúir bheaga.




Campa teicneoilaíochta Acadamh Shorcha Ní Ghuairim 2011



Ó chlé: Caoimhín Ó Súilleabháin, Dara Ó Flatharta, Síleagh Ní Ghríofa agus Chloe Ní Chathasaigh, Scoil Mhuire Carna, tar éis an dara Brat Glas a bheith fáighte ag an Scoil.

LIGHTHOUSE NETWORKS
WIRELESS BROADBAND in the WEST

Local Company
Local Service
Local Support

Low-Call: 076 - 6020502

BANDA LEATHAN DON IARTHAR

www.lightnet.ie

Lighthouse Networks are based in Loughrea, Co. Galway.

Peter Keane
Clifden

Aerials, Satellite Dishes, Sales, Repairs, Service,
*Wireless Broadband installation.*

***Digital Terrestrial Television is now available***



095-21827
0876687468



Go n-éirí leis an Irisleabhar

Zetland House Hotel
1856
agus
Bar Johnny O Loughlins Bar
An Caiseal

ZETLAND Country house Hotel

Bar Food Served Daily from
12.30pm until 9pm
Bistro Restaurant Open Daily

Ag cuir oibre ar fáil do
muintir na h-Áite

Tuilleadh Eolais:
Telefón:095-31111
www.zetland.com
info@zetland.com



# Paddy Keane

*Ó Catháin Teoranta*

**CONRAITHEOIR
TÓGÁLA**

**Gabhla**

Teileafón agus Facs: 095-31017
Teileafón póca: 086-8251276

# Teach Ósta
# Tigh Mhóráin





**Carna,**
**Conamara,**
**Co. na Gaillimhe.**
**095-32570**

**Comhluadar breá**
**Spóirt agus Spraoí**

**Ó Peter Fitzpatrick**
***Nollag Shona do mo chuid Cuistaiméirí ar fad.***





# Tomás Ó Curraoin
## Na Fothraí Maola Thiar
## Bearna,
## Co. na Gaillimhe

## 087-2933782
## www.galway.ie

**Ball de Chomhairle Chontae na Gaillimhe**

# Jackie Ó Cualáin

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

**Carna**

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna • Díonta • Ballaí
Pluiméireacht • Pláistéireacht • Sreangú & Obair Adhmaid

***Cuireann muid seirbhís ar fáil ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag:**
**Fón: 095-32331 • Facs: 095-32532**
**Mobile Fón: 087-2249498**

**"Member of Construction Industry Federation" • C.I.S. • "Member of Home Bound"**

# Triúr Fear a D'imigh

*Triúr fear a d'fhág lorg a gcos i gCarna agus i gCill Chiaráin - An Garda Jerry Sheehan, Donncha Ó Tuama, An tAthair Tomás Ó Mainnín. D'imíodar ar shlí na firinne i 2011*

## Jerry Sheehan - An Garda as Máistir Gaoithe.



Rugadh an Garda Jerry Sheehan i mbaile fearainne Chombeatha i Máistir Gaoithe i nGaeltacht Chiarraí (tuairim deich míle ó Chathair Saidbhín). Ba i Stáisiún Shráid Eglinton i gcathair na Gaillimhe a thosaigh sé agus aistríodh é go Gort ar feadh 6 mhí i 1963. Ina dhiaidh sin a tháinig sé go Carna. Chaith sé ós cionn 5 bhliana i gCarna idir 1963 agus 1968. Ach, ní strainséara a bhí ann i gCarna amach agus amach. Tharla sé go dtéigheadh Jerry ar an "mBeet" i Sasana sular ndeachaigh sé sna Gardaí. (Nóta beag don dream óg – théigheadh go leor fir as iarthar na hÉireann ag obair ar na monarchana biatais i Sasana ó aimsir an Fhómhair amach go hEanáir nó Feabhra sna blianta sin). Bhí aithne ag Jerry ar chuid de na lads as an taobh seo dá bharr sin.

Bhí Jerry an-ghníomhach sa gcumann nua peile a bhí bunaithe i gCarna; thart ar an am céanna a bunaíodh an cumann peile i gCarna a tháinig an Garda Jerry Sheehan anseo. "Ní raibh aon eagar ar an bpeil i gCarna le scaitheamh maith blianta roimhe sin" a deir Dara Mhic Dara (Ó Loideáin) agus é ag caitheadh súil siar. "Bhí Jerry an-ghníomhach sa gcumann nua peile. Sé féin agus Josie Hynes a bhíodh ag roghnú na bhfóirne agus is iondúil gur thoir tígh Jerry – teach na bearraice – a bhíodh na cruinníthe againn". Bhí Jerry ag traeneáil na fóirne freisin. "Níl mé ag rá gur b'é an cineál traeneála eagraithe atá anois ann a bhí ann an uair sin" arsa Dara Mhic Dara "ach bhíodh sé ansin agus bhíodh sé feistithe amach agus é ag imirt in éineacht leis na lads. Bhí rud eile ann: bhíodh Jerry ag tógáil na bhfoirmeacha 'dole' ag an mbeairic i gCarna agus thoir i gCill Chiaráin agus chastaí na lads leis i lár na seachtaine ar an gcaoi sin. D'abraíodh sé leo ansin go mbídís ag teastáil ag an traeneáil agus ag na cluichí. Bh'shin é an córas cumarsáide a bhí ann san am!"

**Sáirsint agus Garda ag baint mhóna.**

Ní imríodh Jerry sna cluichí ach is cuimhneach le Louis Sheáinín (Mac an Iomaire) as Ros Dúgáin é a fheiceáil ag imirt i gcomórtas 7-an-taobh i gCamus. "Bhí Jerry ag imirt do Charna. Bhí seachtar eile as an Aird ann agus bhí foireann againne ann as Cill Chiaráin". An raibh aon ghaisce le Jerry ar an bpáirc é féin? "Bhí sé an-láidir", a deir Louis, "agus bhí sé sách maith ag imirt…ach nach raibh móran cruinnis ag baint lena chuid ciceanna".

Chuala Louis caint freisin faoi ábaltacht Jerry Sheehan ar an bportach. "Bhíodh sé féin agus an Sáirsint a bhí i gCarna san am, Barney Sweeney, ar an bportach in éineacht – fear ag baint agus fear ag scaradh". Bhí cleachtadh ag Jerry ar an bportach ó bhí sé ina ghasúr; rugadh agus tógadh é i dtír shléibhtiúil. "Fear den scoth a bhí ann freisin sa ngarraí", adeir Dara Mhic Dara. "Chuir



An Garda Jerry Sheehan agus a bhean Margaret.

Siobhán and Gráinne. Fágann sé freisin fir céile a chlann iníon, John agus Sean agus mná chéile a chlann mhac - sin iad Stephanie, Christine agus Deirdre. Maireann triúr dearthár leis - Paddy, Eamon and Richard agus deirfiúr amháin Mary. Suaimhneas síorraí dó.

**Donncha Ó Tuama - an múinteoir adhmhadóireachta as Corcaigh.**

sé caoi bhreá ar an ngarraí sin ó dheas den bheairic agus d'fhás sé neart torthaí ann". Bhíodh sé ráite faoi freisin go raibh sé cumasach go deo ag bearradh caorach leis an ngeibheas; d'abraití nach raibh fear níos fearr ná é ar an gceird sin ina cheantar dúchais féin agus é ina fhear óg. Cén sórt Garda a bhí ann? "Fear maith a bhí ann", arsa Dara Mhic Dara. "Fear maith a bhí ann sa bpobal freisin. Ó thaobh gnóthaí na nGardaí rinne sé a chuid oibre go macánta mar a bhí leagtha síos dó".

### Go Cill Cholgáin i 1968

D'athraigh Jerry Sheehan agus a bhean Margaret soir go Cill Cholgáin i ndeisceart na Gaillimhe i 1968. Níor lig Jerry an cumann peile i gCarna i ndearmad nuair a d'imigh sé; chuirfeadh sé tuairisc seasta go bhfeicfeadh sé cén toradh a bhíodh ar chluichí. Chaith sé scaitheamh i mbun dualgais sa nGort ach ba i gCill Cholgáin féin ba mhó a bhí sé lonnaithe. Bhí baint aige freisin le gníomhaíocht phobail sa gceantar sin. Chríochnaigh sé a dhualgaisí sna Gardaí ar an 18ú Meán Fómhair 1993.

Thaithnigh obair gharraí-dóireachta thar cionn leis agus rinne sé neart dó sin nuair a d'éirigh sé as na Gardaí. D'imríodh sé go leor cártaí '25' freisin. Loic an tsláinte air san aimsir dheireadh agus bhásaigh sé i bhFómhar na bliana seo.

Maireann a bhean Margaret… ba mhinic léi labhairt ar Charna a deir a clann - ceathar mac - Gerard, Paschal, Brendan agus Justin agus beirt iníon – Mary agus Regina. Tá cheithre dhuine dhéag gar chlanne aige - Patrick, Laura, Paschal, Andrea, Jennifer, Daniel, Ryan, Lisa, Amy, Kate, Anna, Peter,



Donncha Ó Tuama
ina mhúinteoir i gCarna.

Mar mhúinteoir adhmad-óireachta i nGairmscoil Charna is mó a bheidh cuimhne ag daoine thart anseo ar Dhonncha Ó Tuama. Ach ní shin i an cheird a bhí air nuair a thosaigh sé ag obair i dtosach le Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe. Amach go hInis Meáin a cuireadh é an chéad uair agus sé an dualgas a bhí air ná stiúradh a dhéanamh ar thógáil an Ionaid Pobail ar

an oileán. Ansin agus é cáilithe mar mhúinteoir adhmadóireachta fuair Donncha post san nGairmscoil nua i gCarna. Chuir sé oiliúint ar dhaltaí na linne sin agus, lena chois sin, oiliúint freisin ar dhaoine fásta ag ranganna oíche.

Thóg sé teach ar an gCaorán ar bhóthar Mhaoinse agus d'imir sé peile le foireann Charna san am. Fear aclaí agus scafánta a bhí ann. Leagan amach traidisiúnta a bhí aige ar an bpeil – scaoileadh leis an liathróid agus í a chiceáil píosa maith uait. Ach bhí sé ábalta ar an bpeil agus bhí sé ábalta freisin ar an gcluiche badminton.

Is cuimhin le Roibeárd Ó hÉalaí go mbití ag imirt go leor badminton san sean halla i gCarna san am sin agus go mbíodh Donnchadha ann go minic.

"Níor chaith sé agus níor ól sé" a deir Roibeárd. "Choinnigh sé traeneáilte agus bhí a chosúlacht sin ar".

I 1976 a shocraigh Donnchadha go rachfadh sé ar ais abhaile. Ba as Bun an Táirne i gContae Chorcaigh ó dhúchas dó. Fuair sé post múinteoireachta i nDroichead na Bandan. Tháinig sé ar ais ar cuairt go Carna cupla babhta. "Tháinig sé chugainn anseo nuair a d'imigh Eóin (mac Roibeárd agus Nóra, a bhásaigh go h-óg) uainn, go raibh suaimhneas síoraí aige", a deir Roibeárd Ó hÉalaí.

Le linn dó a bheith i gCarna thóg Donncha Ó Tuama bád tuairim 20 troigh ar fhaid. Thug sé leis í ó dheas nuair a chroch sé seolta as Carna. Bhain sé leas go leor as an mbád sin ar na farraigí ó dheas. Bhí faisean aige freisin a dhul ar bhád suas agus anuas abhainn na Sionnainne nuair a bhíodh triail aige; rinne sé níos mó dó sin nuair a d'éirigh sé as an obair. Bhí sé ag coinneáil go breá aclaí ach rug an tinneas air go tobann. Fuair sé scéala go raibh ailse ag dul dó – "pancreatic cancer" agus níor mhair sé achar ar bith. Seachtú ocht bliain d'aois a bhí sé.

## An tAthair Tomás Ó Mainnín – Sagart na Peile.



An tAthair Tomás Ó Mainnín.

*Le Pádraig Standún - Sagart Pobail Charna*

Fuair Sagart Pobail Chláir Chlainne Mhuiris, Tomás Ó Mainnín bás ar an 11 Meán Fómhair 2011 tar éis tinneas fada. Bhí aithne mhaith air i nGaeltacht na Gaillimhe mar gur chaith sé deich mbliana fichid inti, idir Cill Chiaráin (1966-67), An Cheathrú Rua (1967-90), Cor na Móna (1990-94), Oileáin Árainn (1994-97). Chaith sé sé bliana mar Shagart Pobail i gCluain Cearbháin (Louisburg) idir 1997 agus 2003 chomh maith. Is léir go raibh ard-mheas air chuile áit ina raibh sé. Fear láidir aclaí a bhí ann, scil faoi leith aige i bpeil agus iománaíocht, chomh maith le luthchleasaíocht ina óige, iascaireacht locha agus an suaimhneas intinne a bhain leis an gceird sin go mór leis.

Tharla gur chaith mise trí bliana déag de mo shaol i bparóistí leis an Athair Tomás, ar an gCeathrú Rua nuair a bhí sé ina shéiplíneach i Scoil Chuimsitheach Chiaráin ansin, agus mar shagart cúnta in Inis Meáin nuair a bhí sé ina Shagart Pobail i Cill Rónáin in Inis Mór. Cé go raibh Súnda nó dhó idir na sagairt ar na hoileáin, is mó ama a chaitheamar i gcuideachta a chéile aimsir na bhFaoisdineacha nó na Stáisiúin nó mar a chaithfeadh sagairt i bparóistí eile am ar bith, mar nach bhfeadfaimís dul abhaile san oíche. D'fhág sé sin gur iomaí scéal a hinsíodh san oíche faoin ar tharla dúinn in áiteacha eile ina raibh muid.



**Foireann Choláiste Iarfhlatha i dTuaim i 1958.**
Buachadar Craobh Sinsir na hÉireann an bhliain sin. Sé Tomás Ó Mainnín an dara duine ó chlé sa líne tosaigh.

Tagann cúpla ceann de na scéalta sin ar ais dom anois agus mé ag cuimhniú ar chomrádaí atá ar shlí na fírinne.

Bhain scéal amháin acu leis an am a chaith sé sa pharóiste seo; sin é an t-am a raibh sé ina shéiplíneach i gCill Chiaráin. Bhí sé ag dul soir le deifir chuig a bhaile dúchais Domhnach amháin tar éis an Aifrinn le cluiche a imirt.

Tháinig gluaisteán amach roimhe ar bhóthair Thuama, agus is beag nár cuireadh den bhóthair é agus é ag iarraidh timpist a sheachaint. Baineadh creathadh chomh mór as an tAthair Tommy gur stop sé ag beairic na nGardaí agus thug sé uimhir an chárr a bhí ag tiomáint go contúirteach dóibh.

**"Be out of this parish before sundown!"**

Thug na Gardaí folaireamh don tiománaí agus dúirt leis gur sagart ó pharóiste Charna a rinne an chasaoid. Is dóigh gur cheap mo dhuine nach raibh ach sagart amháin i gCarna. Siar leis. Chuir sé tuairisc Tigh an tSagairt agus chuaigh sé isteach chuig an Athair Seán Ó Philibín. "Did you report me to the Guards for dangerous driving?" a d'iarr sé, sách crosta.

Dúirt an tAthair Philibín leis a theacht isteach. Thug sé amach peann is parr, agus d'iarr sé ar theastaigh uaidh ráiteas a dhéanamh. Níor theastaigh uaidh mo dhuine é féin a chrochadh ar pháipéar agus dúirt sé nach raibh sé ag iarraidh tada mar sin.

Bhainfeadh an tAthair Tommy an-sásamh as freagra an Athar Philibín a aithris: "I have no car. I never drove a car, and I have not crossed the river Corrib for months." Chríochnaigh sé: "I would advise you, young man, to be out of this parish before sundown." Chuile sheans gur chuala mo dhuine faoi chumhachtaí an Athar Philibín agus nár thrasnaigh sé féin an Choirib ón taobh eile ariamh ó shin.

**An gol agus an gáire!**

Eachtra eile a thaithin go mór leis an Athair Ó Mainnín nó an oíche a raibh sé ar stáitse le Aisteoirí Mhic Easmainn ón gCeathrú Rua i gcomórtas mór le rá. Páirt Bhreithimh a bhí ag an Ath. Tommy, agus bhí air coirpeach a dhaoradh chun

báis. D'imigh a línte glan amach óna intinn. Bhreathnaigh sé ar an té a bhí le daoradh agus thosnaigh an bheirt acu ag gáire. Chuireadar a lámha chuig a gcloigne agus iad sna tríthi, iad ag ceapadh nach raibh seans ar bith acu sa gcomórtas. Tháinig na línte ar ais ar ball agus leanadar orthu.

Nach orthu a bhí an t-iontas ag deireadh na hoíche nuair a thug an té a bhí i mbun moltóireachta ard-mholadh don Bhreithimh ar ghoill a bhreith chomh mór sin air gur chuir sé a chloigeann síos agus thosnaigh ag caoineadh.

Airíonn muid uainn é. Ar dheis Dé go raibh Tomás Ó Mainnín.



**Joe Mhick Cooke as Aill na Brún.**
D'oibrigh sé ar fheilm na Mainníneach ar an Achréidh ina fhear óg.

## Cuimhne eile ar an Athair Tomás Ó Mainnín.

*Le Seosamh Ó Cuaig*.

Chuaigh mé féin agus bean an tí go dtí an séipéal i gClár Chlainne Mhuiris an trathnóna raibh an tAthair Tomás os cionn cláir ann. Ní shin é an chaoi ab fhearr liom é a fheiceáil—tarraingthe, traochta ag tinneas agus ag peiriacha an bháis. B'fhearr liom cuimhniú ar an bhfear lúth láidir a mbíodh aoibh an gháire i gcónaí air. Fear cúthaileach. Fear fiúntach. Duine de phobal tuaithe na tíre a raibh tréithre na muintire go láidir ann.

Bhí m'athair agus mo mháthair thuas sa seanteach leo féin lá nuair a chonaic siad sagart ag teacht aníos an cosán. Bhain sé craitheadh astu. Ní go minic a thiocfadh sagart ag teach gan focal a chur roimhré agus cá bhfios nach drochscéala a bheadh aige.

Tháinig sé isteach. "Arb sheo é tí Joe Cooke?" a d'fhiafraigh sé. "Sé go deimhin," a dúirt m'athair. "Mise an tAthair Ó Mainnín," a dúirt sé, "as taobh Bhleán Rí mé. Tá mé tagtha i mo shéiplíneach go Cill Chiaráin agus chaithfinn a fháil amach an raibh Joe Cooke beo." "M'anam go bhfuil mé beo fós buíochas le Dia," a dúirt m'athair, "péibrí cén t-achar é. Tá barúil agam anois cé leis thú."

Thosaigh siad ag comhrá. Feilméara a bhí in athair an tsagairt agus bhíodh m'athairse ag spailpínteacht aige blianta roimhe sin. Deirtí go gcaití go dona le spailpíní Chonamara soir faoi Bhleán Rí ach bhí an-mheas go deo ag m'athairse ar an sean-Mhainníneach. Chaithfeadh sé go raibh cuid den taobh eile sa scéal freisin. "Tá sé chomh fada anois," a dúirt an tAthair Tomás, "agus nach gcuimhnímse chor ar bith ort ach bhíodh mo chuid deartháireacha ag caint ort i gcónaí. Sin é an fáth a gcaithfinn a theacht chomh fada leat chomh luath agus a tháinig mé go Cill Chiaráin." "Tá míle fáilte romhat go deimhin," a dúirt m'athair.

Má ba mhinic m'athair ag caint ar an sean-Mhainníneach bhíodh sé ag caint ar mháthair an tsagairt chomh minic céanna. Blianta ina dhiaidh sin bhí mo mháthair féin san ospidéal. Tugadh m'athair isteach ag breathnú uirthi. Cé a bheadh sa leaba lena taobh ach máthair an Athar Uí Mhainnín. Ní raibh sí feicthe leis na cianta roimhe sin ag m'athair. Mura raibh fáilte acu roimh a chéile. Bhí drochscéala aici ag an am: báitheadh mac léi - sagart eile—amuigh ar na misiúin.

Is iomaí comhrá a bhíodh agam leis an Athair Tomás ina dhiaidh sin. D'fhiafraigh mé de lá an gcreidfeadh sé go bhféadfadh fios a bheith ag duine ar rud a tharlódh in áit eicínt eile agus an duine féin a bheith i bhfad as láthair. "Ní hé amháin go gcreidfinn é," a dúirt sé liom, "ach tharla sé dhom féin." D'inis sé ansin dom faoin am a raibh sé i Maigh Nuad agus ar dhúisigh sé i lár na hoíche. "Tá m'athair caillte," a dúirt sé leis féin.

Leisce na bréige anois níl a fhios agam ar thit sé ina chodladh aríst. Ar éigin é. Ar aon chuma nuair a chuaigh sé síos ar maidin bhí an scéala ansin, bhí a athair caillte sa mbaile. Ag an am céanna ar dhúisigh sé san oíche a cailleadh é.

"An raibh aon donacht air," a deirimse. "Ní raibh", a dúirt an tAthair Tomás. "Feilméara crua láidir a bhí ann. Is maith a thuigfeadh d'athair féin é sin."



# Abbey
School of Motoring
GALWAY CITY AND COUNTY

Own Car / School Car
DIR Qualified Driver
All test routes covered
Car available for test
Dual Control Car
Block Bookings Available
Nervous Beginners Welcome
*Gift vouchers Available...*

**DIR IAM MSAI ADI**

Tel: 091 59 20 40
Mobile : 087 769 9222
Email: info@abbeydrivingschool.com




SHOTOKAN **KARATE** SHOTOKAN



**Aois?**
Gach aois ós cionn 7 mbliana.

**Éadach?**
Is féidir cineál ar bith éadach scaoilte a chaitheamh, ach gan aon *bhróga ná Seodra a chaitheamh sa rang.*

**Cén fáth?**
Anáil níos fearr. Foghlaim féinsmachta.
Foghlaim chun thú féin a chosaint. Feabhas ar fhéinmhuinín.

**Áit?**
Ionad Pobal/ Cill Chiaráin
Carna
**Dáta Tosaithe?**
4ú Eanáir 2012
**Uaireanta?**
Dé Céadaoin 7i.n. 8:15i.n.
Dé Domhnaigh 1i.n. – 2:15i.n.

Connemara Shotokan Karate (Facebook)
**Ríomhphost:** kilkerrinkarate@eircom.net
**Fiosraithe: Seán Mac Donnacha 1st Dan 087-6681363**

*Fáilte roimh daoine atá ag tosú!*

Lá Fheile Chiaráin

Féile na mBád
CILL CHIARÁIN

# TIGH CHADHAIN

BAR & BISTRO

CILL CHIARÁIN — CONAMARA — IRELAND

**Beannachtaí na Nollaig oraibh go léir!**

Ceol Geo

Sports Bar

Free WiFi Free Internet Access



# Tigh Mheaic

Carna



*Ceol & Craic gach seachtain*

*Bia ar fáil - Bricfeasta, Lón, Dinnéar*

*Cóisir agus Lónadóireacht Baile (Home Catering)*



**Fón: 095 32730 / 087 2826244**
**tighmheaic@gmail.com**
**Lean Tigh Mheaic ar Facebook!**

Free WiFi

**Satellite TV - - CCTV Systems - - Oil Boiler Servicing**

## Tommy Stephen

Rusheen na Managh
Carna
Connemara
Co. Galway
Tel: 087 280 7137
Email : tsbreathnach@gmail.com








**Satellite TV Systems (Sky Agent) - Installation & Servicing**
**CCTV Systems - Installation & Servicing**
**Oil Boiler Servicing**
Expert advise and all work guaranteed.
What we sell, we service.
*Covering all Connemara*

**Security cameras to suit all budgets**
**Security camera's for viewing your oil kerosene tank.**
**Wireless camera's for Cattle Sheds up to 2km range**
**View cows calving at night.**
**All new digital T.V. aerials and saor view boxes.**



Clifden Mart Clifden
Co. Galway



**Weekly sales of cattle and sheep every Friday**




**Sales of Connemara Ponies take place in February, May, August and October.**

**All enquiries tel; 095-21861**

# Boston 1956



Grace Joe Phat Curran agus a mac Tom nuair a chuaigh Grace ar cuairt chomh fada leis i mBoston i mí Mheán Fómhair 1956. Ba í Grace máthair mhór chlann Phat Jim – Jimmy Phat Jim agus a dheartháracha agus a dheirfiúracha – as an mBantrach Ard.





An Capall. Bhua sí an geall ag Féile Mhic Dara an bhliain sin. Sa mbád ó chlé – Johnny Bailey, John Bhaibín, Joe Mhadaoín agus Paddy Dundass.

# Baile Charna tráth den tsaol.



Sin í Lena Berry as dheis  sa bpictiúr seo a tógadh i gCarna i bhfad siar sna blianta.
Tógadh an pictiúr taobh amuigh go tí Bherry.  Bhféidir gur lá Seo caipplea bhí ann.



Seán Ó Gaora  (Johnny Geary) as Carna.  Bhí aithne ar Johnny go foirleathan.  Rinne sé obair taxi agus bhí teach lóistín acu freisin.

Tógadh an pictiúr seo an lá ar phós Carmel Ní Chaodhna as Glinsce agus Joe Keane as Cloch na Rón.  Tí Ghaora a bhí an bricfeasta acu.

# Fir an Mhaide Rámha



1965: Ó chlé: Donald Robb a bhíodh ina bhainisteoir ar mhonarcha Arramara Teo i gCill Chiaráin, Máirtín Curran as Cill Chiaráin, Coleman Coyne as Cill Chiaráin agus Máirtín Chóilín Choilimín Seoige as Inis Bearrachain.



1973: Ócáid Chupán Arramara ag rásaí Chill Chiaráin. Ó chlé: Máirtín Chóilín Choilimín Seoige, Réamon Jimmy an Oileán Mac Donnchadha, Johnny Jimmy Mac Donnchadha agus Des Nolan.

Tá muid an-bhuíoch do Sheán Madden agus do Phaddy Dundass a fuair na pictiúr seo anál as Meiricea in aonturas le h'aghaidh "Iorras Aithneach 2011".

# Lackagh Rock

**QUARRY GROUP Limited**

Recess, Galway.

**Tel: 095 - 34614 / 34737**

**Suppliers of:**

*Stone - Washed Sand*

*Aggregate Groung Limestone*

*Readymix Concrete Blocks*

*All Pre-Cast Products*

*Hollowcore Flooring*

*Cattle Slats*





# Camus Autos Tyre Centre

Camus, Conamara,
Co. na Gaillimhe,
091-574197
087-2871658

Boinn do chuile chinneal.
Pirelli, Dunlop, Sava, Nankang

Agus le haghaidh
Caranna, Jeeps, Vans, Light trucks, Tractors.

Chomh maith le

Service, Tracking, Balancing

Customer Recovery Service.



# Seán Ó Cathasaigh

***Graibhéal Clocha***
***agus Clocha Tógála***





**An Gleann Mór**
**Cill Chiaráin, Conamara**
**Co. na Gaillimhe**


**Fón: 095 33579**
**Mobile: 087 2714648**



# Séamus Ó Scanláin

**LICENSED BY CONNAUGHT WASTE MANAGEMENT**

- Septic Tanks Cleaned & Emptied
- Covering Galway and Connemara
- Permit No: CW 109
- Rapid and Efficient
  On-Site Dewatering of Septic Tanks, Grease Traps etc.


Established 1985
Cloch Mór, Baile ha hAbhann
Phone: (091) 593048 Mobile: 087 2572308
Fax: (091) 505798

# I gCuimhne ar Mhuintir Sheanach Dónaill
## 100 bliain ó shin

***Le Máirtín Ó Catháin.***

*Dá mba bord cearrbhachais i Las Vegas féin é agus ní bheadh súil chomh géar coinníthe ar. Imirt dháiríre a bhí anseo. Ach bhfada ó Las Vegas é; bhfada ó bhaile fearainne agus ó bhaile mór é. San am sin bhfada ó imeachtaí an tsaoil mhór é baile Seanach Dónaill. Cártaí a bhí dá n-imirt ar bhord Mhichael Nanny Tom (Mac an Iomaire) agus a bhean Nan, i Seanach Dónaill…ní cluiche '25' ach cluiche '45'. Cluiche fada bhí ann agus ní raibh aon chosúlacht le pota ór Las Vegas ar an mbeagán a bheadh dá bharr ag an mbuaiteoir. Aon phingin amháin! Agus is minic a mhair an imirt sin go meán oíche agus níos moille ná sin…oícheannta fada geimhreadh.*



**Steven Halverson, gar mhac le Delia Festy Nanny a tháinig as Arizona chuig an ócáid i Seanach Dónaill (ar chlé). Pictiúr bainse do Delia ina lámh aige. Mary, iníon le Máirtín Festy as Gaillimh sa lár agus Máirtín Mac an Iomaire as Gaillimh, mac le Máirtín Festy Nanny ar dheis ag na sean tithe i Seanach Dónaill.**

Baile sléibhe é Seanach Dónaill tuairim's leath bealaigh idir Gabhla agus Cill Chiaráin. Dhá theach a bhí ann; tá creatlach na dtíthe sin ann i gcónaí. Muintir Mhic an Iomaire a bhí ann nó gur tréigeadh an baile uilig sna 1970idí. Sa tsean aimsir bhí Michael Nanny Tom agus a bhean Nan (Nan Phádraig Mháirtín as Fínis) i dteach acu agus Festy Nanny Tom agus a theallach siúd sa teach eile. Ba deartháracha iad Michael agus Festy. Sna blianta atá i gceist agamsa bhí Tom Festy Nanny (mac le Festy Nanny Tom) ina chónaí i dteach a athar agus bhí Michael Nanny Tom agus Nan sa teach eile. Tígh Mhichael a bhíodh na h'oícheannta cártaí. Ceathrar a bhíodh ag imirt – bhíodh Michael agus Nan ina bpáirtithe agus an bheirt imreoirí a thagadh chun na tí ag imirt ina n-aghaidh.

**CIANÁN AGUS CUILEATA.**

Theigheadh m'athair agus duine de mo chuid uncaileacha (clann Sonaí Josie), sin Josie neo Pádraig Ó Caodhna (clann mhac John Mhichil Bheartla) go Seanach Dónaill ag imirt anois agus aríst. Bhítí ag fanacht nó go dtiocfadh oíche bhrea ghealaí mar bh'fhada an píosa siúl sléibhe é; ní raibh bóthar ná cosán ag dul ann. Bhíodh fáilte mhór rompu i Seanach Dónaill agus ní bhíodh sé achar ar bith no go bhfáightí an paca cártaí. Thugtaí mo dheartháir Paddy agus mé féin suas ann cuid mhaith de na h'oícheannta sin agus ba geall le turas chun na Flaithis dúinn é sin. Choinníodh muid súil ghrinn ar an imirt ach dá dtárlódh sé go raibh Michael Nanny Tom é féin ag fáil droch chártaí dhibreofaí thú agus déarfaí leat cupla fód a chuir ar an tine. "Ní bhfuair mé aon chárta ceart ó sheas tú ag mo ghualainn", a déarfadh sé, agus tá mé siúráilte gur chreid sé é sin. Ba ansin a d'fhoghlaim mé na h'ainmneacha ceolmhara ar chártaí agus na téarmaí a bhain leo. Mar dhéanfadh Michael Nanny é féin cur síos ar chuile bhabhta imeartha chun's bheadh na cártaí dá roinnt aríst. "Cuileata muileata" nó an "cianán muileata" – bhí ceol sna téarmaí...sin nó an "deich triúf" agus chuile mhallacht ar...nó an "h'aon a 'airt". I deireadh na h'oíche imrítí 'scuaibín'. Bhféidir go raibh trí phingin nó toistiún in airgead na linne ar an 'scuaibín".

Nuair a bhíodh na cártaí thart, réitigh braon tae agus dhéantaí beagán cómhrá. Ansin thugadh muid an cosán cupla míle orainn féin thríd an sliabh aríst nó go sroichfeadh muid an baile. Tá Pádraig Ó Caodhna (Pádraig John Mhicil) ina



**Sliocht Sheanach Dónaill.**
Barbara Ní Shúilleabháin – Uí Laoi (as Loch Con Aortha ó dhúchas) ar chlé agus Elizabeth Ní Mhaoláin as an Aird Mhóir.
Ba as Seanach Donaill sean-mháthaireacha na beirte - Sally Nanny Uí Mhaoláin agus Kate Nanny (Uí Shúilleabháin).

chónaí taobh linn anseo anois aríst tar éis dó na blianta a bheith caite aige i Meiriceá. Ach tá m'athair agus mo chuid uncaileacha...agus Michael Nanny Tom agus a bhean Nan Phádraig Mháirtín uilig imithe ar shlí na firinne – iad uilig gar go maith dá chéile anois i reilig Mhuigh Inse. Tá Josie John Mhichil (Ó Caodhna) caillte le ríar mhaith blianta. Rug an bás air go h'óg sa gcathair ar chaith sé go leor dá shaol ann (New York).

**COMÓRADH 5Ú AIBREÁN.**

Ach bhí daoine i Seanach Dónaill i bhfad roimh aimsir na gcluichí cártaí sin. Go deimhin bhí comhluadar óg daoine ann nuair a rinneadh Daonáirimh na bliana 1911. Shocraigh cuid de shliocht mhuintir Sheanach Dónaill go mba thráthúil an beart é na daoine sin a thabhairt chun cuimhne i mbliana – 2011 – ar an dáta céanna ar tógadh an Daonáirimh 100 bliain roimhe sin - an 5ú lá d'Aibreán. Ba é Micheál Mac an Iomaire, mac le Máirtín Festy Nanny – a bhí ag eagrú na h'ócáide. go dtabharfaí muintir Sheanach Dónaill chun cuimhe aríst. Tháinig Micheál é féin (cónaíonn sé i mBaile Átha Cliath) - agus a dheirfiúr Tilly as Gaillimh chomh fada linn anseo agus d'fhiafraigh an gceapadh muid go mbeadh suim ag muintir na háite – baile Ghabhla agus an ceantar thart – a dhul i gcuideachta mhuintir Mhic an Iomaire go Seanach Dónaill an lá sin, an 5ú Aibreán, le comóradh a dhéanamh ar an dream a bhí ann fadó. Dúirt mé go mbeadh...agus chuadar ann. Bhí daoine as chuile theach san áit ann agus daoine muintireacha ar nós Elizabeith Ní Mhaoláin as an Aird Mhóir agus Bairbre Ní Shúileabháin (Uí Laoí anois) as Loch Con Aortha ann freisin. Bhí gasúir ann agus bhí daoine a bhí ina ngasúir tráth den tsaol ann! Lasadh coinnle i gcuimhne ar an dream a mhair sa dá theach sin amuigh sa sliabh céad bliain díreach roimhe sin. De réir an chuntais Daonáirimh seo h'iad na daoine a bhí ann cothrom an lae sin 100 bliain roimhe sin.

TEACH 1:

Anne Ridge 62 (Nanny Tom).
Thomas Ridge 29 (Mac Nanny Tom)
Michael Ridge 24 (Michael Nanny Tom an fear a phós Nan Phádraig Mháirtín as Fínis)
Catherine Ridge 20 (iníon)
Sarah Ridge 16 (iníon)
Joseph Cooke 23 -
(Seo fear as Cill Chiaráin a bhí i Seanach Dónaill oíche an Daonáirimh – Chodhlaíodh daoine a bhí ag siúl sléibhe oícheannta i Seanach Dónaill scaittí.)

TEACH 2:

Festy Ridge 41 (Festy Nanny Tom)
BridgeT Ridge 38 (Bean festy Nanny Tom).
Delia Ridge 5
Peter Joseph Ridge 3
Mary Ridge 2
Martin Ridge 5 months
(Is cosúil nach raibh Tom Festy a raibh aithne mhaith air thart sa gceantar seo beirthe san am sin).

**COINNLE CUIMHNEACHÁIN I SEANACH DÓNAILL.**

Tugadh comhluadar na bliana 1911 chun cuimhne; dúradh páidreacha agus casadh amháin. Lasadh coinnle ansin i gcuimhne orthu uilig. Las mé féin an choinneal i gcuimhne ar Mhichael Nanny Tom, beannacht Dia le'n anam. Tá bóthar go Seanach Dónaill anois, bóthar a rinne Willie Leahy fear na gcaipple ... an fear ar leis Seanach Dónaill ar na saolta seo. Bhí Willie Leahy é féin ansin agus ba deas uaidh cúnamh agus comhoibriú a thabhairt don ócáid. Bhí an Comhairleoir Contae Seosamh Ó Cuaig ag an ócáid ag tabhairt omóis do mhuintir Sheanach Dónaill agus labhair sé faoi Mháirtín Festy Nanny – athair na bhfear agus na mban a


d'eagraigh an ócáid. Chaith Máirtín a shaol ina shaighdiúr sa gCéad Chath i nGaillimh. Thug Seosamh Ó Cuaig an t-eolas seo freisin faoi stair Sheanach Dónaill.

"Ba leis an tiarna talún Nicholas Lynch an áit i dtosach. I mBearna a bhí sé siud. Rinneadh amhrán faoi, "Loingseach Bhearna". Ba leis Cill Chiaráin freisin agus bailte eile thart.

Tar éis an Ghorta Mhóir díoladh cuid mhaith de na heastáit. Fear darbh ainm John J Strutzer a cheannaigh Seanadh Mhac Dónaill. Ceaptar gur Gearmánach saibhir a bhí ann. Ba aige a bhí sé nuair a rinneadh Griffith's Valuation in 1855. Beagáinín le cois 519 acra a bhí ann. Ní raibh aon teach ar an talamh ag an am.

Am eicínt idir 1870 agus 1880 cheannaigh fear darbh ainm Philip Newton as Dunlecky Manor, Bagnelstown, Co. Cheatharlach é. Idir 1880 agus 1890 fuair Thomas Joyce seilbh air. Níl a fhios againn cén chaoi ar tharla sé sin. Is dóigh gurb é an chaoi ar cheannaigh sé é. Má sé cá bhfuair sé an t-airgead? Bhí iníon ag Thomas Joyce a raibh Annie uirthi agus phos sise Tom Ridge. Nuair a cailleadh Thomas Joyce cuireadh an áit in ainm Thomas Ridge".

Dá réir sin uilig ba í an Annie Joyce seo atá luaite san eolas a thug Seosamh Ó Cuaig an bhean ar tugadh Nanny Tom uirthi – iníon le Tom Joyce. Ansin ba í Nanny Tom máthair Mhichael Nanny Tom agus Festy Nanny Tom (nó Michael agus Festy Ridge). Tá lorg a gcos uilig sa mbaile sléibhe ar a dtugtar Seanach Dónaill. Ba dheas an rud é gur tháinig daoine le chéile agus gur shiúil siad an talamh garbh sin arís i gcuimhne ar an gcomhluadar a bhí ann 100 bliain roimhe sin. Ba mhaith an aghaidh orthu é.



# Nioclás Ó Conchubhair Teo
## Homevalue

**Leitirmóir, Co na Gaillimhe**
**Fón: 091-551 114 Faics: 091-551 258**

**Rogha agus Seirbhís den Scoth**
*Quality Choice Service*

**Stór Nua Oscailte anois i gCasla**

**Fón: 091-506111**
**Faics: 091-506044**

***Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,***
***Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí,***
***Péint & Srl***

# CATERENT
**FURNITURE AND CATERING EQUIPMENT HIRE**

5a Racecourse Business Park
Ballybrit
Galway
Tel: - 091 771744
Fax: - 091 771745
Website: www.caterent.ie
Email: caterent@eircom.net

WESTBIC
BUSINESS & INNOVATION CENTRE

# Ag Tacú le Fiontráiocht

Ionad Teicneolaíochta na Gaillimhe,
Páirc Ghnó Muirbheach,
Gaillimhe.
www.westbic.ie
Fón: 091 730850

# CARR'S

CARPET & FURNITURE CENTRE
Galway Rd., Clifden

**Tel: (095) 22070**
**Fax: (095) 22070**

*Retailers of Carpets, Vinyl, Hardwood Flooring, Furniture, Curtains, Roller Blinds, Bedding.*

**FREE MEASURING -**
We will call to you home to measure and quote.

**OPENING HOURS:**
Monday - Saturday 9.30 am - 6.00 pm,
6 days a week

# Joyce's Grocery

Recess, Connemara, Co.Galway
Phone: 095 34658 Mobile: 087 2686946
joycesgrocery@hotmail.com

Opening Hours: 7.30am – 7pm Mon - Sat

**For All Your Farm Needs**

Cattle Feeds – Horse Feeds – Sheep Feeds – Shavings – Coal – Briquettes – Wire & Stakes

**We deliver to your door.**

# T. Ó Máille Teo

**Ros Muc.**
**Co na Gaillimhe.**
**Telefón: 091-574101**



Earraí Groséara - Crua Earraí
Éadach agus Ábhar Títhe

*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*

*Nollaig Shona do chuile dhuine agaibh.*



# Mylotte's

Carna

Siopa Grósaera

**Téil: 095-32256**

**Faic: 095-32951**

***Ann Mylotte Adhlacóir***
***&***
***Teach Tórraimh***



**Socraithe Iomlán sochraide agus creimeadh**
**Teach Tórraimh Ionnaithe cóiriúil don séipéal.**

*Nollaig mhaith go chuile dhuine, gach rath ar an Iris*



# Thomas Welby

***Cregg, Oughterard.***

***Comhairleoir Contae***



*Nollaig Mhaith Dhíbh Uilig Ar Fud*

*Chonamara*

**Tá fáil orm ag:**
**091-552959/087-2855676**

# *Ag Ceiliúradh an tSaoil*



**Máirtín Mhike O'Conaola lena bhean Kate agus clan a gclainne… Christopher, Mark agus Simone tar éis imeachtaí spóirt Lá'l Mhic Dara 2011.**



**Ciara Ní Dhúinshléibhe, Éabha Ní Chonaire agus Katie Ní Shúilleabháin in éineacht leis an tSr. Marie Ní Choileáin ag ócáid ceiliúrtha sa scoil i mí Mheitheamh 2011 nuair a d'éirigh an tSiúir Marie as a post múinteoireachta sa scoil tar éis scór blianta.**

# Féile Lá'l Pádraig 2011













# Púcán na gCoilimíní



**Ó chlé: Stephen Choilmín, Cól Beag agus Máirtín Ó Cuirrín. I 1961 a tógadh an pictiúr seo. Cnoc Mordáin soir uait.**

# Muintir Churraoín agus Muintir Mhadaoín



James agus Marty Curran as Cill Chiaráin. Tógadh an pictiúr i mí Lúnasa 1967. Tá an bheirt acu anois ina gcónaí i gCalifornia. Deartháracha an bheirt acu le Stephen Curran. Sa teach seo a scríobhadh an t-amhrán gur mór é a cháil..."Amhrán an Steamer".



**Ó chlé:** Tommie McTavish as Carna, Páraic Madden as Cill Chiaráin agus Seán Madden as Cill Chiaráin. Tá siad ar bhainis deartháir Pháraic – sin é Tommy – i Séipéal Naomh Seosamh sa gClochán i 1985.



Seán Madden ar chlé agus a uncail Johnny Madden as an Roisín i gCill Chiaráin. An bhliain 1980.

# Muintir Churraoín



Grace Curran ar chlé, a mac Anthony agus a bhean siúd Bridie.  Ansin chun tosaigh a mbeirt iníon – Teresa ar chlé agus Philomena ar dheis.

I 1967 a tógadh an pictiúir seo thíos i Roisín ag tígh Anthony Curran a tógadh an pictiúr.

# Amhrán an tSaoil



Ó chlé – Máire Bean uí Chatháin (Máire Choilín Choilm Seoige), Kate Bean uí Chaodhna (bean John Mhicil Bheartla Ó Caodhna) agus Mairéad Bean uí Chadhain (bean Mhicí Coyne) as Gabhla. Tógadh an pictiúr seo scaitheamh maith blianta ó shin.



Cóilín Mac Donnchadha as Fínis ar dheis anseo – no Cóilín Fhinse agus é ag éisteacht leis an amhránaí óg seo Tí Mhóráin. Ba mhór é cáil Chóilín sa bpobal agus níos faide ó bhaile. Ní raibh muid inann an fonadóir a aithneachtáil.





Bríd agus Máirtín Ó Clochartaigh as Cill Chiaráin. ↑

Tógadh an pictiúr seo ar an 22ú Márta 1975

------------------------------------------

Cóilín Beag Chóilín Mhorgan.

←


An Meall Rua
Pic le; Bernadette Uí Mhaoilchiaráin

# Púcán Mhicí Mhary Ann



Ó chlé; Colm Cadhain, taobh thiar don seol tá Jim Ó Neasa (uncail do Phaddy beag), Paddy beag Ó Neasa agus Micí Mhary Ann. Tógadh an pictiúr seo i gcuan Chill Chiaráin. Ruisín atá le feiceáil sa gcúlra.

# Na Báid a Cuireadh le Fána go Ciarraí

*Le Seosamh Ó Cuaig.*

Tá roinnt seanchais fanta fós in Iorras Aithneach faoin gcaoi ar scuab stoirm báid iascaigh as an taobh seo síos go Ciarraí fadó. Is maith ann an seanchas ach, mar a dúirt Beairtle Neidín liom lá faoi ábhar eile, "ba mhaith leat an rud a fheiceáil scríofa freisin."

Le gairid casadh an tuairisc seo liom as an London Times. Ar an gcúigiú lá de mhí Iúil 1845 a foilsíodh é:

*"We deeply regret to learn from a respectable gentleman who came from Arran that the most painful apprehensions are entertained of a terrible loss of life having occurred along the entire western coast, in consequence of the storm on Friday last. On that morning boats put out from Brannagh, an island westward of Arran, for the purpose of taking fish but, unfortunately, the storm having arisen, it is feared numbers of them were blown out to sea, and have perished, as no tidings have been received of them. One man, Bartholomew Toole, from Roundstone, picked up 27 men in his way, and was obliged to land them on the coast of Kerry, to which he had been driven. He met with another boat, in which there were three men and a boy between 12 and 14 years of age, who died in the boat. He took off two of the men, but the other man would not leave his unfortunate child until he might bring him to shore for Christian burial. It is feared the poor man himself has been lost, as nothing has been heard of the boat since. …The foregoing was in type when the following additional particulars relative to this painful affair reached us, through a correspondent in Dingle: perhaps the unfortunate lad, our own correspondent mentions, is the same alluded to in our paragraph, and if this be so, his poor father's life was sacrificed to an excess of parental affection under the trying circumstances of the moment:- We lament to state, that on Friday night last, the 27th ult., the captain, helmsman, and a boy (the names we have not learned) belonging to a boat called Diana, were drowned. These unfortunate persons were out with many others from the neighbourhood of Clifden and Roundstone, fishing off the coast, when a fearful storm, accompanied by a dense fog, came on them, and upset and scattered them in all directions. It is an alleviation to say that two hookers made into Ventry harbor, having picked up and saved from an untimely grave 34 of the sufferers, and who, by the humane assistance of Mrs. Captain Eager, of Dingle, and a collection being promptly and generously set on foot by Mr. Clifford, of the coast guard, were able to proceed on hired cars to Tralee, thence towards their respective homes to the county of Clare."*

Ar ais linn go hIorras Aithneach anois go gcloisfidh muid an leagan den scéal a tháinig anuas chugainne. Seo mar a scríobh Seosamh Mac an Rí san alt a bhí aige sa leabhar "Pobal na Gaeltachta":

*Nuair a sheol Stiofán Hughie Ó Ceannabháin agus Jack Ó hUaithnín síos Cuan na hAirde an mhaidin sin ag déanamh ar Oileán an Dá Bhruthnóg, in aice le teach solais Árann, le dul ag iascach cnúdán, ba bheag a cheapadar go mbeadh sé tamall sula dtiocfaidís aníos an cuan sin arís. Ba le Stiofán Hughie an bád seoil – leathbhád a bhí inti—agus ba é Jack Ó hUaithnín a bhí á gabhail (ar an stiúir). I gceann píosa den lá d'éirigh feothan gaoithe aduaidh, neartaigh sí go tobann, agus faoin am ar thug fir na hAirde aghaidh ar an mbaile bhí sé ina stoirm agus cuireadh le fána iad. Báitheadh báid agus daoine ar an gcósta an tráthnóna céanna. Níor tháinig Stiofán ná Jack abhaile an trathnóna sin, ná tráthnóna lá arna mhárach, ná seachtain ó lá arna mhárach. Ní raibh aon tuairisc orthu ná uathu. Caoineadh iad agus cuireadh beannacht Dé lena n-anam.*

*Tráthnóna deireanach, trí seachtainí tar éis lá na stoirme, chonacthas bád seoil ag déanamh isteach Bealach na Sruthaire. Mearbhall a bhí orthu siúd in íochtar an bhaile a chonaic í, mar nach raibh aon bhád le culaith seoil dá sórt sna bailte. Scanradh a bhuail*

*cuid eile mar gur cheapadar gur bád sí a bhi inti! Bhí na seolta ab aisti uirthi dár facthas ar aon bhád ariamh. Bhí paistí móra liatha i measc an datha dhoinn—gnáthdhath na seolta. Lean an bád uirthi aníos an cuan. Beirt fhear a bhí ar bord. Aithníodh an bád. Ba í bád Stiofán Hughie í. Sheol an bád suas an cuan gur stríocadh seolta agus caitheadh ancaire i gCaladh an mBád, ag an gceann thuas den bhaile. Ní gá a rá gur cuireadh fáilte dheorach roimh an mbeirt mhairnéalach.*

*Tar éis cúpla lá bhí an scéal iomlán ag muintir an bhaile. Lean an stoirm úd ar feadh laethanta ach go raibh an ghaoth ag lagadh agus ag gabhail siar aduaidh. Tornáil ghéar ag iarraidh fanacht glan ar charraigeacha ar chósta Chontae an Chláir. Farraige cháite á bualadh san éadan orthu agus gan snáth tirim ar a gcraiceann, gaoth agus sruth á séideadh agus á suaitheadh. Ach bhí Dia agus Naomh Breandán i bpáirt leo. Istigh i gcrompán faoi scáth Chnoc Bhréanainn, nó "an Brandán" mar tugtar air sa taobh seo tíre, b'ann a chaitheadar ancaire agus iad ionanns i ndeireadh na preibe.*

*Caitheadh go maith leo i gCiarraí. Bhí díol meitheal fear d'obair agus d'anró roimh Stiofán agus roimh Jack sula mbeidís ar ais arís i measc a muintire. Ar an gcéad dul síos, bhí paisteáil le déanamh ar an éadach, bhí spladhsáil le déanamh ar na láinnéir, bhí fáisceadh agus daingniú le déanamh anonn is anall ar an mbád féin agus tar éis na hoibre sin ar fad, bhí ceithre scór mile farraige amach rompu, sin gan trácht ar chor ar bith, b'fhéidir, na mílte farraige tornála a bheadh orthu a dhéanamh de bharr srutha is gaoithe. Cér chás é ach ní raibh an chianóg rua ag ceachtar den dá chréatúr.*

*Chuadar chuig an sagart ag iarraidh déirc bheag air ach dúirt seisean nach raibh mórán den rath aige féin le tabhairt dóibh, bhí a chiste spíonta. Mhol sé dóibh a dhul go dtí an ministéir Protastúnach: rud a rinne, agus níor thuras in aisce dóibh é. Thug sé an oiread dóibh is go rabhadar in ann caoi sheolta a chur ar an mbád agus ó bhí aghaidh tagtha ar an aimsir, a mbealach a dhéanamh ar ais go dtí an taobh seo tíre. Bhí Dia i bpáirt leo. Tháinigeadar ar ais slán sábháilte go dtí an Aird Thoir, gan cabhair cloig ná compáis, tar éis éacht seoltóireachta a bheadh deacair a shárú.*

## TUILLEADH EOLAIS Ó SHEOSAMH Ó CUAIG

Ó chuir mé an méid sin thuas i dtoll a chéile bhí mé ag Oireachtas na Gaeilge i gCill Áirne. Dúirt mé liom féin go mbuailfinn isteach go dtí an leabharlann i dTrá Lí go bhfeicfinn an mbeadh tada i nuachtáin Chiarraí na haimsire sin faoin scéal. Tá leabharlann mhaith ann go deimhin. Chonaic mé leabharlanna deasa i Meiriceá agus i gCeanada ach tá an leabharlann seo leagtha amach chomh feiliúnach le ceann ar bith acu. Bhí an tseirbhís dá réir; níorbh fhada go raibh mé suite os comhair microfilm agus mé ag léamh an phíosa seo a foilsíodh sa "Kerry Evening Post" ar an dara lá de mhí Iúil 1845:

Wreck of Galway Fishing Boats and Melancholy Loss of Life

*On Saturday morning two hookers escaped into Ventry harbour in distress having being driven round from the Galway coast by the gale of the preceding day. They gave a melancholy account of the effects of the storm. When it sprang up they were off their own coast, out of sight of land, fishing, and having no compasses they did not know where they were driven to. Six hookers were in company, four of whom foundered from the violence of the storm, but the two that stood out the storm succeeded in saving the crews of the others with the exception of three men –the captain, helmsman and a boy belonging to the Diana who were unfortunately lost. Thirty four men were in the two hookers that escaped. They are all from the neighbourhood of Clifden and Roundstone.*

*Lieutenant Clifford, R.M., with his usual energetic and practical benevolence, efficiently assisted by Mrs. Captain Eagar, made a collection in Dingle for those poor wrecked fishermen.. Mr. Clifford was enabled to send 23 of them early on Sunday morning, on cars, time enough to meet the Tarbert gingles in Tralee, giving them sufficient money to defray their expenses to Galway. Eleven men remain on board the hookers at Ventry to carry them home as soon as the weather moderates.*

# Adhmad Teo.

Casla, Conamara, Co. na Gaillimhe.

**KITCHEN UNITS • CÓFRAÍ**

***Troscán de chineálacha eile***
***Togha na hoibre***

**Fón : 091-572290**

**Rath agus séan agus aoibhneas na Nollag oraibh uilig – Ón gComhairleoir Contae Seán Ó Tuairisg, Áine agus a gclann.**



**Déan teagbháil liom am ar bith de ló no d'oíche in Indreabhán.**
**Teileafón: 091-593084 no 086-3864179.**

# Ionad Oideachas Pobail Iorras Aithneach

**Seanscoil Ghlinsce**




Bíonn Cúrsaí Caitheamh Aimsire ar fáil i rith na bliana, chun eolas a fháil faoi cúrsaí i 2012....

**Déan Teagmháil ag:**
**Ghlinsce: 095-32714**
**Caiseal: 095-31052**

**scoilghlinsce@eircom.net**

# Lough Inagh Lodge Hotel









**Recess, Connemara, Co. Galway, Ireland**
**Tel: 095 34706 Fax: 095 34708**
**email: inagh@iol.ie**

**http://www.loughinaghlodgehotel.ie/**




# The Clifden Furniture Store



**Hulk Street, Clifden, Co. Galway**
**info@clifdenfurniture.ie**
**095-21600 087-9174838**



**Contact: Tom Conneely**
FREE DELIVERY

*Years of Experience and Excellence*



| Kitchen and Dining | Bedroom | Sitting Room | Office | Electrical |
|---|---|---|---|---|

*Nollag Shona agus go n-éirí an bhliain nua libh uilig*



**COMHAR CREIDMHEASA** **CREDIT UNION LTD**

**CAISEAL CONAMARA** **CASHEL-CONNEMARA**

IRELAND

## TEACH AN ÚDARÁIS
## CARNA

### AMANTA OSCAILTE
**4pm to 7pm**
**DÉARDAOIN**

TEILEAFÓN
AN CAISEAL 095-31128
AN CLOCHÁN 095-21101
IASACHT UAIT?
FÁN GAR GO BHAILE LEIS AN gCOMHAR CREIDMHEASA

## Óstán Chuan Charna

Carna Bay Hotel, Carna, Connemara, Co. Galway, Ireland



Óstán 3★ & Restaurant Bar Food

**Proprietors: Cloherty Family**

Imeachtaí ar fad ar fáil go háitiúil

All readily available locally

**Fón 095 32255, Faics 095 32530**

**Ríomhphost carnabay@iol.ie www.iol.ie/~ carnabay**

# Tígh Chlarke

## Ros Muc





**091-574152**
**087-2569910**

**Bar agus Siopa**
**Sochraideacha/Teach Torramh**
**Gainimh • Clocha • Ábhar Tógála**

# Scoil Phobail Mhic Dara– Carna

*Guíonn foireann Scoil Phobail Mhic Dara beannachtaí na Nollag agus na hathbhliana ar an bpobal uilig.*

**Uimhir teileafóin: 095-32245**
**spmd@eircom.net**

# Teach Ghlinnsge

**Bar/Restaurant and craftshop**



*Nollag Shona do gach duine*

**Ó Mhuintir Chlochartaigh**
**Fón: 095-32846/32279**

# Eileen Mannion – Comhairleoir Contae



An Clochán, Conamara.

Teileafón: 087-9555645

Tabharfaidh mé gach cabhair is féidir do mhuintir Iorras Aithneach agus Chonamara.

*Nollaig mhaith dhibh uilig*

# Teach Altranais Charna

## *Nursing Home*

**Carna, Conamara, Co na Gaillimhe. Teileafón: 095-32854/32855.**



***Compóird agus aire don chéad scoth.***
***Suite ar chiúmhais na mara.***

STIÚRTHÓIRÍ:
**Dr Micheál Ó Cathasaigh,** M.B., B.Ch., B.A.O., D. Ch., R.C.O.G., D.G.M.,
D.Obs, M.R.C.G.P., M.I.C.G.P.,
Dip. Family Planning, Dip. Dermatology.
**Sally Uí Chathasaigh,** S.R.N.

***Email:***
***info@carnanursinghome.com***


***VHI, BUPA APPROVED***





Páraic agus Angela

**Tigh Leavy Bar**

Aird Mhóir







**Ceol & Craic**

**Pool & Darts**

***Comhghairdeachas leis an Irisleabhar agus Nollaig Shona***

# Tígh Dan O'Hara

**Lettershea, An Clochán, Conamara**

**Ionad Cuimhneacháin an Ghorta Mhóir.**

Léargas ar Éirinn na haimsire a caitheadh

Amharclann

Bialann

Lóistín

*Céad fáilte roimh Ghaeilgeoirí agus Coláistí Gaeilge.*

**Teileafón: 095-21246**




A small change can *make* a **big difference**

Have your personal circumstances changed recently?

DHKN
Life and Wealth

**Perhaps you have:**

- **moved house**
- **got married, separated or divorced**
- **changed career**
- **had a child**
- **changed your mortgage circumstances**
- **even just stopped smoking**

**Whatever it is, please let us know.**

Why? Because even the smallest change in your personal circumstances could make a big difference to the premiums you pay or affect any claim you might make in future.

**You can let us know, in complete confidence, of any change – big or small by contacting us**

DHKN Life & Wealth
Galway Financial Services Centre,
Moneenageisha Road,
Galway

Tel: +353 (91) 782027
Fax: +353 (91) 781316
Email: reception@dhkn.ie

DHKN Financial Services Ltd T/A DHKN Life and Wealth is regulated by the Central Bank of Ireland.

## Cló Iar-Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 cic@iol.ie www.cic.ie




### I gCÓNGAR I gCÉIN

Pádraig Standún

Is i Veinéis na hIodáile atá an t-úrscéal corraitheach seo suite. Castar beirt Éireannach ar a chéile i dtimpeallacht rómánsúil, chultúrtha. Léiríonn Pádraig Standún an grá, an fuath, an pholaitíocht agus an foréigean, i measc téamaí eile. Coinneoidh an scéal an léitheoir ar bís ó thús go deireadh.


### DEARBHÁIN NOLLAG




Ceannaigh dearbhán Nollag le tabhairt mar bhronntanas do chairde nó do ghaolta. Is féidir na dearbháin seo a úsáid le linn Shladmhargadh na Nollag.

***Sladmhargadh na Nollag***
ar siúl ón Luan 28 Samhain go hAoine 23 Nollaig

Leabhair CIC – lascaine 50%; CDs CIC @ €10;
gach rud eile sa siopa – lascaine suas le 25%



**December Offers**

**Complete Specs from €69 plus 2 pairs from €99 and free Contact lens Trial.**

Medical Cards and PRSI Welcome. Eye Exams €35.

Ailbhe Ní Ráighne F.A.O.I.
Bridge St. | Clifden | tel: 095-30995
email: niraighneopticians@eircom.net

Ní Ráighne Opticians

**Stockist of:**

- **Gucci**
- **Armani**
- **Fendi**
- **Tommy Hilfiger**
- **Maui Jims.**

**Open Mon to Fri 10am to 6pm and Sat 10am to 4pm**

## Siopa Tigh Mhoráin

**Marian Lydon**
**Tel: 09532987**





Earraí Grósaera
Gual, Briquettes
Gais agus Beatha Beithíoch

**Ón siopa díreach go dtí do dhoras**
**Oscailte ó 8:30 – 9:00**
**7 lá na seachtaine**

Thoughtful things for your Home.

## Lydon's – Carpets and Flooring.

## Moycullen.

Large selection of carpets, vinyls, semi solid and laminated Floors.

Fitting and delivery available.
Compórd agus teolaíocht sna carpets seo!

**Fón: 091 - 555962**
**lydonscarpets@gmail.com**

Síos go básta sna carpets!

## Ann Dowd
## Gruagaire



**Unisex Hairdressing**
**Carna**
**Conamara**
**Co. na Gaillimhe.**
**095-32277**

## "Sonas"

**B&B/Teach Loistín**

**Míle Fáilte Anseo**

*Nollaig Mhaith Dhibh Uilig*

# Cogaslann Agatha

## Poitigéir Teaghlaigh Áitiúil

**Agatha Bn Uí Mhisteil**
An Cheathrú Rua, Co. Na Gaillimhe
**Fón:** 091 595 168   Fax. 091 595154
cogaslannagatha@gmail.com

**Carna, Co. Na Gaillimhe**
**Fón: 095 32680**

Comhairle Poitigéara
Pharmacist Advice

Oidis
Prescriptions

Áilleacht & Íocshláinte
Health & Beauty


CARLOS
WINDOWS & DOORS
High quality supply, installation and repair of windows, doors and conservatories by skilled Irish craftsmen
www.carloswindows.com
Tel: 087 798 1488


Gannon
SPORTS
ROXY
HELLY HANSEN
MERRELL
NIKE
adidas
asics
SPEEDO
ellesse
Stocking all local clubs merchandise. Please contact shop for further information.
Connemara's
Complete Sports Store
The Square, Clifden, Co. Galway.
Tel: (095) 22268
E-Mail: gannonsports@gmail.com

# Ón Ollscoil don Astráil ...
# agus as Carna go Cluain Dolcáin



Ag baint solamair as an saol san Astráil anois...
*ó chlé* - Bróna Ní Chuinneáin as Leitir Ard (cailín na céime Ollscoile) agus Laura Ní Dhonnchadha as Cill Chiaráin.



Bróna Ní Chuinneáin agus céim BA fáighte aici in Ollscoil na hÉireann Gaillimh.




Ríona Ní Tháibhís as Carna sa gcéad bhliain i gColáiste Chillian i gCluain Dolcáin i mBaile Átha Cliath.

# Foireann Connemara Gaels i mBoston....1961



Pádraig Ó Loideáin as Roisín na Mainíoch ar chlé sa líne cúil, an fear a bhfuil an cóta bán air.....duine de bhunaitheoirí an Chumainn 50 bliain go ham seo.



**Cóil Ó Gaora, Leitir Deisceart - athair Val Chóil Ó Gaora**

# Ócáidí



**Bainis 11- 11-11.**

Ag baint taithnimh as Bainis 11-11-11 nuair a phós Christina Ní Chormaic agus Pádraig Seoige. Chun tosaigh ó chlé: Ann Dowd (Carna), Susan uí Chatháin (Gabhla), Máirtín Ó Catháin (Gabhla), Bernie Ní Shúilleabháin (Glinsce).
Ar gcúl: Máire Ní Uaithnín uí Ghríofa (Maoinis), Ellen Loftus (Caladh bhFuinnse), Caitlín Ní Chualáin (Duibhithir) agus Máirtín Ó Gríofa (Maoinis).



Éamon Ó Cualáin ar chlé agus a dheartháir Seán Ó Cualáin ar dheis – stiúrthóirí an chomhlachta cláracha teilifíse Sónta Teo. Hector Mac Eochagáin sa lár. Bhuaigh Sónta Teo an phríomh dhuais Oireachtais sa rannóg teilífíse anuraidh agus tá siad i mbun réimse mór oibre ón lárionad atá acu i gCill Chiaráin. Tá cúigear ag obair go lán-aimseartha faoi láthair agus roinnt eile go páirt aimseartha.




**Christina Ní Chormaic as Muighros agus Pádraig Seoige as Leitir Seana, an Caiseal a phós i dTeach an Phobail i gCarna ar an 11-11-2011.**

# Bainis 11/11/11... Carna.



*Christina Nic Cormaic tagtha go Teach an Phobail i gCarna ar ócáid a pósta le Páraic Seoige ar an 11-11-2011.*

# Mná na Mara



Chun tosaigh ó chlé: Aleannah McInerney, Sarah Ní Mhaoilchiaráin, Brenda Ní Mhaoilchiaráin, Marian Bhreathnach.
Ar gcúl agus ó chlé: Anna Nic Dhonncha, Stephanie Nic Dhonncha, Sarah Ní Cheanneabháin, Pádraig Ó Ceanneabháin (Coachálaí), Nóirín Bhreathnach, Niamh Ní Chonghaile

**Foireann Tarraingt Téide Chill Chiaráin -"Mná na Mara"- Urraithe ag Arramara Teo.**


Nollaig Gheal
Séipéal Charna - Nollaig 2010
Pic le; Bernadette Ui Mhaoilchiaráin